

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo



Córas le do chuntas
a sheiceáil ar-líne ag
www.cccholmcille.ie

Cárta ATM

lasachtaí clúdaithe ag 5%

≡ **RAA** Ríomhaistriú Airgid **EFT** ≡

BIC & IBAN • Córas ar-líne

Dochar Díreach • Cárta Dochar

Uaireanta Oscailte

An Cnoc

Luan, Máirt 10.30-4.00

Déardaoín, Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 9.30 – 2.30

Dúnta don lón ón

1.45 – 2.30 Luan go hAoine

An Cheathrú Rua

Déardaoín 10.30 – 5.00

Aoine 10.30 – 5.00

Satharn 10.30 – 2.30

Dúnta don lón ón

2.00 – 2.45 Déardaoín go hAoine

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccteo@eircom.net

Teil: (091) 869915 – oifig na Ceathrún Rua | nó tuilleadh eolais le fáil ar 

Biseach 2016



Caoga Bliain ó Shin

Taobh Istigh: Cumann Forbartha 50 Bliain, Agallamh leis an Aire Stáit Seán Kyne, Blácaigh na Tulaí, Éirí Amach 1916, Scil na Scríbhneoireachta agus a lán eile.

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

€5

Gaeilge.ie



GEATA CHUN NA GAEILGE
GATEWAY TO THE IRISH LANGUAGE

 Foras na Gaeilge

BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · GAOTH DOBHAIR

www.forasnagaeilge.ie



Ag cosaint cearta teanga

www.coimisineir.ie



An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga,
An Spidéal, Gaillimh, Éire.

Fón: 091 504 006 / 1890 504 006

Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie

 [@ceartateanga](https://twitter.com/ceartateanga)

Biseach 2016

Eagarfhocal

Soláthar Oideachais Iarbhunscoile i gCois Fharraige

Dhá bhliain ó shin cuireadh tús le staidéar maidir le soláthar oideachais iarbhunscoile i gceantar Chois Fharraige, féachaint an bhféadfaí an dá scoil iarbhunoidéachais sa gceantar – Coláiste Chroí Mhuire ar an Spidéal agus Coláiste Cholmcille in Indreabhán – a chomhnascadh. Cuireadh deireadh tobann leis an próiseas i Márta 2015 nuair a fógraíodh gur léirigh taighde na Roinne Oideachais ‘go mbeidh gá leis an dá scoil a choimeád agus a fhorbairt’ mar ‘go bhfuil fás suntasach le teacht ar líon na scoláirí sa cheantar go dtí 2026’.

Níl aon bhunús leis an gcúis a tugadh deireadh a chur leis an bpróiseas comhnasctha. Tá an dá iarbhunscoil i gCois Fharraige ag braith go príomha ar dhaltai a fháil ón gceantar idir an Spidéal agus Ros an Mhíl agus de réir staitisticí na Roinne Oideachais tá laghdú le theacht ar líon na ndaltai bunscoile sna scoileanna sin idir seo agus 2018/19. Tá dul amú ar an Roinn Oideachais má cheaptar go bhfuil ‘fás suntasach’ le theacht ar líon na scoláirí iarbhunscoile i gCois Fharraige. A mhalairt atá ag tarlú. Anuraidh (2015) idir an dá scoil iarbhunoidéachais i gCois Fharraige bhí 414 dalta ar an rolla, i gcomparáid le 370 i mbliana. Tá níos mó tuismitheoirí ag roghnú Choláiste na Coiribe chomh maith le scoileanna eile i nGaillimh thar an dá iarbhunscoil áitiúla. Is deacair locht a fháil orthu. Níl comparáid ar bith idir na háiseanna atá i gColáiste na Coiribe agus na háiseanna atá ar fáil do dhaltai Chois Fharraige sa dá scoil áitiúla. Is féidir le scoil mhór rogha maith ábhar a thairiscint, rud nach féidir le scoil bheag a dhéanamh. Bíonn Coláiste na Coiribe, atá faoin GRETB, ag stocaireacht sna bunscoileanna i gCois Fharraige ag iarraidh daltaí a mhealladh amach as an gceantar, cé go bhfuil Coláiste Cholmcille faoin GRETB céanna!

Tá Plean Teanga beagnach réitithe do cheantar Cois Fharraige. Ní cúnamh ar bith don fhís sa bPlean Teanga go mbeadh sciar mhór de dhaltai Chois Fharraige ag fáil a gcuid oideachais iarbhunscoile i nGaillimh. Ní hamháin go lagaíonn sé an ceangal atá ag na daltaí lena n-áit dúchais ach lagaíonn sé an dá scoil freisin.

Creideann Cumann Forbartha Chois Fharraige go bhfuil daltaí agus tuismitheoirí i gCois Fharraige i dteideal scoil iarbhunoidéachais den céad ghrád ar aon dul le Coláiste na Coiribe agus gurb é an bealach le sin a bhaint amach ná an dá scoil bheaga atá ann faoi láthair a chomhnascadh agus scoil amháin a bheith ann a fhéadfaidh freastal ar 500 dalta, ina mbeadh áiseanna den chéad scoth agus rogha leathan ábhar agus leibhéal ar fáil. Ba bhreá linn tuairimí an phobail a fháil faoin gceist.

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Pictiúr ar an gelúdach - Scoil Sailearna 1966

© Cóipcheart ag údair na saothar ambáin

Clóbbhuailte ag Clódóirí CL, Casla. www.clprint.ie

An Clár

Ábhar	Lch.
Cumann Forbartha Chois Fharraige	3
Comhrá leis an Aire Stáit Kyne	7
Blácaigh na Tuláí	11
Ceird an Fhocail	21
Muintir Mhic Phiarais	26
Ceol agus Ceoltóirí Chois Fharraige	28
Oíche Cheiliúrtha Johnny	32
Mícheál Ó Droighneáin	35
Mo Bheirt Sheanuncailí agus 1916	38
Pádraig Ó Donnghaile	40
Sleachta as Léacht Uí Chadhain	43
Máirín na mBreathnaigh	44
Craobh Mionúir Peile na Gaillimhe 1976	46
Maureen ‘Little Mo’ Connolly	48
Dúnmharuithe Mhám Trasna	50
Sa Bhearna Bhaoil	52
Poitín Mhicil	54
Yanks le Gaeilge	56
Padraic Aniar agus Nótaí Eile	58
Mallacht na Baintrí	60
Roinnt Saothar ó Choláiste Cholmcille	66
Foirne	68
Boscaí na Gaeltachta san Olltoghchán 2016	72

Focal Buíochais

Tá míle buíochas dlite don uile dhuine a chuidigh leis an eagrán seo den iris Biseach a thabhairt chun críche: Donncha Ó hÉallaithe agus an Coiste Eagarthóireachta a bhailigh an t-ábhar, do Sarah Ní Chonghaile a bhailigh agus a chóirigh na seanphictiúir, Conall Ó Murchadha agus Tom Hunter as Clódóirí CL a rinne an obair dheartha agus an leagan amach, Clódóirí CL féin a rinne an clóbbhuailte, chuile dhream a thug fógraíocht dúinn, an Roinn Ealaíon Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a thug cabhair dheontais agus chuile dhuine a thug ábhar agus pictiúir go flaithiúil agus go deonach. Ní bheadh an iris ann gan sibh.

Seosamh Ó Braonáin, Eagarthóir



An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs

Foilsithe le cabhair ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta



Tigh Dhurcáin

OLLMHARGADH & OIFIG AN PHOIST
An Tulaigh, Baile na hAbhann,
Co. na Gaillimhe.

AN POITÍN STIL

Tigh Phádraig 7 Sailí Mhic an Iomaire
Lochán Beag, Indreabhán



Bia le fáil do gach cineál ócáid.

Fón (091) 593590
Fón Póca (087) 9213795

Muintir Mhic an Iomaire *Seirbhís Iomlán Sochraide*

Glaigh ar Phádraig nó lá



Pádraig (091) 572974
(091) 551127

Fón Póca (087) 9213795
Joseph (087) 9173279

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Peadar Mac an Iomaire

IMárta na bliana 1966 a bunaíodh an Cumann Forbartha, cúpla seachtain roimh chomóradh Ileathchhead bliain Éirí Amach na Cásca. Bhí an pobal i gCois Fharraige an t-am sin in ísle brí ag an eisimirce mar gur beag deis mhaireachtála a bhí ar fáil san áit. Ní raibh aon fhorás ar thurasóireacht agus cé gur breathnaíodh ar an nGaeilge go náisiúnta mar acmhainn nádúrtha, ní fhaca siad siúd í a raibh sé de nós acu í a iompar leo ó ghlúin go glúin ach mar bhac cumarsáide orthu sna háiteanna a raibh orthu a dhul le greim a mbéil a shaothrú dóibh féin agus dá gcúram.

Ní raibh deis ag buachaillí cúrsa na hArdteiste a fháil ina gceantar féin. Go deimhin bhí an córas oideachais meánscoile ag tarraingt buachaillí óga amach as an nGaeltacht agus gan aon fholúntas ar fáil dóibh ag baile faoin am a mbeadh a gcuid cáilíochtaí oideachais faighte acu. Go leor de na daoine nach raibh ag dul i muinín na heisimirce, bhíodar ag glacadh leis an mbochtaineacht mar an t-aon rogha a bhí in ann dóibh ar an saol seo.

Is leor sin lena thuiscint go raibh sé deacair go leor ceannródaíocht áitiúil a thabhairt le forás a chur ar an bpobal seo. Tar éis an phaidrín oíche Domhnaigh i mí Feabhra bhí triúr a bhí anois ina gcónaí san áit, ach nach mba de bhunú na háite iad, ag caint le chéile faoi céard a d'fhéadfaí a dhéanamh le spiorad agus dul chun cinn a chur sa gceantar. B'iad sin an Sáirsint de hÓir, Seán Ó Srutháin agus an



An tAth Seán de Bláca, Uachtarán an chéad choiste a bhí ar Chumann Forbartha Chois Fharraige






tAthair Seán de Bláca. Dúirt Seán Ó Srutháin sa gcomhrá sin gur *Cumann Tráchtála* a theastaigh san áit le tús a chur le fostaíocht agus le forás pobail. An Domhnach dár gcionn rinne an tAth. Seán de Bláca fógra ón altóir go mbeadh cruinniú sa séipéal tar éis an phaidrín an 6ú Márta 1966 le haghaidh Cumann Forbartha a bhunú sa bparóiste.

I measc na ndaoine a bhí ag an gcruinniú sin sa séipéal an tráthnóna Domhnaigh sin bhí an tAth. Seán de Bláca féin, Seán Ó Mainnín, Príomhoide na Gairmscoile; Pádraig Mac an Rí, siopadóir; Seán Tuohy, máistir poist agus siopadóir; Peadar Mac an Iomaire, An Bóthar Buí; Seán Ó Tuairisg, An Lochán Beag; Tomás Ó Maoileoin as Cor na Rón; Pádraicín Chóil Ó Fátharta as an Teach Mór; Paddy Costello as an Lochán Beag; Meáirt Churraoin agus Maidhc Cheannabháin as na hAille; Seán Ó Srutháin as an gCathair; Peadar Ó Loideáin as an bPúirín; Colm Ó Céidigh as Sáile Chuanna agus Tadhg Ó Curraidhín as an gCnocán Glas. Tar éis roinnt díospóireachta, socraíodh go mbeadh an chéad chruinniú ag an gCoiste nua seo ar an gCéadaoin dár gcionn, an 9ú Márta i Seanscoil Sailearna agus go dtoghfaí oifigigh don Choiste ag an gcruinniú sin chomh maith le clár oibre a leagan amach.

Ní raibh sé soiléar de chuid againn ag an am nach dtagann daoine go héasca chuig cruinnithe poiblí mura bhfuil roinnt stocaireachta déanta roimh ré le iad a mhealladh ann. Is cinnte go raibh sin déanta ag an Ath. de Bláca mar go raibh múinteoirí, lucht gnó, feilméaraí, iascairí, fir ceirde agus daoine óga tugtha le chéile aige leis an gCumann Forbartha a bhunú. Thuig sé freisin nach mórán a bhí le cois ag daoine óga an cheantair a bhíodh gníomhach le hoibreacha pobail tráthnóntaí agus oícheanta i gcaitheamh na seachtaine. Ba mhinic leis muid a thabhairt leis ina charr chuig cluichí i bPáirc an Chrócaigh agus an bealach isteach a íoc dúinn. D'íocadh sé freisin as béile breá dúinn ar an mbealach abhaile. Ba bhlianta ina dhiaidh sin a thuig muid go raibh sé ag úsáid na n-ócáidí a thaitnigh thar cionn linn le smaointe agus fealsúnacht na forbartha pobail a chur ag snámh in intinneacha óga.

Bhí bunú an Chumann Forbartha thar a bheith tábhachtach do cheantar an Chnoic ag an am mar ní raibh aon fhonn ar chuid den phobal ceannródaíthe a aithint ná

HORRID HENRY (AS GAEILGE) ar fáil Samhain 2016



Seans gur chuala tú faoin mbuachaill dána sin Horrid Henry. Anois tá sé in am aithne a chur ar Dhónall Dána, mar atá baiste ar Horrid Henry sa leagan Gaeilge den tsraith cáiliúil le Francesca Simon.

Aistriú go Gaeilge bhreá nádúrtha ag Gormfhlaith Ní Thuairisg, Máirín Ní Ghadhra, Marion Ní Shúilleabháin and Caitlín Ní Chualáin, foilseoidh Cló Iar-Chonnacht cúig leabhar sa tsraith Horrid Henry i mbliana agus cúig cinn eile i 2017.

Ar fáil ó Chló Iar-Chonnacht; ar an suíomh www.cic.ie nó ó shiopaí leabhar ar fud na tíre.



Cló Iar-Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: 091 593307 Facs: 091 593362 eolas@cic.ie www.cic.ie



FIANNA Fáil
THE REPUBLICAN PARTY

Éamon Ó Cuív T.D.

Oifig Dáilcheantair, Teach Kirwin, Sráid Tobar an Iarla, Gaillimh
Constituency Office, Kirwin House, Flood St. Galway

Fón/Ph: 091-562846 / Facs/Fax: 091-562844

Rphost/ Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie

www.eamonocuiv.ie

Facebook/Twitter

tacú leo go hoscailte ar aon nós. An té a chuirfeadh a chloigeann i mbarr uisce níor mhór dó an-mhisneach a bheith aige/aici le bheith in ann seasamh ar a c(h)osa féin agus seasamh leis na rudaí ar chreid sé nó sí iontu. B'shin an fáth gur daoine ón taobh amuigh agus daoine ón taobh istigh i bpáirt le chéile a chuir bunsraith láidir faoin fhorbairt pobail i gCois Fharraige ag tráth a raibh sé sin ag teastáil go géar.

Chuir an Cumann Forbartha roimhe:-

- Tógáil ar na hacmhainní a bhí ag an bpobal agus cur leo;
- Breathnú romhainn agus oibriú i bpáirt le chéile; agus
- An pobal a dhéanamh níos uaillmhianaí.

An rud ba shuntasáí a tháinig as bunú an Chumann Forbartha ab ea spiorad phobail as ar fhás:-

- Athbhunú Chumann Peile Mhícheál Breathnach, páirc imeartha agus pinniúr liathróid láimhe;
- Sleamhnán do na hiascairí ar an Lochán Beag;
- Grúpscéim uisce do 350 teach;
- Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta;
- Dhá Chomharchumann agus Comhar Creidmheasa;
- Dhá eastáit tionscail;
- Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara as ar fhás feachtas d'Údarás Gaeltachta ón mbun aníos;
- Feachtas leis an Ardteist a fháil do Choláiste Cholmcille;
- Raidió na Gaeltachta agus Teilifís na Gaeltachta;
- Tearmann Ainnín agus Éanna;
- An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh; agus
- Ollscolaíocht Ghaeltachta.

Chuir an Cumann Forbartha a chéad chlár oibre le chéile ar an 9ú Márta a thús agus a bhí oifigigh an choiste tofa. B'iad sin:-

- An tAth. Seán De Bláca Uachtarán
- Seán Ó Mainnín Cathaoirleach
- Pádraic Mac an Rí Leasathaoirleach

- Peadar Mac an Iomaire Rúnaí
- Seán Touhy Cisteoir

Ar chlár oibre an Chumann Forbartha a haontaíodh an oíche sin bhí:-

- Forbairt na turasóireachta;
- Céibh a thógáil sa gceantar;
- Bóthar na Reilige a dheisiú agus bóithre portaigh agus cladaigh eile a dheisiú chomh maith;
- Obair gheimhridh a sholáthar do mhuintir na háite;
- Uisce reatha a fháil don cheantar;
- Iascaireacht farraige agus locha a fhorbairt;
- Monarcha a fháil don áit;
- Páirc peile agus pinniúr liathróid láimhe a chur ar fáil;
- Feabhsú talún agus cur chrainte a scrúdú;
- Portaigh a chur ar fáil;
- Soilse poiblí, teora luais; agus
- Leabharlann.

Bhí an lagmhisneach a bhí ag snámh in intinn na ndaoine agus i measc an phobail sa gceantar le mothú ag na cruinnithe coiste i dtosach. Bhí fonn dul chun cinn ar na siopadóirí agus ar an lucht oideachais ar an gcoiste ach mhothaigh cuid acu go raibh na daoine óga a bhí ar an gcoiste díograiseach ach ar bheagán taithí ar an saol agus ró-uaillmhianach sa méid a bhíodar ag iarraidh a bhaint amach. Bhí beagán ar an gcoiste a chreid gur beag a d'fhéadfaí a dhéanamh agus go raibh sé fánach ag eagraíocht mar an Cumann Forbartha a bheith ag ceapadh go bhféadfadh siad athruithe móra a dhéanamh. Má bhí sin le déanamh is iad na cumainn áitiúla polaitiúla a dhéanfadh é, dár le roinnt daoine. Amantaí bhíodh sáiteoga á gcaitheamh ag cruinnithe, mar shampla, ag deireadh cruinnithe déarfadh duine “b'fhéidir go mbeadh cúpla litir tagtha roimh an gcéad chruinniú eile” nó nuair a bheadh caint ar mhonarcha a thógáil san áit déarfadh duine eile mar mhagadh “céard faoi *factory jam* a dhéanamh!” Mar a tharlaíonn, tá monarcha suibhe ag cur fostaíocht mhór ar fáil i mBaile Bhuirne faoi láthair. Is cinnte go raibh an tAth. de



Bealach nua bainte móna

Bláca ag caint le baill éagsúla an Choiste idir na cruinnithe agus á dtreorú trí chomhrá i dtreo a bheith chomh huaillmhianach agus ab fhéidir faoina raibh ar chumas an Chumann Forbartha a bhaint amach. I mí Dheireadh Fómhair cuireadh na daoine seo leis an gCoiste:- Seán Ó Conghaile, Battie Joe Shéamuis Ó Fátharta agus Pádraic Willie Ó Fátharta as na hAille, Cóil Phaidí Mac Diarmada as an Lochán Beag agus Peadar Thaidhg Gabha Ó Conghaile as an gCathair.

Le tógáil an tsleamhnáin ar an Lochán Beag, b'fhacthas gurbh fhéidir leis an gCumann difríocht a dhéanamh. Rinneadh socrú leis an Leabharlann i nGaillimh leabhair a chur ar fáil sa scoil agus tháinig an Leabharlann taistil thart go rialta. Chuidigh athbhunú Chumann Peile Mhícheál Breathnach go mór le spiorad pobail a chur chun cinn. Bhí éifeacht ag díospóireacht agus ag ar baineadh amach trí obair an Chumann Forbartha ar an bpobal i gCois Fharraige. Ba é

an Cumann Forbartha a thug ceannródaíocht le Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara a bhunú a bhí mar bhunús le láidriú an fheachtais le hÚdarás Gaeltachta a chur chun cinn ón mbun aníos i ngach ceantar séipéil.

Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta

Níl aon amhras nach raibh an-éifeacht ag an gcrúinniú a bhí i Seanscoil an Chnoic ar an 21ú Márta 1969 ag ar bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Chuir sé sin agus an feachtas toghchánaíocht i 1969 deireadh leis an dearcadh siniciúil, drochmheasúil, a bhí ag roinnt daoine ar fhorbairt phobail i gCois Fharraige. Chuir sin tús le pobal Chois Fharraige agus pobail eile ar fud na Gaeltachta a bheith muiníneach astu féin agus an creideamh ag fás ina measc gur ar scáth a chéile a chuirfeadh siad iad féin agus a chéile chun cinn.

Trí Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus trí

Chomhchoiste Ghaeltacht Chonamara, cuireadh gluaiseacht le cearta teanga agus cearta pobail a éileamh in aithne do phobail Ghaeltachta ó cheann ceann na tíre. Chuidigh obair an Chumann Forbartha sa nGaeltacht, agus a dtáinig as, le misneach a thabhairt do phobal labhartha na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht agus i nGaeltacht na hAlban chomh maith. Thar aon rud eile, na héilimh éagsúla a rinne eagraíochtaí a d'fhás as Cumann Forbartha Chois Fharraige, tuigeadh gur acmhainn nádúrtha agus náisiúnta an Ghaeltacht agus gur féidir le tionscail na teanga fostaíocht den scoth a chur ar fáil agus gur féidir leis an bhfostaíocht sin pobal na Gaeltachta a neartú agus a leathnú.

Cé go raibh tacaíocht Stáit le fáil do roinnt mhaith gníomhaíochtaí de chuid na forbartha sa nGaeltacht, fós féin tuigean pobal na Gaeltachta gurb é an Stát an fórsa galldachais is mó ar phobal na Gaeltachta agus is mór atá le déanamh le go n-éireoidh leis an Dáil agus leis an gcóras Stáit an laige uafásach seo atá mar bhagairt ar na prionsabail a thug laochra 1916 a saol ar a son, a bheith á séanadh ar an nGaeltacht ag an Stát a tháinig ar an saol de bharr a gcuid iarrachtaí. ○

TG 4 Aon áit, Aon uair,
Ar fud an Domhain

tg4.tv iPad App SmartTV App

Bí ag comhrá linn: @TG4tv | @TG4tv

Comhrá leis an Aire Stáit, Seán Kyne T.D.

Donncha Ó hÉallaithe

Idtús mhí Lúnasa chasas leis an Aire Stáit nuacheaptha, an Teachta Dála Seán Kyne, ina loifig ar Bhóthair an tSléibhe, Maigh Chuilinn agus chaitheas uair an chloig ag comhrá leis faoi féin, faoi na cúramaí atá air mar Aire Stáit agus faoin méid atá sé ag iarraidh a bhaint amach agus é i gceannas ar Roinn na Gaeltachta. Ní fear é Seán Kyne a mbíonn aon ghaisce ar bun aige. Labhraíonn sé go stuama agus le bheith féarálte dhó freagraíonn sé ceistanna a sheachnódh go leor polaiteoirí eile.

A Chúlra

Thosaigh mé ag caint leis faoina chúlra polaitiúil. Dúirt sé liom gur tógadh é i dteaghlach a bhí báúil le Fine Gael agus go raibh spéis aige féin sa bpolaitíocht ó bhí sé ina leaid óg. “Bhí cúlra Fine Gael ag mo athair. Chuaigh sé amach ag canbhasáil do Phádraig McCormack agus John Mannion. Bhí sé cairdiúil le John Mannion ón gClochán. Bhíodh na póstaerí crochta taobh amuigh den teach, póstaerí Garret Fitzgerald agus Alan Dukes. Bhíodh sé de nós agam féin breathnú ar cláracha polaitíochta ar an teilifís, ar nós *Today Tonight* agus *Questions and Answers*, nuair a bhí mé im dhéagóir.”

Tháinig Seán Kyne chun cinn mar pholaiteoir nuair a toghadh é ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa mbliain 2004 le 864 vóta. Chruthaigh sé go maith ar an gComhairle Chontae. Sna toghcháin áitiúla i 2009 mhéadaigh a vóta go dtí 1,924 agus toghadh é ar an darna cuntas. Roghnaíodh é le seasamh d’Fhine Gael san olltoghchán i 2011 agus d’éirigh leis suíochán a fháil. Fágadh é ar na cúlbhinsí an fhad is a mhair an rialtas.

Cé go bhfuair sé a chuid bunoidreachais i Maigh Chuilinn, i scoil Gaeltachta, ní raibh a dhóthain Gaeilge ag Seán Kyne le dul ar Raidió na Gaeltachta nuair a toghadh é i dtosach ar an gComhairle Contae i 2004, laigeacht a admhaíonn sé féin. Ach faoin olltoghchán i 2011 bhí an scéal sin curtha ina cheart aige agus, cé nach bhfuil sé líofa go hiomlán fós, cloistear go minic é ar RnaG anois agus é in ann a chuid pointí a dhéanamh. Tá moladh tuillte aige as an méid sin.

Nuair a d’éirigh Dinny McGinley as mar Aire Stáit Gaeltachta dhá bhliain ó shin, shíl go leor go gceapfaí Seán Kyne ina áit os rud é go rud Gaeilge réasúnta aige faoin am sin. Ach ceapadh Joe McHugh, Teachta Dála as Dún na nGall gan mórán Gaeilge agus fágadh Seán Kyne ar na cúlbhinsí.

Le linn réimeas an chomhrialtais idir Fine Gael agus an Lucht Oibre, ó am go ham labhair Seán Kyne óna cúlbhinsí i mbealach nach raibh ag tíoct go hiomlán le leagan amach an rialtais. Ach, mar a dúirt sé liom san agallamh, caithfidh sé a bheith níos cúramaí anois.



An tAire Stáit Seán Kyne, TD, atá freagrach as Gnóthai Gaeltachta, ag oscailt Oireachtas Chois Fharraige na bliana seo

“Uaireanta ní bhíonn an intinn chéanna agam le chuile dhuine sa rialtas ach beidh mé in ann m’intinn a léiriú ag cruinniú den Pháirtí Parlaiminteach.”

Tá Roinn na Gaeltachta faoi chúram Sheán Kyne. D’fhiafraigh mé dhó céard a chiallaigh an Ghaeltacht dhó.

“Is áit é atá difriúil ón gcuid eile den tír, áit fíor-Ghaelach le teanga náisiúnta [á úsáid ann], le cultúr difriúil agus tá ról tábhachtach ag an stát ina láidriú.”

Polasaí Oideachais Gaeltachta

Nuair a d’fhiafraíos dhó an bhfuil aon smaointe nua aige le dul i ngleic le cruachas na Gaeilge sa Ghaeltacht, leag sé béim mhór ar chúrsaí oideachais agus dúirt sé gur chas sé leis an Aire Oideachais, Richard Bruton, an tseachtain roimhe sin leis an bPolasaí nua Oideachais don Ghaeltacht a phlé.

“Tá siad leis an bplean sin a fhoilsiú i gceann cúpla mí. Bhí mé ag iarraidh labhairt leis faoi [an pholasaí oideachais don Ghaeltacht] agus na pleananna atá aige faoi agus an méid airgid a bheadh ar fáil chun na moltaí a chur i bhfeidhm. An

Forbairt Pobal Teanga Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
T: 091 503100
F: 091 503101

www.udaras.ie
eolas@udaras.ie

Lean muid ar:



Údarás na Gaeltachta

Clódóirí CL Print

Casla & 091 506 597 info@clprint.ie www.clprint.ie
Maigh Cuilinn 091 556 493 clprintmoycullen@gmail.com

- Seastáin & Comharthaí Taobh Amuigh
- Clóbhualadh Trádálach • Dearadh Idirlín
- Seirbhís Sciobtha • Comharthaí • Táirgí PVC



córas oideachais do na múinteoirí an príomhrud: más rud é nach bhfuil chuile mhúinteoir líofa sa Ghaeltacht, cén seans a bheidh ag na páistí nach bhfuil aon Ghaeilge ag a dtuismitheoirí?”

B’shin tús Lúnasa. Níl an plean foilsithe fós ach á chur ar an méar fhada.

Ach an dtuigeann an tAire Oideachais, Richard Bruton an tábhacht a bhaineann leis an Polasaí Oideachais don Ghaeltacht?

“Bhuel sílim go dtuigeann ach b’fhéidir níos tábhachtaí ná sin, tá daoine sinsearach sa Roinn [Oideachais] a thuigeann cé chomh tábhachtach is atá sé.... Ach mar a deirtear agus mar a dúirt ceann de na hArd-Rúnaithe sa Roinn, is ‘Last Chance Saloon’ é seo. Más rud é nach ndéanann muid na rudaí seo, b’fhéidir go mbeidh deireadh leis an nGhaeltacht mar atá agus sin an fáth ar ullmhaigh muid an plean seo agus caithfimid é a chur i bhfeidhm. Ach le chuile rud teastaíonn airgead agus caithfimid an t-airgead sin a fháil.”

Dar le Seán Kyne, cosnóidh sé €6 nó €7 milliún in aghaidh na bliana an plean a chur i bhfeidhm céim ar chéim.

“Ó thaobh na múinteoirí de, caithfimid an próiseas earcaithe a shocrú agus b’fhéidir go gcaithfimid cead a fháil ó na ceardchumainn.”

An mbeidh na ceardchumainn mhúinteoireachta sásta glacadh le painéal de mhúinteoirí atá líofa sa Ghaeilge a chur le chéile, as a gcaithfí múinteoirí a roghnú do scoileanna sa Ghaeltacht?

Pleanáil Teanga

I bhfianaise go mbeidh trí nó ceithre cinn de na pleananna teanga réitithe roimh dheireadh na bliana, d’ardaíos an cheist leis an mó airgid a bheas ar fáil an chéad bhliain eile leis na pleananna sin a chur i bhfeidhm? Dúirt sé go mbraitheann sé ar na moltaí a bheas sna pleananna.

“Mar shampla, sa gCeathrú Rua, tá áiseanna acu ansin ó thaobh na teanga de, ó thaobh an phobail de. B’fhéidir nach dteastódh an méid céanna (infheistíocht) ansin is a theastódh sa Spidéal, áit a bhfuil fadhbanna ó thaobh áiseanna pobail.”

Thug sé le fios go mbeidh an t-airgead chun na pleananna a réiteach agus a chur i bhfeidhm “ag tíocht ó bhuiséad an Údaráis”.

“Phléigh muid é sin le Heather Humphreys, nuair a bhí sí sna Forbacha agus tá sé luaithe cheana féin go dteastaíonn níos mó airgid ón Údarás”.

Ní raibh an tAire Stáit in ann a dhearbhu go mbeadh a dhóthain airgid curtha ar fáil don Údarás le pleananna teanga a chur i bhfeidhm. An amhlaidh go mbeidh airgid á chur ar fáil an chéad bhliain eile le pleananna teanga a ullmhú do cheantair oifigiúla Gaeltachta nach bhfuil aon Gaeilge iontu arbh fhiú trácht air, agus nach mbeidh a dhóthain airgid sa chiste leis na pleananna teanga atá réitithe a chur i bhfeidhm? An amhlaidh go bhféadfaí a rá le Cois Fharraige, mar shampla, nach bhfuil aon airgead ann leis an bplean teanga atá réitithe agaibh a chur i bhfeidhm mar go bhfuil an t-airgead sa gciste idithe ag réiteach pleananna teanga i gCnoc na Cathrach, Tír Oileáin agus Baile Cláir na Gaillimhe?

Teorannacha na Gaeltachta

D’inis mé don Aire Stáit go raibh 16% de dhaonra na Gaeltachta oifigiúla, ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe, do réir an Daonáirimh is deireanaí a tógadh. Nach bhfuil sé in am deireadh a chur leis an gcur i gcéill seo, le go bhféadfaí pleanáil cheart a dhéanamh sna ceantair ina bhfuil an Gaeilge fós á úsáid.

“Bhuel, níl aon athrú ar na mapaí ó 1956 nuair a bunaíodh Roinn na Gaeltachta. Tá tú ceart ó thaobh an daonra de agus an méid daoine atá ina gcónaí i gCnoc na Cathrach agus in áiteacha mar Mhionlach, Tír Oileáin atá sa Ghaeltacht mar gheall go raibh talamh sa Ghaeltacht i 1956. Agus sin ceann de na fáthanna nach bhfuil mórán céille, im’ thuairim pearsanta, dul ar aghaidh le toghchán díreach d’Údarás [na Gaeltachta]. Tá sé ceart go leor ag Bearna, nó an Cheathrú Rua nó Cois Fharraige ach im’ thuairim níl mórán céille [vótaí a bheith ag daoine i gCnoc na Cathrach] cé go bhfuil siad sa Ghaeltacht....”

Mheabhraigh mé dhó gur caitheadh go leor airgid stáit ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (2007) le critéar a leagan do cheantar le haitheantas Gaeltachta.

“Seachas dul amach agus na mapaí a athrú agus Maigh Chuilinn, nó Bearna nó Eanach Cuain, nó Baile an Chláir a chur amach as an nGaeltacht, thug muid seans do na pobail seo plean a chur le chéile, infheistíocht a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus má dhiúltaíonn siad, bhuel sin é. Beidh orthu imeacht as an nGaeltacht.”

Ach nach é firinne an scéil nach bhfuil aon Ghaeilge in úsáid in Eanach Cuain ná i mBaile an Chláir, i measc an phobail?

“Gan na ceantair sórt laga (seo), ní bheadh sa Ghaeltacht ach daonra an-bheag”, an freagra a bhí aige.

Scéim Labhairt na Gaeilge

Tharraing mé aníos Scéim Labhairt na Gaeilge, ar tháinig deireadh léi i 2011. Dúradh ag an am go gcuirfí scéim eile fiúntach ina háit ach níor cuireadh. Chuireas ceist an mbeadh sé sásta féachaint an bhféadfaí scéim nua labhairt na Gaeilge a thionscnamh ar mhaithe leis an bpleanáil teanga?

“Bhuel caithfidh muid breathnú ar chuile rud. Tá daoine ag iarraidh scéim na mbóithre áise a thabhairt ar ais agus go mbeadh deontas le tithe a thógáil agus rudaí mar sin.”

Ach nuair a mheabhraigh mé dhó gur bhain Scéim Labhairt na Gaeilge go díreach leis an teanga ghéill sé beagáinín.

“Má chabhraíonn sé leis an Stráitéis [20 Bliain don Ghaeilge], chun an stráitéis a chur i bhfeidhm, caithfimid smaoineamh air” a dúirt sé, “agus sin é mo thuairim pearsanta”.

Scéimeanna Tithíochta

Mheabhraigh mé dhó go raibh go leor cumhachtaí ag a Roinn maidir le tithíocht sa Ghaeltacht, ach in ainneoin na gcumhachtaí sin a bheith ag a Roinn creideann an tAire Stáit gurb í an Chomhairle Chontae atá freagrach as tithíocht sa Ghaeltacht. Meabhraigh sé dom gurbh iad Fianna Fáil a chuir deireadh leis na scéimeanna tithíochta a bhíodh ag Roinn na Gaeltachta, a thug buntáiste do chainteoirí Gaeilge sa

Ghaeltacht.

“Faoi láthair níl pleananna againn iad a thabhairt ar ais” a dúirt sé liom.

Luaigh sé Clúid, an eagraíocht atá le go leor tithe sóisialta a chur ar fáil sa Spidéal agus chuireas os a chomhair an inni atá ann, go bhféadfadh scéim tithíochta, mar atá beartaithe ag Clúid, an buille marfach a thabhairt don Ghaeilge sa Spidéal, is é sin mura gcuirtear cúrsaí teanga san áireamh. Is faoin gComhairle Chontae a bheas sé daoine a roghnú le dul ag cónaí sna tithe atá á réiteach ag Clúid i mBaile an tSagairt agus creideann Seán Kyne go mbeidh ar an gComhairle Chontae cúrsaí teanga a chur san áireamh.

“Tá ról ag an gComhairle Chontae chun an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a choimeád agus tá alt i bPlean an Chontae ina thaobh sin....Tá a fhios agam go bhfuil siad [An Chomhairle Chontae] ag plé faoi láthair le Clúid sa Spidéal agus b’fhéidir go gcaithfidimid obair a dhéanamh ó thaobh an liosta sa Spidéal.... Sin ráite, más rud é go bhfuil daoine ina gcónaí faoi láthair sa Spidéal nó thart ar an Spidéal nó sa cheantar sin agus go bhfuil a bpáistí ag freastal ar scoil [áitiúil], fiú mura bhfuil Gaeilge ag na tuismitheoirí níor cheart iad a choinneáil amach.”

Údarás na Gaeltachta

Dúirt mé leis gur cheap mé nach raibh an oiread ar bun ag Údarás na Gaeltachta i gcomparáid le Gaeltarra Éireann sna seachtóidí, a bhí in ann talamh a cheannach agus suíomhanna a dhíol do dhaoine sa Ghaeltacht. Creideann an tAire Stáit gur eacnamaíocht na Gaeltachta an príomhchúram atá ar Údarás na Gaeltachta mar aon le postanna a chruthú. Ach admhaíonn sé go bhféadfaí níos mó a dhéanamh ach an t-airgead a bheith ag an Údarás.

“Sé an rud a theastaíonn ná breis airgid... tá fadhbanna ó thaobh an struchtúir chomh maith. Tá a lán daoine sinsearacha, a bheidh ag dul amach ar phinsean, agus tá a lán daoine ag fáil pinsin faoi láthair agus caithfidimid an t-airgead sin a fháil ón mbuiséad....Tá thart ar leath den airgead ó thaobh pá ag dul ag na daoine atá amuigh ar phinsean. Sin ceann de na fadhbanna.”

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, d’admhaigh sé go

raibh an bille leasaithe réidh le foilsiú ach nach bhfuil sé sásta dul ar aghaidh leis.

“Sílim go mbeidh mé ag cur an bhille sin ar ais chuig an gComhchoiste Gaeilge, atá ag an Dáil, chun é a phlé nó chun rudaí a mholadh.”

Tá Roinn na Gaeltachta ag plé leis an mbille leasaithe le cúig bliana anois agus is beag dul chun cinn atá déanta. Idir an dá linn, tá roinnt comhlachtaí poiblí bunaithe ó 2003 nach dtagann faoin reachtaíocht, Uisce Éireann mar shampla. Ní thógfadh sé ach Ionstraim Reachtuil comhlacht poiblí ar nós Uisce Éireann a thabhairt isteach faoin mbille.

“Tá ’fhios agam go bhfuil an chumhacht agam ó thaobh an Achta atá ann faoi láthair, é sin a dhéanamh,” a dúirt sé liom ach go gcaithfidh sé é sin a phlé leis an Taoiseach i dtosach.

A Liosta le bheith Déanta

Ag tíocht chun deireadh an agallaimh chuireas ceist air faoi céard ar mhaith leis a bheith bainte amach aige, dá mbeadh sé in Aire Stáit Ghaeltachta ar feadh 3 bliana. Seo a leanas na príomhrudaí a luaigh sé:

- Go mbeadh Acht na dTeangacha [leasaithe] agus daoine sásta leis.
- Go mbeadh an-dul chun cinn ann ó thaobh na Stráitéise 20 Bliain.
- Go mbeadh na pleananna teanga críochnaithe
- Go mbeadh airgead sa bhuiséad chun na pleananna a chur i bhfeidhm agus
- Go mbeadh airgead ag Údarás na Gaeltachta chun níos mó a dhéanamh ar son na teanga agus ar son eacnamaíocht na gceantar Gaeltachta.

“Beidh mé in ann níos mó a dhéanamh le níos mó airgid. Beidh mé an-sásta deontas a chur amach chun rudaí a thógáil agus chun áiseanna níos fearr a chur ar fáil. Tá na scoileanna Gaeltachta fiorthábhachtach ó thaobh na teanga de agus ó thaobh eacnamaíocht an cheantair freisin. B’fhéidir go gcaithfidimid breathnú ar bhreis airgid [a chur ar fáil] do na mná tí chun [scoláirí] ó choláistí Gaeilge a choimeád agus rudaí mar sin.”

Ní beag an méid sin le déanamh sna trí bhliain atá romhainn. Inseoidh an aimsir cé mar a éireoidh leis. ○



Nioclás Ó Conchubhair Teo
Homevalue


Casla, Gaillimh

Teil: 091-506111 Facs: 091-506044
ephost: nicholasoc@eircom.net
www.nioclase.ie

ÁBHAR TITHÍOCHTA • EARRAÍ CRUA • TEAS & PLUIMÉIREACHT
SEOMRAÍ FOLCTHA • CUISNEOIRÍ & INNILL NÍOCHÁIN
SOLAS • PÉINT • LÁRIONAD GAIRDÍN

Blácaigh na Tulaí

Lochlainn Ó Tuairisg



Blácaigh na Gaillimhe

De bhunadh na Breataine Bige iad Blácaigh na Gaillimhe, agus ‘Cadell’ nó ‘Cadwell’ an sloinne a bhí orthu. Ba é Richard Cadell an chéad duine acu a luaitear le Gaillimh (ag deireadh an 13ú haois–tús an 14ú haois) ach bhí leasainm air: ‘Niger’, dubh sa Laidin, nó ‘le Blak’ (a ndearnadh ‘Blake’ ina dhiaidh sin de). Ba dream mór le rá i gcathair na Gaillimhe iad ar feadh na gcéadta bliain agus stádas agus gradam dá réir acu: bhí postanna móra acu sa gcathair, agus bhí scór Blácach éagsúil ina méaraí ar chathair na Gaillimhe. Bhí easpaig ina measc chomh maith le bairnéid, ridirí agus teachtaí parlaiminte. Ba teaghlach gustalach, tábhachtach, mór le rá iad Blácaigh na Gaillimhe, mar sin.

Agus bhí go leor acu ann. Luann Martin Blake, údar *Blake Family Records 1600 to 1700* (1902) agus *Blake Family Records 1300–1600* (1905), cúig chraobh is fiche de na Blácaigh, ina measc, ‘Blake of Renvyle, Co. Galway (including Blake of Mullaghmore and Windfield and Blake of Lehinch)’; ‘Blake of Menlo, Co. Galway (Baronet)’; ‘Blake of Towerhill, Co. Mayo (including Blake of Bunowen, Co. Galway, and Heath House, Queen’s Co.; Blake of Fisher Hill; and Blake of Ross Lodge)’; ‘Blake of Cregg, Co. Galway (including Blake of Glenloe Abbey and Blake of Annadown)’; ‘Blake of Merlin Park, Co. Galway, and Moyne, Culcon and Ballyglas, Co. Mayo.’; ‘Blake of Dunmacrina, Co. Mayo and Oranmore, Co. Galway’; ‘Blake of Furbough and Raford, Co. Galway (including Blake of Ballymanagh and Blake of Rathville)’; Is é ‘Blake of Drum, Tully, and now of Gortnamona, Co. Galway’ an séú craobh atá sa liosta aige.

James ‘Spanish’ Blake

Is é James ‘Spanish’ Blake an chéad duine atá luaite leis an séú craobh seo de Bhlácaigh na Gaillimhe: ‘Captain’ James Blake aka ‘Spanish Blake’ aka ‘Cadell’ aka ‘Blackcaddell’ aka ‘Blague’ aka ‘Diego de Blac(c)addell’ – ceannaí, saighdiúir, spiadóir.

Thart ar 1560 a rugadh James Blake. Thosaigh na húdaráis ag cur suime ann i dtosach sa mbliain 1587 mar go raibh sé ag iompórtáil earraí ón Spáinn. Mar atá a fhios againn, bhí cogadh ar siúl idir an Spáinn agus Sasana ag an am. An bhliain dár gcionn, 1588, bliain an *Armada*, agus longa Spáinneacha á mbrisadh ar chósta thiar na hÉireann, thosaigh sé ag tarrtháil pé éadail a bhí le fáil. Ar an mbealach seo rinne sé teagmháil le Spáinnigh a raibh focal acu i gcúirt Rí na Spáinne, Pilib II. Tharraing sé seo aird na n-údarás agus cuireadh i bpríosún é. Chuile sheans go ndeachaigh sé don Spáinn *via* Albain agus Flóndras an bhliain dár gcionn, mar bhí sé i gcúirt Philip II i 1594 agus throid ar thaobh na Spáinneach sa mBriotáin. Gabhadh é agus cuireadh i bpríosún i mBaile Átha Cliath é. An té a ghabh é, Sir John Norris, thriail sé é a mhealladh mar ghníomhaire nó *agent* ach ní raibh aon mhuinín aige as; níorbh fhéidir brath air: ‘*the matter of Captain Cadell of Galway may put the Spaniards out of taste with trusting to the Irish*’. ‘*Cross intelligencer*’ (double agent i gcaint an lae inniu) a thug oifigeach eile as Sasana ar James Blake. Faoin am seo bhí an dá Aodh (Ó Néill agus Ó Domhnaill) éirithe amach in aghaidh na Sasanach, agus sa mbliain 1597 scríobh James Blake chuig Pilib II ag tairiscint cúnaimh dó dá gcuirfeadh na Spáinnigh trúpaí go hÉirinn. Chaith sé blianta deiridh na 1590í ag iarraidh a chur ina luí ar na Spáinnigh a fheiliúnaí is a bhí Gaillimh le teacht i dtír dá gcuirfidís cúnamh míleata go hÉirinn. Ach, idir an dá linn, bhí sé i dteagmháil le rialtas Shasana, ag tairiscint cúnaimh dóibhsean.

Mar atá a fhios againn, níor tháinig aon arm Spáinneach go Gaillimh. Shéid gaoth chontráilte go Cionn tSáile iad agus tharla an rud a tharla. Tar éis bhriseadh Chionn tSáile i 1601, chuaigh Aodh Rua Ó Domhnaill don Spáinn ag cuardach tuilleadh cabhrach agus, dar le Sir George Carew, Uachtarán Chúige Mumhan, i litir a scríobh sé chuig an Tiarna Mountjoy, Fear Ionaid na Banríona, i mBealtaine 1602, lean

Gach eolas do phobal na Gaeilge & na Gaeltachta

Féilire Imeachtaí • As Na Nuachtáin • Ciorcail Chomhrá
Folúntais & go leor eile



Aip ar fáil anois:



App Store



Google play



Conradh
na Gaeilge

Ar chláraigh tú don
nuachtlitir laethúil go fóill?

Eagraithe ag:



Conradh
na Gaeilge

Maoinithe ag:



Foras na Gaeilge



- Ciorcal Comhrá
- Seomraí Ar Cíos
- Campaí Samhraidh
- Oícheanta Sóisialta
- Ionad Saor-Chomhairle Dlí
- Grúpa Tuismitheoirí & Leanaí
- Ranganna Damhsa ar an Seán-Nós



Conradh
na Gaeilge

Fóram phobal na Gaeilge
Áras na nGael, 45 Sráid Doiminic
Lárionad na Gaeilge i nGaillimh

www.cnag.ie | +353 (0)91 567824 | gaillimh@cnag.ie

Blake anonn é: *'he departed from me and is gone into Spain [in cipher] with a determination (bound with many oaths) to kill O'Donnell [in cipher]'*. Bhásaigh Aodh Rua Ó Domhnaill sa Spáinn i Meán Fómhair 1602, agus scríobh Carew chuig Mountjoy: *'it appears that . . . O'Donnell is dead whereof your Lordship may be assured . . . and I do think it will fall out that he is poisoned [in cipher] by James Blake [in cipher]'*. Tógadh Blake sa Spáinn, é féin agus searbhónta leis, spiadóir eile, ach scaoileadh saor iad. Sa lá atá inniu ann creidtear gur fiabhras seachas nimh ba shiocair bháis d'Aodh Rua Ó Domhnaill, ach b'in an cháil a mhair ar James 'Spanish' Blake: gurbh é a mharaigh Aodh Rua. Ní bhfuair sé aon phinsean ó rialtas Shasana tar éis a ndearna sé dóibh. Bhásaigh sé i mí Feabhra 1635, agus cuireadh é i reilig mhainistir na bProinsiasach i nGaillimh – an áit a bhfuil teach na cúirte sa lá atá inniu ann.

Walter Blake

Sa mbliain 1677, dearbhaíodh garmhac le James Blake, Walter Blake as an Droim (*Drum*), idir cathair na Gaillimhe agus Maigh Cuilinn, ina chuid tailte sa Droim agus tailte eile (an Tulaigh agus Indreabhán) i mbarúntacht Mhaigh Cuilinn, is é sin le rá gur tugadh airheantas oifigiúil dó gur leis na tailte sin. Luaitear sna *Books of Survey and Distribution* a cuireadh i dtoll a chéile sna 1680í go raibh talamh a bhíodh i seilbh 'Thom. Lynch Gent.' sa mbliain 1641 anois i seilbh Walter Blake: *'Myny 1 qu' of the Town Land of Inverane of Mountain 1/15th part profitable'* (289 acra *'unprofitable'*; 20 acra, dhá cheathrú *'profitable'*), *'Two parcells of Rocky ground 1/3 pt pro cont'* (30 acra *'unprofitable'*; 19 acra, dhá cheathrú *'profitable'*). Ní hamháin sin ach d'éirigh le Walter Blake tailte leis an bhfear céanna a fháil i *'Selleherbegg' in 'Ye Town Lands of Roscabell belonging to the psh of Killcomyn', i 'Moyrish' of the Towne Land of Roscabell'*, agus *'Rossavile', of the Towne Land of Garvally belonging to the Parish of Kilcomyn, Mountain'*. Ina theannta sin d'éirigh leis talamh a bhí ag Robert Martin i *'Derrykeele'* a fháil dó féin, talamh a bhí ag Jeffrey Blake i *'Glannackmorrine'* agus talamh a bhí ag Dominick French 'Gent.' i *'Derrynea'*. Ach bhí méid áirithe talún i gConamara ag athair Walter, Jeffrey, chomh luath le 1641 is cosúil.

Nuair a tháinig an Rí Séamas II go hÉirinn i 1689, bliain tar éis a ruaigthe as Sasana, thaobhaigh Walter Blake leis agus throid an dara mac aige, Valentine, in arm na Seacaibíteach. Nuair a bhí an cogadh thart agus an Rí Liam i gcumhacht agus i gceannas bhí an baol ann go gcaillfeadh na Blácaigh a gcuid tailte. Ach d'éirigh leo iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh faoi fhorálacha Chonradh Luimnigh. Faoi Lúnasa 1699 bhí an cás réitithe agus a gcuid tailte ina seilbh arís. Chabhraigh an mac ba shine a bhí ag Walter, Jeffrey, lena chás nuair a d'iompáigh sé ina Phrotastúnach. Cailleadh eisean gan oidhre agus ba é an saighdiúir Seacaibíteach, Valentine, a fuair talamh na Droma. Cailleadh eisean i 1752 agus ba é mhac Anthony a oidhre. D'iompáigh seisean ina Phrotastúnach go gairid tar éis dó seilbh a fháil ar na tailte. Thit seisean de chapall i 1759, maraíodh é agus fágadh an t-eastát ag a mhac siúd a bhí ina naíonán, Valentine. Bhásaigh seisean agus é ina naíonán agus ba deartháir leis, Patrick, a fuair na tailte. D'iompáigh seisean ina Phrotastúnach i 1766.

Le dlí a chuaigh seisean. Phós sé agus i 1780 a rugadh a chéadmhac, Valentine. Bhásaigh Patrick dhá bhliain ina dhiaidh sin.

Valentine Blake 'of Tully'

Ba é Valentine Blake an chéad duine de na Blácaigh a luaitear an Tulaigh leis. Sa mbliain 1797 phós Valentine Blake Anne Burke, an tríú hiníon a bhí ag Redmond Arcedeckne Burke, as Gort na Móna i bparóiste Chluain Tuaiscirt in oirthear Chontae na Gaillimhe (idir Béal Átha na Sluaighe agus Port Omna atá Gort na Móna). Tar éis gurbh í Anne an seachtú duine as naonúr, chlis ar chuile dhuine den chlann mhac oidhre dlisteanach a thabhairt ar an saol, agus ba mac le Valentine, Patrick, a gheobhadh an t-eastát ar fad sa deireadh. Thart ar 1808 a d'fhág Valentine Blake an Droim agus chuir faoi ar an Tulaigh. Bhí £563 ag Patrick Barrett air, *'for the clearance of which V. Blake did sell and release all the town and lands of Drum, Pollagh and Ballinastruane in the Galway Liberties, to Patrick Barrett forever'*.

Dhíol Barrett teach na mBlácaigh sa Droim ina dhiaidh sin le Laurence Comyn a bhí ina thiarna talún i gCois Fharraige. D'fhan an teach (bhaist siad 'Woodstock' air) ag na Coimínigh go dtí 1869 nuair a dhíol an Landed Estates Court tailte an Droma (cé gur choinnigh siad greim ar Woodstock go dtí 1877 nuair a dódh go talamh é). I mbaile fearainn an Phollaigh idir Gaillimh agus Maigh Cuilinn a bhí eastát na gCoimíneach, agus ba é an Droim an t-eastát soir ó dheas uaidh i dtreo na Gaillimhe.

Ba é Valentine Blake, nó a mhac James is dócha, a thóg an teach mór, Cashel House, sa mbaile fearainn a dtugtar an Caisleán inniu air, am éigin idir 1819 agus 1839, a deir Tim Robinson ina leabhar *Connemara: a Little Gaelic Kingdom* (2011). Bhí seanchaisleán ag na Búrcaigh cúpla céad slat ó shuíomh an tí (tá a rian le feiceáil i gcónaí) agus chuile sheans gur le clocha an tseanchaisleáin a tógadh an teach nua. Ní teach iontach mór a bhí ann, ach bhí íoslach ann agus foirgnimh go leor thart timpeall air. Bhí úllord soir uaidh le ballaí móra arda timpeall air agus áirse le geata mór iarainn le dhul isteach go dtí an teach.

Bhí teach eile ag na Blácaigh, Blake's Lodge, níos faide siar, sa Leathchartúr, nó *'Cartron'* mar a thugtar air ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, an stráice talún sin ó dheas den bhóthar a shíneann siar ó dheas ó shéipéal na Tulaí go Baile na hAbhann. Choinnigh siad é sin, talamh maith, páirceanna móra, dóibh féin, mar chineál diméine (*demesne*). Bhí úllord ann agus tá na ballaí ann i gcónaí.

Ba leis na Blácaigh an raon talún sin ó Abhainn Chromghlinne siar go hAbhainn Chasla lena n-áirítear na bailte fearainn an Cartúr Leathan, na Mine, Indreabhán, an Tulaigh, an Leathchartúr, Baile na hAbhann, an Chloch Mhór, an Bhánrainn Bhán, Caorán na gCearc, Baile an tSléibhe, Doire Choill. Níos faide soir ba leo ó Abhainn an Chnoic soir go Sáile Chuanna: Coill Rua Thoir agus Thiar. Chomh maith leis sin bhí talamh acu in aice le Cloch na Rón: Oirbhealach agus dhá oileán, Inis Ní agus Inis Leacan. Ba leo freisin baile fearainn na Páirce taobh thoir den Spidéal.

Maidir le Valentine Blake, fiorbheagán atá ar eolas againn

faoi, ach tháinig mé ar litir amháin leis sa gCartlann Náisiúnta, áit ar chuir sé na húdaráis i mBaile Átha Cliath ar an eolas go raibh scliúchas, ‘a serious affray . . . in which much blood was shed but no lives lost’, san áit ar an 9 Meitheamh 1816 (Lá an Phátrúin ar ndóigh): ‘The animal custom prevails here among the lower orders to meet on the 9th June, which instantly ends in a row, the effect always of drunkenness’. Thóg sé beirt ach d’éirigh leo éalú, ‘having no constable or other person I could depend upon to assist me’. Agus nuair a tháinig an t-arm a chúnaimh dó lá arna mhárach, ‘the parties concerned . . . fled in all directions.’ Mac amháin agus beirt iníon a bhí ag Valentine Blake le Anne Burke. Sa mbliain 1819 a bhásaigh sé.

Patrick Blake

In 1824 a fuair Patrick Blake, nó Pádraic a Bláca, seilbh ar thailte a athar, Valentine, cúig bliana tar éis a bháis agus fuair sé seilbh ar thailte a uncail Nicholas Arcedeckne Burke i nGort na Móna nuair a bhásaigh seisean in 1832. Ach is i nGort na Móna a d’fhan Pádraic a Bláca. D’fhág sé cúram an eastáit thiar faoina uncail James, Séamas a Bláca. An bhliain sin, 1824, bhí riaráistí cíosa £2,000 ar thionóntaí na mBlácach. Maitheadh na fiacha sin dóibh ach d’éiligh Séamas a Bláca cúiteamh oibre i leaba cíosa (‘dlí na mBlácach’, mar a thug Seán Ó Mainnín air in alt leis a foilsíodh in *Amárach* i Nollaig na bliana 1975). Fiche bliain ina dhiaidh sin, rinne sagart paróiste an Chnoic, an tAth. Seán Ó Gráda, cur síos don Devon Commission, a bhí ag déanamh scrúdú ar chúrsaí seilbh talún in Éirinn, ar dhlí na mBlácach:

They [na tionóntaí] were employed by the agent (J. Blake) until recently, but not paid or fed all year for a 100 days labour per annum for 20 years now. Also the time (labour) of the wife or child taking breakfast and dinner to the worksite, and the supply of the horse and cart were all unpaid. The practice ceased 2 years ago when the people refused to work gratuitously. They had been served with notices of eviction, and 100–200 may be ejected soon. And their cattle are being impounded in Moycullen. They had to pay, furthermore, for their release. The work involved sowing potatoes and oats, building walls and carrying stones about the house, for Mr Blake. [...] The people are so timid, afraid of eviction if they make any protest or resistance. There is no redress.

Lean sé ar aghaidh ag déanamh cur síos ar shaol na ndaoine:

Land was mainly in tillage, in between the rocks with a trifle for cattle. £5 is the rent, a few are £7 and £10 yearly. The tenants hold land by bulk, not by the acre, due to the rocky state. Each person has his own land, not in common but it is scattered, a field here and there. Mountain grazing is held in common.

James Blake is normally resident but in the last year has lived in Galway. He returns to receive the

rent occasionally. There is no lease-holding, all are tenants at will, therefore without any rights of tenure.

[...] Rent is due half-yearly, in May and November, but 3 months grace is usually given. [...] The rent is always paid in cash, and there are few long-term arrears, the penalty being impounding of cattle.

Luaigh sé go mbíodh na daoine ag díol feamainne agus móna, ach ‘[t]here is no other employment.’

Nuair a tháinig Séamas a Bláca os comhair na gcoimisinéirí céanna, dúirt sé go raibh dul amú ar an sagart. Dúirt sé gur thairg sé 6d sa ló do dhuine ar bith a thiocfadh ag obair dhó, ach gur dhiúltaigh na tionóntaí glacadh le pingin ar bith – dúirt siad go ndéanfaidís in aisce é! Agus ní raibh ann ach trí lá oibre sa mbliain, sé lá ar a mhéid. Agus: ‘*They never objected to the labour, and never grumbled till this clergyman put them up to it – till this Repeal question was set afloat.*’ D’admhaigh sé, áfach, go mbíodh sé ag tógáil callaigh i leaba cíosa: ‘*With respect to the pound, there is only part of it which is true. It is fourteen miles; but there is no other pound nearer whatever to which we could by law send them.*’

Maidir le díshealbhú, dúirt sé nár chuir sé as seilbh ach duine amháin, fear nár íoc a chuid cíosa, ‘a troublesome character’. Cúis eile a thug sé le *ejection notices* a chur amach, daoine ag diúltú coimín a roinnt. Níor thaitnigh gabháltais roinnte ná coimín leis. Rinne sé iontas cé gur dhíol tionóntaí móin in Árainn nár thug siad cloch aoil ar ais le dó chun go bhféadfaí an t-aol a úsáid mar leasú seachas feamainn. Dar leis, chaith siad i bhfad an iomarca ama ag díol feamainne agus móna seachas breathnú i ndiaidh a ngabháltais féin. An bhliain chéanna, 1844, tugadh cás in aghaidh an Bhlácaigh as a bheith ag cur faoi ndeara dá thionóntaí a bheith ag obair in aisce dhó, go sonrach 80 acra de dhrochthalamh a thabhairt chun míntíreachais. Ach ó bhí riaráistí cíosa £2,000 ar na tionóntaí caitheadh amach an cás.

Ba JP (*Justice of the Peace*) é Séamas a Bláca chomh maith agus é de cheart aige suí ar an mbinse ag Cúirt Ghearr an Spidéil. Agus fuair sé moladh áirithe ón *Connaught Journal* ar 24 Samhain 1825: ‘*Indeed had it not been for the respect in which the lower orders hold Mr Blake and his exertions to preserve the peace, the country would be in an awkward situation.*’

Na Blácaigh agus na sagairt

Réitigh sagart paróiste an Chnoic, an tAth. Seán Ó Ceannabháin, agus Séamas a Bláca go maith lena chéile. Bhí séipéilín beag ceann tuí sna Criogáin, a thóg an tAth. James Mannion sa mbliain 1790, ach bhí sé an-bheag, gan an dá scór féin in ann dul isteach ann. Bhí gá le séipéal nua – mar a scríobh an tAth. Ó Gráda ina dhiaidh sin: ‘*I regret that I must, contrary to my own feelings and in favour of the poor of the district, appeal to the public for assistance to build a chapel and thus take the poor off the high roads where they must often kneel while the priest is saying Mass every alternate Sunday in small cabins.*’ Bhí an sagart ag iarraidh séipéal nua a thógáil ar an



Fothrach Theach na mBlácaigh ar an gCaisleán in Indreabhán

Tulaigh, agus thug na Blácaigh, tar éis gur Phrotastúnaigh iad, chuile chúnamh dhó: tugadh cloch aoil as Árainn agus bhíothas á dó ar an gCaisleán le haol a dhéanamh. Ach tháinig athrú ar chúrsaí nuair a cailleadh an tAth. Ó Ceannabháin sa mbliain 1840 agus tháinig sagart óg trodach rua as Cluain Cearbán, Seán Ó Gráda, ina áit. Thug an sagart nua dúshlán na mBlácaigh. Thosaigh sé ag cur ina n-aghaidh ar go leor bealaí. Thug báille dá gcuid fianaise i gcúirt an Spidéil in Aibreán 1845 go mbíodh ag sagart ag cur isteach ar a chuid oibre, á mhaslú agus ag cur mallachtaí air agus é i mbun a ghnó.

Chuaigh cúrsaí chun donais. Dar leis an Mainnínéach, dhiúltaigh an Blácaigh an t-aol a bhí dóite le haghaidh an tséipéil a thabhairt suas agus b'éigean an obair ar shéipéal na Tulaí a stopadh agus na ballaí tógtha. D'éirigh cúrsaí chomh dona sin gurbh éigean bannaí a chur ar mhac le Séamas a Bláca, Arthur. Is cosúil go mbíodh babhtáí dornálaíochta ar siúl sa bparóiste agus cháin an sagart an obair seo ón altóir sna Criogáin. Fear mór láidir a bhí in Arthur a Bláca agus nuair a chuala sé faoin méid a dúirt an sagart, an chead uair eile a léadh thiar an t-aifreann, lean sé an sagart, ag fógairt air agus ag rá go bhfaigheadh sé daoine a dhéanfadh smidiríní dá chloigeann. Chuaigh an sagart chuig máthair Arthur ach dúirt sí go raibh sé imithe ó smacht. Nuair a tháinig an cás os comhair cúirte sa Spidéal bhí Séamas a Bláca ar an mbinse. Rinne sé chuile iarracht an sagart a náiriú ach d'iompaigh na breithimh eile ina aghaidh.

Tosaíodh ar shéipéal eile a thógáil, ar an gCnoc an uair seo, ar thailte an Choimínigh, Caitliceach. Bhí séipéal ann roimhe sin, a thóg an tAth. Ó Ceannabháin, ach leagadh go talamh é Oíche na Gaoithe Móire, 1939. Fágadh séipéal na Tulaí gan chríochnú ar feadh blianta fada. Bhí sé sa seanchas go ndearna na Blácaigh agus cuid de na Protastúnaigh thart orthu iarracht seilbh a ghlacadh ar an suíomh tar éis an Ghorta agus teampall Protastúnach a dhéanamh de. Ar a chloisteáil seo don sagart paróiste – an tAth. Lyons a bhí ann an uair seo – chruinnigh

sé fir láidre le chéile as dúiche Shailearna, siar leo agus tógadh ar ais an láthair le láimh láidir. Sa mbliain 1874 a coisriceadh an séipéal nua. Ar an Domhnach 24 Iúil 1844 a coisriceadh séipéal nua an Chnoic. Dúradh paidreacha ar son Dhónaill Uí Chonaill a bhí i bpríosún mar gheall ar a chuid oibre ar son *Repeal*. Bhí an tArdeaspag Seán Mac Héil i láthair agus thug sé an tseanmóir i nGaeilge ag aifreann an mheán lae. Ina dhiaidh sin chuaigh 400 duine faoi lámh easpaig. Bhí lá mór ag muintir na háite. Ach an bhliain dár gcionn bheadh tubaiste an Ghorta Mhóir sa mullach orthu agus rachadh cáil Bhlácaigh na Tulaí i bhfad agus i ngearr, in Éirinn agus thar lear.

An Gorta Mór i gCois Fharraige

Níl sé i gceist agam an iomarca plé a dhéanamh ar an nGorta Mór i gCois Fharraige. Is ábhar an-leathan é agus alt ann féin tuillte aige. An méid a bheas le rá agam faoi beidh baint dhíreach aige le Blácaigh na Tulaí. Nuair a tháinig an gorta anuas sa mullach ar mhuintir Chois Fharraige, bunaíodh coiste fóirithinte sa Spidéal i Márta nó Aibreán na bliana 1846. Ar an gcoiste sin bhí Andrew Blake, na Forbacha, (cathaoirleach); Rev. John Cather, ministir Protastúnach (cisteoir); Martin Morris; Francis Comyn; Peter Sarsfield Comyn; Thomas Bunbury; Rev. Francis Kenny (rúnaí); an tAth. Seán Ó Gráda; Edward Burke; Patrick Curran; agus Séamas a Bláca.

Ar 20 Aibreán 1846 bhí litir ó John O'Grady PP san *Galway Vindicator* ag gearán faoin moill a bhain le hoibreacha poiblí ar chur ar bun agus ag tagairt go sonrach do na Blácaigh:

I have one village consisting of fifteen families on the estate of Mr Pat Blake of Gortnamona, who were deprived of their land without any ejectment or even notice to quit two years since and who from that time to this had no land to set their potatoes

or oats, except a few ridges given them gratis by their friends and neighbours and this trifle has not escaped the general disease so that they have not a single meal of provisions since Christmas Day last.'

An tseachtain dár gcionn d'fhreagair Pádraic a Bláca é sa bpáipéar céanna, ag rá go raibh dul amú ar an sagart, agus dá ndéanfadh sé fiosrú mar ba chóir go bhfeicfeadh sé gurbh é an chaoi gur fhág na tionóntaí a gcuid talún dá ndeoin féin i dtreo is nach mbeadh orthu cíos a íoc. Ar 4 Bealtaine d'fhreagair an sagart paróiste é:

There is only one point in Mr. Blake's letter which I believe to be true, and which is this, he never ejected legally but two or three – while very many were banished illegally without notice to quit. I wish Mr Blake would frequently visit his property and make enquiries of how things are going on; if he did I am certain a few inquisitive visits would rectify all. Come, respected sir, and restore the poor people their lands – assist us liberally this year by contributing to the Parochial Relief Fund. Mr Francis Comyn has given me an acre of land last week for a churchyard, and he is supplying his tenants with plenty of oatmeal, and has desired me by letter to put down his name for ten pounds in aid of our funds. Mr. P. S. Comyn will also do the same. Come, respected sir. Step in timely to relieve the wants of your people and you shall get from myself every pecuniary assistance in my power – come quickly and you will do good. Withhold and many will starve. Wishing never to be obliged to return to the subject again, John O'Grady.

Is mór idir an litir sin agus litir a scríobh sagart paróiste an Spidéil, an tAth. Francis Kenny, 21 Bealtaine 1846, chuig an

Galway Vindicator, ag moladh an Bhlácaigh:

I have the honour to acknowledge the receipt of a cheque for £10 from Patrick Blake, Esq., Gortnamona, as his subscription to the Spiddal Relief Fund. As the gracious and generous manner of giving anything always enhances the value of the gift, I would be most happy to place before the public the kind-hearted letter which accompanied the handsome remittance, if I had Mr Blake's permission, but as I have not, I can only state that he intends the sum for the relief of the poor cottiers on his estate and from whom he receives no rent.

He has besides, very humanely, and I think very judiciously too, made arrangements to give on loan to such of his tenants as may be in want, certain sums of money whereby they may purchase at the lowest rate whatever food they most relish. On my own part and that of the poor I beg to tender Mr Blake our most grateful thanks for his most generous and timely succour to those miserable beings who had no claim to his county, but that of pure charity.

Mí Feabhra 1847, bhí cruinniú de chuid Choiste Fóirithinte an Spidéil ar siúl. Bhí Rev. John Cather sa gcathaoir. I láthair chomh maith bhí an tAth. Ó Gráda, an tAth. Kenny, séiplíneach Protastúnach, an Rev. Feroock, Séamas a Bláca agus Captain Hutchinson, RN, Cigire na nOibreacha Poiblí do Ghaillimh Thiar. Ní raibh ar chumas Aindriú de Bláca a bheith i láthair. D'éirigh idir Séamas a Bláca agus an tAth. Ó Gráda faoi dhaoine a bhí ar leataobh an bhóthair sa Tulaigh, an Blácach ag rá gur drochdhaoine a bhí iontu agus an sagart ag rá nach raibh iontu ach daoine bochta a bhí i dteideal rilíf a fháil. Bhí a fhios ag an Ath. Ó Gráda go raibh Arthur Blake, mac le Séamas, tar éis cuid díobh a ionsaí agus bhí sé ar buile. Chuaigh rudaí chun donais sa chaoi ar deireadh gur fhógair

Cather go feargach as an gcathaoir go gcaithfí an cruinniú a chur ar athló. Aistríodh an tAth. Ó Gráda go Mainistir Chnoc Muaidhe go gairid ina dhiaidh sin. Ba é an Canónach John McCullagh a tháinig ina áit.

Mar atá feicthe againn, níor leasc leis na Blácaigh daoine a chur as seilbh gan cás gan náire ach bhain díshealbhuithe an 31 Nollaig 1847 siar as Éirinn agus an Bhreatain fré chéile. Tharraing sé raic chomh fada ó bhaile le Parlaimint Westminster. Ó thuaidh de Loch na Tulaí bhí baile darbh ainm an Tulaigh Mhór agus bhí cuid mhaith tithe ann. Bhí tuairisc san *Galway Mercury* ar an 6 Eanáir 1848 gur goideadh féar agus caoirigh ón mBlácach. Cuireadh i



SEÁN KYNE TD

Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta agus
Acmhainní Nádúrtha
TD do Gaillimh Thiar/Maigh Eo Theas

Bóthar an Spidéil, Maigh Cuilinn,
Gaillimh J91 TY84.
An Bóthar Mór, Gaillimh H91 K8X8.

Tel: +353 (0)91 868 111 / 566966
Email: sean.kyne@oir.ie

**Comhghairdeas le Cumann Forbartha Chois Fharraige atá ag
ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód**

www.facebook.com/seankyneTD
www.seankyne.ie
[Twitter@seankyneTD](https://twitter.com/seankyneTD)



leith mhuintir na Tulaí gurbh iadsan a rinne an ghadaíocht. Ar an 31 Nollaig 1847, shocraigh an Blácach iad a ruaigeadh. Cuireadh as seilbh ar a laghad deich dteaghlach. Caitheadh amach as na tithe na daoine agus leagadh na ballaí le gróití. Agus bhí muintir na háite ina measc siúd a rinne an drochghníomh. Iadsan a caitheadh amach, rinne siad a mbealach go Gaillimh go Teach na mBocht ag cuartú dídine. Bhí Teach na mBocht lán. B'éigean dóibh an oíche a chur tharstu ar shráideanna na Gaillimhe. D'fhill siad ar an mbaile ach ar ndóigh bhí na tithe leagtha (agus dóite) rompu. Cuireadh fiosrúchán ar bun i Lodge Chasla ar 14 agus 15 Feabhra 1848 faoi stiúir Maj. P. M'Kie, Cigire Dhlí na mBocht d'Aontas na Gaillimhe.

Trí dhuine dhéag as dúiche na mBlácach a thug fianaise, i nGaeilge. Cheal spáis ní féidir an t-iomlán a thabhairt anseo ach tá an fhianaise le fáil ar an idirlíon faoi *Papers relating to Proceedings for the Relief of Distress, and State of the Unions and Workhouses in Ireland. Fifth Series* (1848). Bhí an méid a bhí le rá ag an gcéad fhinné, John Costello, truamhéalach:

[...] my house was thrown down by Pat M'Nalty, Arthur Blake, David Costello, Edmund Walsh, John Conneely, a man named Faherty, driver to Mr Blake [...]. Pat M'Nalty is steward to Mr Blake [...]. Pat M'Nalty had a crowbar with which he was throwing down the house, Arthur Blake also had a crowbar and was throwing down the house, when one of them got tired he gave the crowbar to another [...]. Edmund Walsh [...]. threw three of my children out on the street; one of them was sick at the time; her name was Anne; she died last week; was near four years old; Coleman my son died Friday last, aged ten years, from cold and hardship. My house was completely destroyed, and it was near dusk when it was thrown down; myself and my family had to sleep in the open air; it was raining and snowing that night, and it blew very hard; my wife and remaining child are now lying sick [...]. I asked Arthur Blake for God's sake to leave the house over me until that night would be over, to which he replied, that he would if I gave him a pound [...]. my wife and child are now lying sick in a hovel I made against the ruins of the house; when my child Coleman died there was over six inches of water about him; Pat M'Nalty and Arthur Blake had the appearance of having taken drink [...]. my wife nursed the last child (named Henry) that Mr. James Blake had, about nine, or nine and a half years ago; I don't know why the land was taken from me; Mr. Blake said, 'I would rather feed goats than ye.'

Dúirt an seachtú finné, John Toole: *I was about building a hut on the ruins when I was struck and knocked down by Arthur Blake; he knocked me inside the road wall, and from the*

beating he gave me, I was quite insensible for a considerable time; he told me if I went there again he would have my life; every person in the whole country are afraid to let me in lest the same thing be done to themselves'. D'fhág an t-ochtú finné, John Magan, Teach na mBocht ar iarratas a mhná: 'my wife died last Monday night and two of my children are so sick that I don't know when they may die [...]. she was only about a week at home when she was delivered of a stillborn child; in three nights after she died.' Bhásaigh iníon Mary Feeny, Ellen, cúig bliana déag, 'from the cold she got' tar éis í a bheith díbrihte ón teach agus í go dona tinn le fiabhras. Bhásaigh iníon le James Folan, Catherine, 'under the workhouse wall [...]. since then my son Matthias aged five years died; and I have heard, and believe, that since I left home to-day my son Thomas, aged seven years, died also'.

Bhí Séamas a Bláca i láthair ar an dara lá den fhiosrúchán. Dúirt sé nach raibh tada ar eolas aige faoin méid a tharla; go raibh sé as láthair nuair a tharla an drochrud. Dúirt M'Kie: *'Mr Blake said he inquired of the police, who had made no report of the matter, although fully aware of it. I have made inquiry and find this to be true; they were well aware that the people's houses were thrown down, but made no report to the Inspector.'* Dúradh leis an mBlácach go raibh sé sáite san obair ó ba iad a chlann mhac agus a chuid searbhóntaí féin ba chúis leis. D'admhaigh sé go raibh gach ar tharla in aghaidh an dlí agus go gcuirfeadh sé teistiméireacht ar fáil chuige seo an lá dár gcionn ach, a scríobh M'Kie, *'I have not heard from him since.'*

Ag an am, ó thuaidh den bhóthar, trasna ón áit a bhfuil séipéal na Tulaí anois, a bhí beairic na bpóilíní, buailte ar an mbaile a bánaíodh.

Tarraingíodh anuas ceist na ndíshealbhuithe ag díospóireacht i dTeach na dTeachtaí ag Westminster agus pléadh céard ba chóir a dhéanamh i leith an dreama ba chúis leo. Luadh é san *Illustrated London News* ar an 1 Aibreán. I dTeach na dTiarnaí chosain Marcas Clanricarde Séamas a Bláca toisc nach raibh sé féin i láthair nuair a cuireadh as seilbh na daoine. Dúirt Robert Peel go raibh sé ag cur a chuid *'moral indignation'* in iúl. Duine amháin a luaigh go raibh daoine buailte agus básaithe dá bharr. Ach níorbh shin a bhí ag cur as dóibh ach nach raibh fógra dlíthiúil faighte acu siúd a cuireadh amach.

Cuireadh cóip den fhianaise chuig Coimisinéirí Theach na mBocht i mBaile Átha Cliath. Chuir siadsan cóip chuig an mBlácach ag súil le freagra uaidh. Scríobh sé ar ais chucu ar 10 Márta 1848 ón Prince of Wales Hotel, Sackville Street. Chuir sé a mhilleán ar chuile dhuine ach amháin air féin. Ní raibh na Coimisinéirí sásta leis an bhfreagra agus cuireadh an t-eolas chuig an Tiarna Seansailéir. Mhol seisean an Blácach a scrios de liosta JPanna Chontae na Gaillimhe. Rinneadh sin agus níor dearnadh ach sin.

Ar 22 Aibreán 1848 scríobh an tAth. McCulloch, sagart paróiste an Chnoic, chuig Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, ag gearán go raibh daoine sa gceantar nach raibh ag fáil na fóirithinte a bhí siad i dteideal a fháil faoi chlásail ceathrú acra Gregory agus go raibh tiarnaí talún fós ag bailiú iomarca cíosa agus go raibh daoine fós ag fáil bháis den ocras agus den

dinnireacht:

[. . .] no locality can be in greater destitution than the parish of Killannin South commonly called Spiddal. The population of my parish twelve months ago amounted to 780 families, considerably more than 5,000 souls and I can solemnly attest that the one fifth of this number died since then from famine and its consequences [. . .] one of the viceguardians, Mr Keogh, after going through the parish sometime ago called upon me and said he was more certain now than when he was informed that the average rent exacted by the landlords who are all absentees was from 30s to 40s per acre for what he considered could not be worth more than 3s to 5s; all these landlords extracted their rents feeding their tenantry with the promise that they would give them meal and seed in the spring neither of which they gave as yet. There is a fever hospital in this parish accommodating I think about 44 patients and I do again solemnly declare that there are upwards of 200 cases of fever and dysentery in the parish; and in the western portion, particularly in the neighbourhood of the Blakes of Tully, the priest is called on every other day to attend from two to five dying persons where more than fifty houses were tumbled down or burned last winter, the persecuted surviving outcasts living in ditches or sheds. Notwithstanding the cruel scenes enacted by James Blake of Tully, who is local agent to Pat Blake of Gortnamona, the people are peaceable and under the influence of religion.

46 teach agus 260 duine a bhí sa Tulaigh / Baile na hAbhann in 1841; 18 teach agus 96 duine a bhí ann deich mbliana ina dhiaidh sin. B'fhéidir gurbh é goid na gcaorach nó goid tornapaí ba chúis leis an díshealbhú. Nó b'fhéidir na leasuithe ar Dhlí na mBocht nuair ab éigean do thiarnaí talún rátaí a íoc ar ghabhálaí arbh fhiú £4 nó níos mó iad. Mar thoradh air seo, idir 1849–1852 cuireadh 58,000 teaghlach as seilbh ar fud na hÉireann.

33 foirgneamh atá le feiceáil i mbaile fearainn na Tulaí, taobh thoir den loch, ar léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis na 1830í. Taobh thiar den loch, bhí sé theach eile, an Tulaigh Bheag. In 1841 bhí 137 duine ina gcónaí ann; in 1851, 38 duine agus seacht dteach. De réir Luacháil Uí Ghríofa sé bliana ina dhiaidh sin, ní raibh fanta sa Tulaigh ach trí theach. Ba le John Wallace na trí cinn: bhí ceann amháin folamh agus bhí an ceann eile ar cíos ag Bridget Folan. 240 acra a bhí ar léas ag Wallace ón mBlácach. Bhí 68 acra ag 'Pat Ridge and partners' sna Mine, bhí 90 acra in ainm Phádraic a Bláca agus bhí 73 acra ar léas ag Rev. M'Credy agus 140 acra 'mountain'.

Lean an Blácach ar aghaidh ag tógáil callaigh i leaba cíosa. Meitheamh 1850, bhí tréad beithíoch á dtiomáint i dtreo an Spidéil ag giollaí na mBlácach nuair a sheas slua rompu sa tslí. Tharla go raibh Pádraic a Bláca ar an Tulaigh ag an am agus rinne sé réiteach. Thóg na daoine ar ais a gcuid beithíoch. I

mí Lúnasa an bhliain chéanna phós an iníon ba shine ag Séamas a Bláca agus a bhean, Helena (phós Séamas a Bláca agus Pádraic a Bláca beirt dheirfiúr), Anne, agus Rev. P. S. Newman, séiplíneach in Árann.

Bíoblóireacht

Níl sé i gceist agam, ach an oiread leis an nGorta Mór, an iomarca a rá faoi bhíoblóireacht sa gceantar. Is ábhar é a bhfuil alt dó féin tuillte aige. Ach is díreach tar éis an Ghorta Mhoir a cuireadh dlús leis an mbíoblóireacht i gceantar Indreabháin agus an Spidéil, nuair a d'imigh an Rev. John Cather, an ministir Protastúnach, agus nuair a tháinig an Rev. James M'Credy ina áit.

Mar atá a fhios againn, réitigh Rev. Cather agus na sagairt Chaitliceacha go maith le chéile, an tAthair Kenny go háirithe. Bhí siad ar Choiste Fóirithinte an Spidéil le chéile, agus in 1843 bhí siad sásta comhoibriú le scoil neamh-shainchreidmheach a bhunú sa Tulaigh agus suíomh in aisce faighte acu ó Phádraic a Bláca, cé nár tharla tada dá bharr.

B'as Contae an Dúin M'Credy agus fuair sé a chuid oideachais i gColáiste na Tríonóide. Ba é Cois Fharraige a chéad phost – thart ar 1848–9 a tháinig sé anseo – agus bhí muirín mhór air. Ba eisean a thóg an séipéal beag Protastúnach a bhí ar thaobh na láimhe deise ag dul síos go Cashel House. Bhí sé an-ghníomhach ar son na misinéireachta agus le cabhair airgid as Sasana thóg sé séipéal Protastúnach agus 'an Nead' sa Spidéil. Bhí sé ina chónaí sa Teach Dearg in Indreabhán, ó thuaidh den bhóthar, atá ann i gcónaí deirtear liom. Thóg M'Credy séipéal eile i mBaile na hAbhann. Bhunaigh sé teach dílleachtaí agus scoil in Indreabhán. Cailleadh é agus é trí bliana le cois an leathchéid. Tá Garraí M'Credy sa gCaisleán i gcónaí. Dúradh go mbítí ag íoc chíos Indreabháin lena mhac siúd Richard J. M'Credy (a raibh siopa rothar aige i mBaile Átha Cliath) agus le Robinson Chloch na Rón.

Ba é Rev. George O'Shea a tháinig i gcomharbacht ar M'Credy. Ba é William Colgan an ministir deireanach de chuid Eaglais na hÉireann a bhí in Indreabhán, idir 1888–1905. Mhair cuimhne air mar scoláire Gaeilge agus mar fhear lách a cheannaiódh sméara, muisiriúin, tuí, féar agus fataí ó mhuintir an bhaile. Constance a bhí ar a bhean chéile agus Mary, George agus Hilda a bhí ar a chlann. Bhí Protastúnaigh eile freisin ar an gCaisleán: John Barry; a mhac siúd Seán (a bhí ina Chaitliceach); John Kelly, an *mission agent*, agus a bhean, Annie agus a gclann mhac Francis agus Robert. Kate Murphy a bhíodh ag tabhairt aire don séipéal Protastúnach.

Na Blácaigh deiridh

Bhásaigh Séamas a Bláca in 1852 in aois a aon bhliain déag agus trí scór. Bhí sé ina chónaí sa mbaile mór faoi seo. Sa Teampall Mór i nGaillimh a bhí a shochraid, agus tá seans ann go bhfuil sé curtha sa reilig ansin. Cúig bliana ina dhiaidh sin a bhásaigh Pádraic a Bláca. Beirt mhac, Valentine Fitzpatrick (1831–1870), agus Walter Henry (a bhásaigh ina naíonán), a bhí ag Pádraic a Bláca, agus ceathrar iníon. Mhair a bhean, Eleanor Mary (*née* Roberts, as Middlesex), go dtí 1874. Bhí cónaí uirthi ag 8 Mount Steet, Baile Átha Cliath.

Seo sliocht as an uacht:

*To my wife Eleanor Mary my furniture and plate.
To my son Valentine Fitzpatrick the rest of my
personal property. My real estates I devise to
trustees, viz. my wife, Hubert Moore, and Michael
Morris, B.L. in trust. To pay my wife £400 per
year, my sister Jane £50 per annum, my sister in
law Rosa Roberts £30 per annum. To each of my
daughters Fanny, Rosa, Eleanor and Mary Anne
£2,000. To my son Valentine the residue of my real
estate.*

Bhí roinnt morgáistí ag Valentine Fitzpatrick Blake i gcaitheamh a shaoil ach d'éirigh leis teacht astu i gcónaí. Agus bhí roinnt plé ag na Blácaigh le Muirisigh an Spidéil – ní nach ionadh ó bhí cleamhnas ansin. Ar 22 Bealtaine 1853 thóg Martin Morris, Seafort, Co. Galway, Both Chuanna agus Spiddal Fishery ar léas saoil ó James Fitzpatrick ar dtús, ansin ó Patrick Blake agus ina dhiaidh sin ó Valentine Fitzpatrick Blake ar £240 sa mbliain. Ba iad Michael Morris, Dublin, agus George Morris, Wellpark, Gaillimh, na finnétithe. In 1860 shínigh Valentine agus a cheathrar deirfiúr *indenture* nó morgáiste le Michael Morris as Baile Átha Cliath, dlíodóir, le haghaidh iasacht £2,000 agus tailte eastát na Tulaí mar urrús.

Dar le Luacháil Uí Ghríofa in 1857 ba é Valentine Fitzpatrick Blake an tiarna talún a bhí ar eastát na Tulaí. Bhí 73 acra James M'Credy ar fholéas ag Richard Foreman agus bhí 90 acra den Leathchartúr ar léas ag Richard Newman Somerville JP agus é ina chónaí i Blake's Lodge, Cartron. D'fhan an Leathchartúr ag Somerville go dtí na 1890í nuair a thóg Peter Walsh as Gleann Mhac Muirinn 111 acra ar léas uaidh – tá na Breathnaigh ann ó shin.

Ní fios cá fhad a d'fhan clann mhac an Bhlácaigh sa Tulaigh tar éis bhás Shéamas a Bláca in 1852. D'imigh Valentine Fitzpatrick Blake as Gort na Móna agus chuaigh chun cónaithe in 169 Bóthar Ráth Garbh, Baile Átha Cliath. Bhí an teach mór i nGort na Móna ar léas ag Henry Joseph Cowan. Agus bhí cuid d'eastát na Tulaí ligthe ar léas aige le daoine éagsúla. Mí na Nollag 1868, léasaigh sé cearta iascaigh Abhainn Chromghlinne le Rev. James M'Credy, a bhean Lydia agus a mhac Robert, athnuachan ar léas den chineál céanna a rinneadh in 1862. Ar 15 Samhain 1869 rinne sé athnuachan ar léas an Leathchartúir agus roinnt talún ar an Tulaigh (200 acra Éireannach ar feadh 31 bliain ar chíos bliantúil £130) le Richard Newman Somerville, a bhí anois i Kingston House i nGaillimh. In 1870 a bhásaigh Valentine

Fitzpatrick Blake. Bhí sé ina chónaí i mBré, Co. Chill Mhantáin, ón mbliain roimhe sin. San uacht d'fhág sé £300 sa mbliain ag a bhean, Ellen (Smythe), £6,000 do na '*younger children*', £700 dá leasiníon Helena, agus an t-ús ar £1,000 do mháthair a chéile, Ellen Smythe. Ba iad Isaac Smythe agus George Morris na seiceadóirí. 17,335 acra talún i gContae na Gaillimhe a luadh leis.

Valentine Alexander Blake a bhí ar a mhac siúd a rugadh in 1869 nó 1870 i mBaile Átha Cliath. Chuaigh seisean san arm agus bhí sé ina chaptaen sna 4th Scottish Rifles le linn Chogadh na mBórach (1899–1902). Phós sé Sasanach mná sa mbliain 1902 agus is in aice le clann a mhná i Hertfordshire a bhí cónaí air, cé gurbh é Gort na Móna áras oifigiúil na mBlácach i gcónaí. I gCill Iníon Léinín i mBaile Átha Cliath a bhí cónaí air nuair a bhásaigh sé i 1923. Fuair a bhean, Alison (*neé* Skeet), bás i 1955. Tá siad curtha i reilig Ghráinseach an Déin i mBaile Átha Cliath.

Focal Scoir

Murarbh ionann agus go leor tiarnaí talún eile i gConamara, an Coimíneach abair, nó na Máirtínigh, d'éirigh leis na Blácaigh teacht slán ón nGorta Mór agus ó chorraíl Chonradh na Talún. Níor rug Cúirt na nEastát Fiachbháite orthu ná fiacha ná creidiúnaithe eile, agus choinnigh na daoine ag íoc cíosa le '*reps of Val. Blake*', maor nó báille na mBlácach, Wallace, ar feadh blianta ina dhiaidh sin. Ba iad Coimisiún na Talún a cheannaigh a gcuid talún ar deireadh agus roinneadh ar na tionóntaí é.

B'fhéidir gurbh fhearr an focal deiridh a fhágáil ag an ealaíontóir William Wakeman. Thus sé cuairt ar an áit am éigin roimh 1850 agus mhol sé go spéir '*the seat of Mr Blake, whose improvements and clearances give an agreeable repose to the eye, wearied with the interminable succession of rocks, boulder-stones, cabins and loose stone enclosures*'. Tá na clocha ann i gcónaí ach tá na Blácaigh imithe le gaoth.

Nóta ar na foinsí

Ar scáth a chéile a mhaireann lucht staire agus tá mé go mór faoi chomaoín ag taighde Sheáin Uí Mhainnín nach maireann (foilsithe agus neamhfhoilsithe – a bhuíochas sin do Mháire Uí Mhainnín, go ndéana Dia grásta uirthi). Táim faoi chomaoín chomh maith ag tráchtas neamhfhoilsithe MA le Pádhraic Faherty, *The Blakes of Tully* (Ollscoil Mhaigh Nuad, 2003). Is fiú, freisin, súil a chaitheamh ar *Forgetting Ireland* (2003) le Bridget Connelly. Tá foinsí foilsithe eile luaite sa téacs. ○

Tí Mholly

Pionta den Scoth & Dea-Chomhluadar





An Seanadóir

Trevor Ó Clochartaigh



Ag obair ar son mhuintir na Gaillimhe,
pobal na Gaeilge & na Gaeltachta.

Ag obair leis na Comhairleoirí Tom Healy,
Gabe Cronnelly, Dermot Connolly, Mairéad
Farrell, Cathal Ó Conchúir & Mark Lohan.

Oifig na Gaillimhe:
3ú Urlár, Teach Ross, Bóthar na
gCeannaithe.
(091) 567921

nó

An Caorán Beag,
An Cheathrú Rua,
Co na Gaillimhe

R-phost/:
trevor.oclochartaigh@oireachtas.ie
Idirlíon: www.trevoroc.com

Fón póca: (00353) 872476624



An Seachtar Laoch ag Scoil Sailearna

Ceird an Fhocail: Scríbhneoireacht Chonamara Inníu

Gearóid Denvir

Dúirt Máirtín Ó Cadhain, mórscribhneoir Chonamara agus go deimhin duine de mhórscribhneoirí na Gaeilge riamh anall, ina thiomna liteartha dheireadh saoil, *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, go raibh sé ag scríobh i gcaitheamh a shaoil ar uireasa traidisiúin liteartha, ‘cés moite de na filí tuaithe’. Bhí cuid áirithe den cheart aige sa méid sin, ar ndóigh, má tá i ndán is go gciallaíonn traidisiún liteartha riar scríbhneoirí ardréime a bheith romhat sa líne a mbeadh *corpus* canónda úrscéalta, drámaí, filíochta (i gciall liteartha na hardfhlíochta, go háirithe) agus gearrscéalta foilsithe acu agus léitheoirí iomadúla acu, gan trácht ar litríocht fhairsing chritice a bheith ar fáil lena saothar a “mhíniú” don domhan mór.

Leagan amach sách cúnga bheadh ansin, áfach, a thabharfadh ceannús ceann don “ardlitríocht” chlóite agus don litearthacht aibítreach, mar a tuigtear na coincheapa sin i stair chultúrtha agus i litríocht iarthar domhain le roinnt céadta bliain anuas, agus a dhéanfadh beag is fiú den chruthaitheacht, den ealaín, den tsofaisticiúlacht aeistéiticiúil agus liteartha a roinneas leis an litríocht bhéil, ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain mhóir.

Ní raibh an Cadhnach ar uireasa traidisiúin, áfach, agus tá lorg den bheag is fiú nó den ómós drogallach ar an tagairt fhánach sin aige do na filí tuaithe. Bhí traidisiún áirithe liteartha ann roimhe i gConamara a bhunaigh glúin na hAthbheochana thiar. Ní luann sé féin ach Mícheál Breathnach (1881-1908), údar *Seilg i Measc na nAlp*, arbh as an Lochán Beag dó. Ach ba de bhunadh Ghaeltacht Chonamara Pádraic Ó Conaire, mórscribhneoir thréimhse na hAthbheochana, agus samhlaítear An Píarsach, príomh-nua-aosóir liteartha na thréimhse céanna, le traidisiún Chonnacht freisin go mór mór i ngeall ar a chuid gearrscéalta atá suite san Áit Thiar. Agus bhí riar scríbhneoirí eile de bhunadh na Gaeltachta i mbun pinn faoi thionchar na hAthbheochana agus an Cadhnach ag éirí suas in inmhe agus á phromhadh féin mar scríbhneoir, mar shampla Tomás Bairéad (1893-1973), Liam Ó Flaithearta (1896-1984) agus Pádraic Óg Ó Conaire (1893-1971), triúr a chuir saothar suntasach próis ar fáil i gcaitheamh a saoil.

Ba iad na filí pobail ar thagair an Cadhnach dóibh a choinnigh an traidisiún liteartha nó an cheird dúchais beo ó aimsir an tseansaoil anall i nGaeltacht Chonamara. Fir fógartha agus múnlaíthe tuairimí a bhí sna filí seo, agus insíonn a saothar scéal beo a bpobail go healaíonta sa mbéal beo a mhaireas ó ghlúin go glúin. Labhraíonn siad leis an bpobal, faoin bpobal agus ar son an phobail ina dteanga féin agus i dtéarmaí aeistéiticiúla agus sainchultúrtha a fuineadh as traidisiún dúchasach liteartha an phobail sin. Molann siad laochra móra na háite, cáineann siad bithiúnaigh agus rógairí, dearbhaíonn siad fiúntas agus luachanna sóisialta agus



An tOllamb Gearóid Denvir

cultúrtha an duine aonair agus a phobail, agus buanaíonn siad an duine ina dhúiche féin.

‘Éistear le mo ghlór’ an síorliodán éilitheach a bhí ag Stoc na Cille Uí Chadhain in *Cré na Cille*, agus is cinnte go bhfuair na filí pobail an chluas sin le héisteacht óna bpobal riamh anall. Ba dhearbhu coitianta é ag na seanfhlí go mairfeadh eachtraí agus seanchas dá ndéanfadh file trácht orthu. Sin an tuiscint atá ar chúl ráiteas cáiliúil Raiftearaí go bhfanadh scéal thubaiste Eanách Dhúin beo sa gcuimhne pobail trí


mheán a chuid véarsaí féin: ‘Má fhaighimse sláinte is fada bheas tráchtadh ar an méid a báitheadh as Eanach Dhúin’. Deir Joe Shéamuis Sheáin, file Bhaile na mBrobhach, go mairfidh droch-cháil Shéamuis Uí Ghráinne, an geaingear bóthair a rinne feall ar an bhfile nuair a bhris sé as a phost é, de bharr a dháin féin ar an scéal ar fad:

Is an fhad is sheasfas an teanga i measc Gaeil
Chonamara,
Beidh trácht i ngach teaghlach faoin spóirt seo.

File agus drámadóir pobail ab ea Johnny Chóil Mhaidhc a raibh ardmheas ag an gCadhach air agus, mar a shonraigh an Cadhnach, éistíodh lena ghlór. Scríobh sé féin idir shúgradh agus dáiríre i réamhrá *Buille Faoi Thuairim Gabha*: ‘Tá daoine ann inniu a thugann filí orthu fhéin, ach is daoine eile a thugann ormsa é.’ Is iomaí dán, amhrán, agallamh beirte agus dráma a tháinig óna pheann bisiúil agus tá a shaothar neadaithe i dtraidisiún na seanfhilí a tháinig roimhe, Raiftearaí, Colm de Bhailís, Jeaic Bacach Ó Guairim, Micil Diarmada Ó Clochartaigh agus filí eile an 19ú haois agus thús an 20ú haois, arb iad sinsir liteartha Uí Chadhain chomh maith iad. Sin an tuiscint shinseartha a shníos trína agallamh beirte cáiliúil, *Raiftearaí agus an File*, agus trína shaothar ar fad, go maireann an duine beo trí bhithin na ceirde dúchais:

Níl aon chur i gcás, mar ní bhfuair Raiftearaí
bás,
Ach maireann a cháil ar fud Éireann;
Nó go bhfeice na daill, ní thréigfidh mo cháil,
Is beidh meas ag Críoch Fáil ar mo véarsaí.


Choinnigh filí pobail eile mar Sheán Cheoinín, Val agus Mícheál Ó Donnchú, Pádraicín Chóil Ó Fatharta, Pádraic Learaí Ó Finneadha agus Meáirt Ó Curraoin an traidisiún beo le linn shaolré Uí Chadhain, agus ar ndóigh is mór i gceist an ghlúin is deireanaí de na filí pobail a bhfuil a saothar go mór i mbéal a bpobail ó na 1980í anuas, daoine mar Tom a’



Micheál Breathnach

tSeoighe, Learaí Phádraic Learaí Ó Finneadha agus a dheartháir Cóil, Ciarán Ó Fatharta, Tomas Mac Eoin, Máire Uí Fhlatharta, Tomás Mac Con Iomaire, Máirtín Mac Donnchadha, Cóil Uileac ‘ac Coisdealbha, Pádraicín Pheaitín an Táilliúra Ó Conghaile, Eddie Bheartla Ó Conghaile agus tuilleadh nach iad. Amhránaithe mar

John Beag Ó Flatharta, arb é trúbadóir Chonamara é, agus grúpaí mar Na hAncairí, Cillín, Duirling, Fóidín Meara, Aerach agus Glór na dTonn a chinntíos go mbíonn na hamhráin seo beo ar bhéala na ndaoine, idir shean agus óg, sa lá atá inniu ann. Tá dearcadh láidir ón mbonn aníos agus ón taobh istigh ar shaol comhaimseartha na Gaeltachta le sonrú sna hamhráin seo ar fad.



Pádraic Breathnach

Diol spéise gur fhág Ó Cadhain, agus scríbhneoirí móra eile na hÁite Thiar lena linn, mar Ó Direáin, Ó Flaithearta, Bairéad agus an dá Chonaireach, a gceantar dúchais, agus bíodh is gur scríobhadar ar fad saothar fiúntach nua-aoiseach faoin Áit Thiar i dteanga na háite sin, ba i bhfad ó bhaile ar imirce san ardchathair is mó a chaitheadar a saol. Tháinig glúin ina ndiaidh, áfach, a shamhlaigh malairt shaol na himirce dóibh féin agus dá bpobal. Ba iad seo glúin réabhlóideach dheireadh na 1960í, glúin na gCearta Sibhialta, a d’éiligh obair sa mbaile maille le cearta teanga agus cultúir dá bpobal féin, agus is óna n-agóidí agus óna gcuid feachtas éagsúil a tháinig Raidió na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, gluaiseacht na gcomharchumann, agus ar deireadh thiar Teilifís na Gaeilge nó TG4. Ní comhtharlúint ar bith é gur le linn ré na ngluaiseachtaí pobail seo a tháinig an athbheochan i seantraidisiún na n-amhrán nuachumtha thuasluaite. Tá fealsúnacht na ngluaiseachtaí sin go soiléir sna hamhráin: cearta an ghnáthdhuine thiar, ceist na fostaíochta sa mbaile, an deoraíocht mar fhadhb phearsanta agus shóisialta, drochbhóithre Chonamara, gan trácht ar na ceisteanna móra faoi chúrsaí polaitíochta, cultúir agus teanga.

Tráth an ama chéanna tháinig glúin óg scríbhneoirí chun cinn ar fud na tíre, go mór mór sna hollscoileanna, a shaothraigh an fhilíocht den chuid is mó – leithéidí *Innti* i gCorcaigh agus an dreama a chuir *Nua-Aois*, *Lug agus An Scáthán* ar fáil san ardchathair. Ainneoin dhrochmheas Uí Chadhain ar an nuafhilíocht chéanna – chreid sé gur ‘galra’ a bhí sa bhfilíocht agus nach raibh ‘tada fágtha aici sa nGaeilge ach liricí gearra’ – tháinig glúin nuafhilí chun cinn sa tréimhse chéanna seo i gConamara, mar oidhrí ar Mháirtín Ó Direáin, b’fhéidir, a raibh a dtraidisiún Gaeltachta mar bhunchloch dá saothar uilig ach gur bhain an saothar céanna go príomha le seánra na nuafhilíochta liteartha seachas leis an bhfilíocht bhéil. Liosta le háireamh iad féin agus a saothar: Mícheál Ó Cuaig, Caitlín Maude, Jackie Mac Donnchadha, Seosamh Ó Guairim, Ruairí Ó Tuathail, Máire Holmes, Seán Ó Curraoin agus Joe Steve Ó Neachtain.

Tá bunáite shaothar na bhfilí seo lonnaithe i gcomhthionól fuinniúil fuinte Uí Chadhain agus labhraíonn, siad i bhfriotail Sheáin Uí Churraoin, 'le glór údarásach ó gharrantaí beaga Bhearna'. Seo é an domhan ina bhfoghlaímíonn an duine na ceachtanna bunúsacha duineata as leabhar na cruinne, mar a deir Micheál Ó Cuaig ina dhán faoi áit dhúchais a mháthar, Inbhear, i bparóiste Ros Muc:

Anseo a rinne do phrintíseacht
I mbealaí beaga an bháis.
Cnocán feidheartha, leic is criathrach,
Is áit na nGaorach, muintir mo mháthar,
Teach is garraí cúng ag tabhairt dúshláin
Urláimh bhuanúil an fhiántais.

Is é Conamara croílár na cruinne sa bhfilíocht seo, agus tearmann don spiorad agus don cholainn araon. Saintéama leanúnach bunúsach é tábhacht na háite dúchais agus is beag nach bhféadfaí a mhaíomh go dtarraingítear inti léarscáil shíochultúrtha de Ghaeltacht Chonamara trí bhíthin thréithe aiceanta marthanacha na dúiche – an talamh, an fharraige, na srutháin, na gleannta agus na sléibhte – a mhúnlaíos cruinne agus cruinneshamhail an phobail. Cuireann Seán Ó Curraoin a laoch Beairtle i láthair mar dhuine a fuineadh as a thimpeallacht fhisiciúil, mar 'charcair ghiúsaí i dtalamh sléibhe', nó mar a shnoífi é 'de ghlaschloich an oileáin' agus mar dhuine a bhfuil dlúthcheangal paiseanta aige lena thimpeallacht fhisiciúil agus mheitifisiciúil:

Músclaíonn na Maoilíní na paisiúin i mBeairtle.
Is nuair a bhíonn sé imithe ón mbaile
Bíonn maolchnoc is maoilín, droim is droimín,
Ag déanamh deibhí scaoilte ina aigne.
Éiríonn a chroí le haoibhneas mar éiríonn an ghaoth ar
na Maola,
Is mar scaipeas an ceo ar Sheana' Fhraochóg.

Ar bhealaí go leor is é Joe Steve Ó Neachtain oidhre fileata Johnny Chóil Mhaidhc i gConamara sa méid agus go bhfuil an-tóir ar a shaothar ag an bpobal. Léiríonn sé ómós ina shaothar ar fad don dream, mar a deir sé ina leabhar aistí, *Ag caint linn féin*, 'a d'iompair an briathar beo ó ghlúin go glúin', agus do na 'hoidí béil chois an teallaigh'. Cuireann sé imní in iúl freisin faoi thanaíochan na teanga ar na saolta seo:

Is garr go mbeidh sé doiligh ag mo leithéidse
stroipín comhrá a dhéanamh gan na fotheidil a
bheith greamaithe faoi mo smig. Tá muid ag rith
ar an tanaíochan ... agus tá daoine ann a
déarfadh ... nach Gaeilge atá sa bhfaisean níos
mó ach ... Hectoris.


Filíocht phobail is mó atá sa gcéad dá chnuasach leis, *Fead Ghlaice* (1986) agus *De Dhroim Leice* (1990), ina bhfuil leithéidí '*Amhrán Bhobby*' (amhrán atá beo i gcónaí i mbéal na ndaoine) agus lúibíní agus agallaimh bheirte ar geal leis an bpobal i gcónaí iad: scéal Éamonn Casey, an sagart sa

bhfaoistin, cailleadh an *dole* agus a leithéidí. Is geall le creidheall báis a chnuasach cumasach dúshlánach, *An Dé Deiridh* (2008), áfach, ar nuafhilíocht liteartha í atá neadaithe go láidir i bhfréamhacha dúchais, agus a fhógraíos go neamhbhalbh go bhfuil pobal agus seansaol na Gaeltachta, ar de é féin, ag saothrú an bháis. Seinneann Jacky Mac Donnchadha mórán an creidheall céanna, más go liriciúil ceolmhar féin é, ina bhailiúchán álainn *Gaineamh Séidte* (2003). Fuintear cruinneshamhail, agus córas meafarachta, tagartha agus smaointeoireachta a chuid filíochta seisean as an "seansaol", as comhthionól fuinniúil fuinte Uí Chadhain. Tá reacaire na filíochta seo ar a chompord i saol na feilméarachta traidisiúnta mar a feictear é i gConamara fiú inniu féin – saol an gharraí, an phortaigh agus na farraige. Ainneoin íomhánna an mheathlaithe atá go tréan sna dánta, déanann Mac Donnchadha ceiliúradh ar bhuanaíocht an duine ina dhúiche, ina thimpeallacht agus fiú ina chraiceann féin.

Chreid Ó Cadhain go raibh an iomarca éascaíochta ag roinnt le scríobh na filíochta, áfach, agus d'áitigh sé go gurb é an próis 'tathán, coinchréad, clocha saoirsinne an tsaoil'. D'fhág sé féin scáil mhór os cionn scríobh an phróis san iarthar lena bheo féin rud a fhágas nach mórán úrscéalta ná gearrscéalta atá againn ó scríbhneoir óg ó Ghaeltacht Chonamara sa tréimhse iarchogaidh anuas go dtí 1974 nuair a d'fhoilsigh scríbhneoir Mhaigh Cuilinn, Pádraic Breathnach, a chéad chnuasach de ghearrscéalta cumasacha, *Bean Aonair agus Scéalta Eile*. Tá Breathnach ar dhuine de na scríbhneoirí Gaeilge is bisiúla agus is forásaí dá bhfuil againn agus tá trí cinn déag de leabhair ghearrscéalta agus dhá úrscéal againn óna pheann. Níl aon amhras faoi ach gurb é rí an ghearrscéil iarChadhnaigh é. Bíonn a chuid scéalta ar fad thar a bheith



Joe Steve Ó Neachtain



Liam O'Flaithearta

dea-scríofa i bhfriotail ealaíonta ardliteartha atá bunaithe ar a chanúint dhúchais féin. Mar is léar ó theideal an chéad chnuasaigh thuas, ríomhann sé cinniúint an duine aonair, aduain, choimhthígh i riar mhaith scéalta, ach ina theannta sin tá sraith scéalta aige atá lonnaithe ina thaithí féin saoil san Áit Thiar, áit a bhfeictear an duine i dtiún go hiomlán leis féin agus lena thimpeallacht in eipeafáiní nach bhfuil bréagrómánsúlacht dá laghad le sonrú orthu. Tá nuáil ar leith ag roinnt le saothar cruthaitheach an scríbhneora Árainneach, Dara Ó Conaola, agus go mór mór sna cnuasaigh ghearrscéalta *Mo Chathair Ghríobháin* (1981) agus *Amuigh Liom Féin* (1998), agus sa novella *Misiún ar Muir* (1992) a thás i ngleic le ceisteanna bunúsacha a bhaineas le cinniúint an duine dhaonna agus é ag tarraingt go láidir ar mhodhanna reacaireachta ó thraidisiún na scéalaíochta béil a tháinig anuas chuige óna dhúchas Árainneach. Tá saothar luath Bheairtle Uí Chonaire, go háirithe na gearrscéalta in *An Fête agus Scéalta Eile* (1984) agus *Marilyn Monroe i mBaile an Ghoirt* (1991) roinnt traidisiúnta ar lorg leithéidí Phádraic Óig Uí Chonaire agus Thomáis Bairéad, ach is úrscéalta cumhachtacha le fírinne dhomhain shíceolaíoch iad *Fonn na Fola* (2005), a ghnóthaigh duais an Oireachtais don úrscéal liteartha don bhliain 2004, agus *Iad Seo Nach bhFaca* (2010). Leabhar eile ó Chonamara a ghnóthaigh duais Oireachtais don úrscéal liteartha is ea *An Cléireach* (2007) le Darach Ó Scolaí, úrscéal stairiúil in ardréim liteartha teanga atá

lonnaithe sa 17^ú haois, agus thug sé treo eile ar fad air féin ina scéinséir sofaisticiúil iar-nua-aoiseach, *Na Comharthaí* (2014).

File, gearrscéalaí, drámadóir, craoltóir, aisteoir, tráchtair ar scéal an duine faoina ghné Chonamaraíoch, agus fear ceart agus cóir a bhaint amach dá mhuintir agus dá chultúr féin is ea Joe Steve Ó Neachtain, agus feictear na cúraimí sin ar fad go rábach ina shaothar próis ach go háirithe. Déanann a chuid gearrscéalta in *Salann Garbh* (2009) agus *Clochmhóin* (1998), maille lena chuid úrscéalta *Lámh Láidir* (2001) agus *Scread Mhaidne* (2003) cur síos ar chora cinniúnacha a mhuintire féin agus iad ag dul i ngleic le ceisteanna móra a bhaineas le saol comhaimseartha Ghaeltacht Chonamara sa nGaeilge chraicneach thírúil sin nach bhfacthas ó aimsir an Chadhnaigh. Beireann na húrscéalta ort ón tús le deareaireacht agus le teannas drámatúil a gcuid eachtraíochta nach dtagann iamh ná foras air amach go deireadh scríbe ar bhealach a chinnteos nach mbeidh tú in ann an leabhar a leagan uait, go gcoinneoidh tú ort ag léamh díreach lena fháil amach céard a tharlós, céard is cor do na carachtair éagsúla. Bíonn an charachtracht thar a bheith beo freisin agus an reacaireacht lán leis an tabhairt faoi deara daonna sin is dual don scríbhneoir ó dhúchas. Tréith eile a chuidíos go mór le seoladh na reacaireachta i gcónaí is ea an comhrá nádúrtha a mbíonn orlaí de shainghreann tírúil an údair ag sníomh tríd go minic. Sin bua atá ó nádúr ag Joe Steve. Scéalaí atá ann, agus tá scéalta aige le n-inseacht. San am céanna, tá cuid den eachtraíocht sna gearrscéalta agus sna húrscéalta roinnt traidisiúnta nó sin neadaithe i seánra na litríochta réigiúnaí, ó *An tOileánach* anuas trí shaothar Phádraic Óig Uí Chonaire agus Thomáis Bairéad, agus as sin go dtí úrscéalta traidisiúnaíochta Ghaeltacht Chonamara le glúin anuas mar a feictear i saothar scríbhneoirí mar Mhícheál Ó Raighne, Colm Ó Ceallaigh, Séamas Ó Conghaile agus a leithéidí.

Mianach de chineál eile ar fad, ar bhealaí go leor, atá i bhformhór shaothar Mhíchíl Uí Chonghaile, fiú má fuineadh as an ithir dhúchasach chéanna le Joe Steve é. File, gearrscéalaí, úrscéalaí, aistritheoir, staraí, foilsitheoir, eagarthóir, anamchara scríbhneoirí atá ann. I 1985 bhunaigh sé Cló Iar-Chonnacht, comhlacht foilsitheoireachta atá lonnaithe in Indreabhán i nGaelacht Chonamara. Tráthúil go maith ba é *Beairtle* le Seán Ó Curraoin an chéad leabhar a d'fhoilsigh CIC, leabhar a dhéanas ceiliúradh ar a ndúchas Conamaraíoch araon. Mar scríbhneoir cruthaitheach ceannródaíoch turgnamhach a mhairfeas cáil Mhíchíl Uí Chonghaile, áfach, agus tá aitheantas dá réir sin faighte aige cheana ó aos liteartha agus léinn. Is iomaí duais liteartha agus gradam eile atá buaite aige anseo in Éirinn agus thar lear in imeacht na mblianta, go mór mór ag Comórtais Liteartha Oireachtas na Gaeilge. Ina theannta sin, ainmníodh é mar Scríbhneoir nua Éireannach na Bliana i 1997, an bhliain chéanna ar bronnadh Duais Liteartha an Bhuitléaraigh air. Bhí a úrscéal *Sna Fir* (1999) ar an ngearrliosta do Dhuaisianna an *Irish Times* i 2001 agus bronnadh Príomhdhuais Litríochta Hennessy air i 1997 as leagan Béarla dá scéal álainn 'Athair' a dhéanas cur síos ar an gcaidreamh domhain ach tostach focal-spárlach idir feilméara bunaosta

in Iarthar Éireann agus a mhac aerach.

Scríobh an criticeoir Máirín Nic Eoin go bhfuil Ó Conghaile i measc na scríbhneoirí úd a bhfuil a saothar ar ancaire fós i máithreach shaibhir Ghaeilge na Gaeltachta. ‘Scéalaí nua-aoiseach na samhlaíochta dúchais’ a thug an file agus an criticeoir Gearailt Mac Eoin air, a bhfuil ‘stíl álainn na Nua-Ghaeilge mar mheán ealaíne [aige] trína n-éiríonn leis smaoineamh ar bith dá ritheann leis a chur in iúl faoi chruinneas agus faoi bhinneas focal’. Agus dúirt an scríbhneoir Duibhneach Pádraig Ó Cíobháin faoi:

Is scríbhneoir Gaeltachta atá anseo againn a bhfuil léargas á thabhairt aige a théann go smior. Agus le ‘léargas’ ciallaím éachtaint a osclaíonn ár súile, ag foilsíú na míorúlta a bhaineann leis an nádúr daonna. Tá an tsoilseacht anseo i ngach líne den gcruthú: an sórt loinnirtheachta a shamhlófaí le peannaireacht na scríobhaithe anallód, é ag druidim i dtreo na péintéireachta.

Tá saothar suntasach próis curtha i gcrích ag Ó Conghaile ó foilsíodh a chéad chnuasach gearrscéalta, *Mac an tSagairt*, i 1986 agus gan é ach ceithre bliana fichead d’aois, go mór mór *An Fear a Phléasc* (1997) agus *An Fear nach nDéanann Gáire* (2003), maille lena úrscéal ceannródaíoch, *Sna Fir*, agus an *nouvella* turgnamhach *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* (2002),


Mura léann pobal Chonamara go fairsing, agus go háirithe leithéidí shaothar na scríbhneoirí próis thuasluaite i nGaeilge, tá an-tóir acu ar an drámaíocht, agus go háirithe ar an seánra drámaíochta a dtabharfaí drámaíocht tíre uirthi. Bunaíodh Cumann Drámaíochta an Spidéil chomh fada siar le 1910 agus léiríodís drámaí go rialta i gColáiste Chonnacht nach raibh i bhfad ar an bhfód é féin ag an am. Tháinig borradh mór faoin drámaíocht ar fud na tuaithe in Éirinn i lár an chéid seo caite agus bhí a shliocht sin le feiceáil i nGaeltacht Chonamara. Bhí compántais rathúla drámaíochta i gCarna, i Ros Muc, sa gCeathrú Rua agus i gCois Fharraige chomh maith leis An Spidéil. Bhí an-tóir ar dhrámaí Johnny Chóil Mhaidhc agus líonadh dráma nua leis hallaí ó Bhearna go Carna go dtí lá a bháis, leithéidí *Mar a Chéile Muid* (atá le fáil i lámhscríbhinn Scoil Éigse na Tulaí don bhliain 1960), *An Tincéara Buí* agus *Pionta Amháin Uisce* (a foilsíodh in éineacht i 1962), *Ortha na Seirce* (1987) agus *An Cruastóir* agus *An Mhéar Fhada* (a foilsíodh in éineacht i 1995). Bíonn an t-éileamh céanna ag an bpobal ar dhrámaí Joe Steve Uí Neachtain, leithéidí *Níor Mhaith Linn do Thrioblóid* (2006), *In Ainm an Athar* (2006) agus *Faoi dheireadh thiar* (2008) a léiríodís gnéithe, idir thaitneamhach agus mhíthaitneamhach, de shaol an phobail trí mheán an ghrinn a bhfuil an dáiríre le gearradh faoi ina orlaí láidre thríd, agus an t-iomlán á reic i gcanúint dhúchais an phobail sin.

Tá an drámaíocht liteartha á saothrú ag riar scríbhneoirí freisin ach níl an oiread tóra uirthi ag an bpobal mar is léar ón easpa tinrimh ar a leithéidí. San am céanna tá drámaí suntasacha a théas i ngleic le mórcheisteanna na linne ar bhealaí dúshlánacha, agus conspóideacha fiú in amanna, scríofa ag Antaine Ó Flaithearta (*Gaeilgeoirí*, 1981; *Imeachtaí*

na Saoirse, 1983; Grásta i Meiriceá, 1990; *An Solas Dearg*, 1995), ag Mícheál Ó Conghaile (*Go dTaga do Ríocht*, 2009; *Jude*, 2007; *Cúigear Chonamara*, 2003) agus ag Darach Ó Scoláí (*Coinneáil Orainn*, 2005; *An Braon Antos*, 2006).

Tá an tuiscint atá anois againn ar litearthacht, gan trácht ar an litríocht, agus dá réir sin ar an mbéalaireacht, ag athrú go mór le glúin nó dhó anuas. Ar an leibhéal is simplí is é atá i gceist leis an litearthacht cumas an duine léamh agus scríobh, próiseas casta fadsaoil trína mbaineann an duine brí as téacs scríofa nó clóite. Tá an scéal sin athraithe go mór ó theacht chun cinn an idirlín agus an tsaoil dhigitigh i dtús na 1990í. Ní foláir ó shin ath-shainmhíniú a dhéanamh ar an earra cultúrtha, ar an gcaipeatal cultúrtha, is litearthacht ann. Sa 21^ú haois cuimsíonn an litearthacht nua seo scileanna éagsúla: litearthacht ilmheán, litearthacht fhísiúil, litearthacht ríomhaireachta, litearthacht eolais agus teicneolaíochta.

Is é an téacs físiúil nó an téacs digiteach anois seachas seantéacs an fhocail scríofa an comharthóir cumhachtach (agus, ar ndóigh, bíonn focail leis an bhfis). Sin an réabhlóid dhigiteach a d’athraigh an chaoi a léimid an domhan agus a rinne ath-shainmhíniú ar an rud is litearthacht ann. Agus sin an comhthéacs inar gá dúinn tuiscint eile a aimsiú ar shaothrú an fhocail d’fhonn scéal an duine a inseacht. Is ar an teilifís, ar an raidió, ar *You Tube* agus ar fhísmheáin eile is mó a ríomhtar an scéal sin anois, b’fhéidir, go mór mór i measc an aosa óig. Agus tá scríbhneoirí na Gaeilge sa gceantar seo ach go háirithe, iad siúd i bhfriotal Sheáin Uí Ríordáin a baisteadh i gCreideamh an Fhocail, i lár cuilthe sa tionscnamh seo. Scríobh Joe Steve Ó Neachtain an sobalchlár raidió, *Baile an Droichid*, ar feadh deich mbliana agus tá buíon scríbhneoirí i mbun *Ros na Rún*, ar ó pheann an drámadóra aniar, Antaine Ó Flatharta a tháinig an coincheap agus an chéad sraith, le fiche bliain anuas. Cuir leis sin na duais-scannáin a tháinig as Gaeltacht Chonamara le blianta beaga anuas ó stiúrthóirí mar Mhacadara Ó Curraoin, Seán Ó Cúláin agus Maidhcí Ó Flatharta, agus ní bréag a rá go bhfuil lucht na héigse dúchais i gConamara i mbun chúram na ceirde dúchais riamh anall, mar atá, scéal an duine a inseacht ina mbealach féin agus glór an duine i bhfocail ina cheartlár. ○



Máirtín O'Cadhain

Muintir Mhic Phiarais

Fearghas Mac Lochlainn

Ba sin-seanuncaileachaí liom iad Pádraig Mac Piarais, duine de cheannairí Éirí Amach na bCásca i 1916, agus a dheartháir Willie (Liam Mac Piarais) a cuireadh chun báis freisin i bPríosún Chill Mhaighneáin sa mbliain 1916. Ba údar mór bróid dhúinn an gaol seo agus muid ag fás aníos i mBaile Átha Cliath.

James Pearse ab ainm d'athair na bPiarsach. Phós sé sin Emily Fox. Bhí beirt chlainne orthu – James agus Emily Pearse. Ba í Emily Pearse mo shin-seanmháthair. Cailleadh Emily Fox go hóg agus phós James Pearse arís. Phós sé Margaret Brady. Bhí ceathrar clainne orthu – Margaret, Pádraig, Willie, agus Mary Brigid.

Phós mo shin-seanathair, Ailfrid (Ignatius) Mac Lochlainn, Emily Pearse, leasdeirfiúr na bPiarsach cáiliúil. Bhí clann orthu sin – Ailfrid (Vincent) Mac Lochlainn, Margaret agus Emily eile.

Tar éis roinnt blianta d'imigh Ailfrid Ignatius Mac Lochlainn go Meiriceá agus chúns a bhí sé imithe chuaigh Emily Pearse agus an triúr gasúr ar ais abhaile go teach na bPiarsach. Dá bhrí sin, chaith mo Dheaideo (Ailfrid Vincent Mac Lochlainn) go leor dá óige i gcomhlúadar na bPiarsach. Bhí sé ar an bhfoireann i Scoil Éinne agus is minic a d'fhan sé sa teach i Ros Muc in éineacht leis an bPiarsach.

Phós mo Dheaideo, Ailfrid Vincent Mac Lochlainn, Marcella Dowling (mo mhamó) agus bhí seachtar clainne orthu, mo Dheaide, Piaras Mac Lochlainn, ar an dara duine ba shine acu.

Ba údar mór mórtas dhúinn é agus muid ag fás aníos i mBaile Átha Cliath an dlúthcheangal a bhí againn leis na




Pádraig Mac Piarais

Piarsaigh. Bhí pictiúr de theach an Phiarsaigh a phéinteáil mo Dheaide crochta ar an mballa. Bhí an grianghraf cáiliúil den bheirt dearthár, Pádraig agus Willie, a thóg mo Dheaideo, crochta sa seomra suite. Bhí cóip d'Fhorógra na Cásca i bhfráma taobh istigh de dhoras an tí.

Bhí dlúthbhaint ag mo Dheaide le hathchóiriú Phríosún Chill Mhaighneáin a dearnadh go deonach go hiomlán, ó thús go deireadh. Is cuimhin liom i mo ghasúr a bheith ag spraoi thart ann sular osclaíodh don phobal é. Bhí dlúthbhaint aige le hathchóiriú Scoil Éanna freisin. Tógadh muide le Gaeilge i mBaile Átha Cliath, rud a bhí neamhghnách ag an am. Scríobh mo Dheaide dánta agus scéalta agus drámaí i nGaeilge, ach faraor cailleadh go hóg é agus gan é ach dhá bhliain le cois an leathchéid.

Bíonn díomá orm scaití nuair a fheicim go mbíonn daoine leithscéalach nó náireach faoin méid a thit amach in 1916. Dar liomsa, ba laochra dáiríre iad siúd a throid san Éirí Amach. Bhí fíis acu. Bhí mórtas ina gcroí. Bhí misneach acu. Sheas siad an fód le go mbeadh saoirse, cearta agus cothromaíocht ag an dream a tháinig ina ndiaidh. Thuig siad go maith gurb é an bás a bhí i ndán dóibh fhéin. Stop siad den troid nuair a chonaic siad go raibh gnáthmhuintir na cathrach nach raibh baint ná páirt acu leis an Éirí Amach dhá marú.

Na tréithe sin ar chreid na Piarsaigh iontu, mhair siad go láidir i m'athair agus d'fhéach sé leis na tréithe sin a thabhairt ar aghaidh dhúinne: An tírghrá. Grá don nádúr agus don dúlra. An charthanacht, an chothromaíocht, an ceart agus an chóir. Éire a bheith saor. Éire a bheith Gaelach. Grá don chultúr. Grá don litríocht, na scéalta, na hamhráin, an fhilíocht agus thar gach ní eile grá don teanga bheo. ○



Pádraig (ar chlé) agus a dheartháir Willie (ar dheis)

Amhrán 1916

Fearghas Mac Lochlainn

(Fonn: “The Manchester Martyrs” nó “God Save Ireland.”)

I naoi déag a sé déag
Ní raibh cearta ag na Gaeil
Bhí Sasana i gceannas ar an tír
Ní raibh sé ceart ná cóir
Agus thosaigh daoine ag gleo
Throid na hÓglaigh ar son Éire a bheith saor.

Curfá

*Ar son Éire a bheith gaelach
Ar son Éire a bheith saor
Throideadar faoi Cháisc
Agus cuireadh iad chun báis
Mar gur throid siad ar son Éire a bheith saor.*

I lár an bhaile mhóir
Ar bharr an GPO
Chroch siad bratach uaine, bán is buí
Bíodh síocháin agus meas
Ó thuaidh agus ó dheas
Mar sin é a chiallaíonn uaine, bán is buí.

Bhí an Píarsach ar an tsráid
Agus d’fhógair sé go hard
Poblacht a bheadh cothrom agus saor;
Bheadh athrú ar an scéal
Bheadh cearta ag na Gaeil
Is bheadh saoirse ag an tír seo anois arís.

Cuimhneoidh muid go brách
Ar na laochra seo a fuair bás
Ag iarraidh saoirse a bhaint amach dhá dtír;
Mar d’iocadar go daor
Le go mbeadh muid saor
Bhí misneach agus mórtas ina gcroí.

Is fada liom an lá
Go mbeidh saoirse i chuile cheard,
Beidh síocháin agus sonas, thoir is thiar.
Is le cúnamh Dé go luath
Beidh saoirse againn ó thuaidh,
Is beidh náisiún aontaithe againn faoi dheireadh thiar.



Fearghas Mac Lochlainn ag aithris a dháin do ghasúir Scoil Sailearna

Ceol agus Ceoltóirí Chois Fharraige

Neansaí Ní Choisdealbha

Ní raibh an oiread ceoil riamh i gCois Fharraige is atá ann sa lá atá inniu ann agus na céadta ceoltóirí óga ag freastal ar ranganna ceoil an Ghaelacadaimh, ranganna go deimhin atá ar siúl ar fud Chonamara ar fad. Tá na ceoltóirí óga ag freastal ar ranganna ceoil le Scoil Cheoil Gannon sa Spidéal, scoil atá á reáchtáil ag Colm agus Kelly Gannon agus ar ndóigh tá ceoltóirí eile i mbun ranganna freisin, ceoltóirí ar nós banríon na feadóige, Mary Bergin.

Seans go gcuirfeadh an méid ceoil atá le cloisteáil timpeall an cheantair faoi láthair agus an méid ceoltóirí atá ann sa lá atá inniu ann iontas an-mhór ar na ceoltóirí a bhí ag iarraidh a bheith ag baint ceoil as droch bhoscaí ceoil agus as míleoidenachaí a bhí ar an dé deireadh sna blianta siar. Déanfaidh mé cur síos ar an gceol agus ar na ceoltóirí a bhí ann blianta siar mar a chonaic mé féin iad agus mar a chuala mé ó mo dheaide féin Michael Mheáirt Ó Coisdealbha go ndéana Dia grásta air agus ó roinnt daoine eile a raibh grá mór acu don cheol ar nós Meaití Jó Shéamuis Ó Fátharta, fear a rinne an t-uafás chun an ceol a chur chun cinn i measc na n-óg agus a chinntigh go raibh chuile dheis agam féin nuair a thosaigh mé agus freisin ó bheirt a d'imigh uainn i mbliana Cóil Uilic Ó Coisdealbha agus Tomás Ó Loideáin nó Tom Lydon mar a thugtaí air.

I gCor na Rón agus mise i mo pháiste chuala mé ceol á chasadh ag mo dheaide ar an teallach. Is ar an mbosca ceoil a bhíodh sé ag casadh, uirlis a tharraing sé aige féin nuair a bhí sé ocht mbliana déag. Ní raibh aon cheoltóir uirlise sa gclann se'againne roimhe sin ach bhí mo dheaide bíogtha ceart ag ceol agus ní shásódh tada é go bhfuair sé an bosca agus chaitheadh sé uaireanta an chloig ag cleachtadh. Bhíodh faisean freisin aige an bosca a tharraing chuige tar éis tae i lár an lae agus é ag glacadh scíthe ón ngarraí agus ó obair an lae agus dúirt sé go minic go mbíodh a mháthair ag fógart air an bosca a leagan uaidh mar go raibh daoine ag dul an bóthar a chloisfeadh é agus nár mhaith an rud a bheith i mbun ceoil i lár an lae mar go gceapfaí gur leadaí a bhí ann! Bosca D/D# a bhí ag m'athair ar dtús agus is ar ró amháin a chasadh sé ceol – díreach mar a chastaí é ar an míleoiden ach tar éis Paddy O'Brien a chloisteáil ag casadh ar an mbosca dhá ró B/C fuair sé féin ceann acu agus tá cuimhne mhaith agam air ag casadh an cheoil.

Bhí cáil ar Chor na Rón riamh mar gheall ar an méid ceoltóirí a bhí ar an mbaile agus is cuimhneach liom féin go mbíodh Willie Pheaits Ó Fátharta nó Willie Mháirtín Bhille ag casadh, Tom Lydon, col ochtar le mo dheaide, Steve Mhaidhc Stiofáin Ó Cualáin, col seisear le mo dheaide agus Seán Tom Tom Ó Donnchú. Dúirt Meaití Jó Shéamuis liom go bhfuil cuimhne mhaith aige féin air thriúr boscadóirí as Cor na Rón a fheiceáil ag casadh thuas ar bhord Tigh Mhicheál Pheaidí nuair a bhí sé ina ghasúirín beag agus nach ndéanfadh sé dearmad go deo air. B'iad Willie Pheaits, Tom



Neansaí Ní Choisdealbha, Eagraí Ceoil

Lydon agus m'athair a bhí ann a dúirt sé. Chuirte na ceoltóirí suas ar bhord ionas go mbeadh siad le cloisteáil ag daoine agus freisin sa gcaoi nach mbeadh na damhsóirí ag titim sa mullach orthu agus iad ag iarraidh a bheith ag casadh.

Is cuimhneach liom a bheith ag éisteach le mo dheaide ag comhrá le Cóil Uilic Ó Coisdealbha freisin agus iad ag cur síos ar na céilithe a mbíodh siad ag casadh ceoil acu thoir i gColáiste Chonnacht sa Spidéal. Bhíodh na boscadóirí ag casadh ceoil ar a seal mar amanna bhí ganntanas uirlisí orthu agus freisin bhí scíthe ag teastáil. Ní raibh aon mhicreafóin ann an t-am sin agus bhíodh allas á chur ag na ceoltóirí ag iarraidh ceol a choinneáil leis na damhsóirí. Bhíodh Pádraig Tom Pheadair Ó Gríofa as Cor na Rón ina cheoltóir deas míleoiden freisin agus méit mór le m'athair a bhí ann agus iad ag fás aníos agus bhí ceol ag Anraí Pheaitín i mBaile Logáin agus ag a nia Patsy Pheaitín agus a neacht Nancy Pheaitín, bean a bhfuil aithne níos fearr uirthi ó cheird na



Cuid de cheoltóirí Chor na Rón. Ó chlé: Michael Mheáirt Ó Coisdealbha, a iníon Neansaí agus Johnny Pháraic Pheter Ó Conghaile

gruaigeadóireachta!

I ndeireadh na 70í tháinig an ceoltóir iomráiteach mileoidean Johnny Phádraig Phetair Thomáis Mhicil Thaidhg Ó Conghaile nó Johnny Connolly chun cur faoi i gCor na Rón agus chuir sin borradh nua eile faoin gceol ar an mbaile agus is iomaí oíche bhreá cheoil a bhí i dteach se'againne agus Tigh Johnny le m'athair agus Johnny ag casadh agus mé féin, Johnny Óg, Jimmy agus Mary Ellen nach raibh ach ina páiste ag éisteacht agus ag foghlaim na ceirde. Bhí ceathrar againn sa gclann agus bhí mo dheartháir Máirtín in ann formán breá a bhaint as an bhfliúit agus Lynda in ann cúpla port breá a chasadh ar an mbosca agus Tony ar an mbainseó agus ar an mbodhrán agus is minic go gcasfadh mo mháthair Bairbre ar an trumpa freisin.

Dála an scéil, ceoltóir iomráiteach eile a tháinig go Cor na Rón sna nóchaidí ab ea Noel Hill a chaith roinnt blianta ina chónaí ar an mbaile in éineacht lena chlann, Aisling agus Seán, a bhíodh ag casadh ceoil iad fhéin.

Is cuimhneach liom go mbíodh m'athair ag casadh ceoil go rialta Tigh Mharcais i dteannta Mheaití Jó Shéamuis agus Sheosaimh Uí Bhraonáin nó Josie Brennan a chasadh an bainseó agus an giotár agus is iomaí cur síos a bhí acu ar na hoícheanta sin agus ar roinnt ceoltóirí a chastaí isteach, leithéidí Charlie & Ben Lennon, Frankie agus Sean Gavin agus ceoltóirí eile mar sin. Is i dteach ósta Tigh Tuohy, teacht ósta a bhí ag Seán & Brídín Tuohy ina aice le oifig an phoist a bhíodh an ceol is fearr le cloisteáil sna blianta sin agus is é mo ghéar chuimhne mo dheaide agus mo mhama a fheiceáil ag

siúl síos an bóthar chuile thráthnóna Dé Domhnaigh agus muid fágtha le mo shean-mháthair agus iad ag dul ag éisteacht le leithéidí Joe Burke, John Joe Forde, Kathleen Collins, Michael McKeague, Seán Maguire agus ceoltóirí cáiliúla eile. Ba é sin an áit le bheith agus bhí muid ina ngasúir bheaga ag iarraidh dul ann freisin agus gan aon tuiscint againn cén fáth nach raibh cead againn ach dhéanfadh mo shean-mháthair Kate Mhicil Shéamuis as Baile na mBrobhach ó dhúchas slám pancakes dúinn agus m'anam go gearr go raibh dearmad déanta ar Tigh Tuohy!

Is ar an mbosca ceoil a thosaigh mé féin ag casadh ceoil ar dtús, faoi stiúir m'athair, ach nuair a chuaigh mé ar scoil go Scoil Sailearna bhíodh Máire Bn. Uí Mhainnín ag múineadh na feadóige agus is gearr go raibh níos mó tóir agam ar an uirlis sin. Bhí an-suim ag Máire Bn. Uí Mhainnín sa gceol agus bhíodh sí ag tabhairt ranganna feadóige agus bosca ceoil do go leor de na gasúir sa scoil ag an am. Bhí roinnt a choinnigh ag casadh ina dhiaidh sin, leithéidí Sheáinín Boland agus Maidhc Sheáin Uí Mháille a bhíodh ag casadh ar an mbosca. Is cuimhneach liom go mbíodh Tommy Mulhaire ag teacht ag múineadh an bhosca ceoil freisin ach chomh fada le mo chuimhne is go dtí scoil na mbuachaillí a thagadh sé agus níl mórán cuimhne agam air.

Nuair a bhí mé thart ar dheich mbliana nó aon bhliain déag cuireadh tús le craobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i gCois Fharraige agus bhíodh oícheanta ceoil eagraithe ar an Spidéal. Thagadh Meaití Jó ag triall ar mo dheaide le dul leis agus oíche amháin dúirt Meaití liom féin "an bhfuil fonn ort



Meaití Joe Shéamuis

a theacht linn?” Ní raibh aon chall dhó é a rá an dara huair mar bhí mo chosa ag rith uaim agus soir linn. Bhí an ceol ar siúl istigh nuair a tháinig muid ag an doras agus d’fhan muid ansin ag éisteacht go dtí go mbeadh an bualadh bos ann agus b’fhacthas dom go mba bhé an ceol ba dheise é a chuala mé riamh. Nuair a d’oscail an doras agus isteach linn bhí iontas an domhain orm gur gasúir óga nach raibh ach cúpla bliain níos sine ná mé féin a bhí ag casadh an cheoil álainn a bhí cloiste agam – ba iad sin Patsy & Liam Lewis a bhí tar éis cur fúthu sna Forbacha lena dtuismitheoirí John agus Breda. Bhí mé bíogtha ina dhiaidh sin chun go mbeadh mé féin in ann an ceol a chasadh mar a bhí siadsan – roimhe sin cheap mé nach mbeadh tú i do cheoltóirí maith go dtí go mbeadh tú sean!

Bhí uirlisí nuaí ag muintir Lewis freisin – bhíodh John ag casadh ar an bhfliúit, Breda ar an maindilín, Patsy ar chairdín pianó agus an consairtín agus Liam ar an mbainseó agus ar an veidhlín. Ní raibh ach boscaí ceoil den chuid is mó cloiste agam roimhe sin. Bhí corrdhuine thart a bhíodh ag casadh uirlisí seachas an bosca agus bhí siad diabhailtá gann. Bhíodh Meaití Jó ag casadh ar an bpíob uilleann mar a bhí a fhear gaoil an tAthair Pádraigín Darby Ó Fátharta, bhíodh Máirtín Shéamuis Ó Fátharta ag casadh ar an trumpa béil chomh maith leis an mileoidean, uirlis a chasadh mo mháthair féin freisin, Bairbre Joe Staff Seoighe agus bhí cuimhne ag m’athair ar dhuine de shloinne Uí Mhurchú sna Minna a bheith ag casadh ar an veidhlín. Is sa Spidéál ag na hoícheanta sin agus ag seisiúin bhreátha ceoil sa Droighneán Donn agus Tigh Hughes a casadh roinnt de cheoltóirí eile Chois Fharraige orm, Mícheál Ó hEidhin, an Cigire Ceoil, a bhíodh ag casadh ar an gcairdín pianó agus ar an gconsairtín níos déanaí, May

Staunton a chasadh an veidhlín agus ba deas uaithi go deimhin chomh maith lena mac Dónal Staunton a chasadh an bainseó agus a hiníon Deirbhile a chasadh ar an veidhlín chomh maith. Tá clú anois ar an ngrúpa Dordán atá lonnaithe sa Spidéál agus lena gcasann Deirbhile i dteannta Mary Bergin, Kathleen Loughnane & Martina Goggin. Bhí Dónal Standún agus Mícheál Ó hEidhin ag casadh leis an “*Connemara Quartet*” i dteannta Thomáis Uí Cheannabháin as an Aird Mhóir, Cill Chiaráin a bhí ar an bpíob uilleann agus Jimmy Mullin as an gClochán ar an veidhlín agus thaifead siad cúpla rian ceoil ar an gcéad fhadcheirnín riamh a thug Comhaltas Ceoltóirí Éireann amach dár teideal “*The Rambles of Kitty*” i 1967.

Sa Spidéál freisin a chuir mé aithne ar Tom Pháidín Tom Ó Coisdealbha agus is minic gur cuimhneach liom é ag cur síos ar a athair Páidín Tom a bhíodh ag casadh ar an bhfliúit agus bhí Tom Pháidín Tom féin paiteanta ag portaireacht béil, ceird a raibh an-tábhacht léithe freisin sna blianta sin agus tá píosa álainn i gcartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta do Tom Pháidín Tom ag portaireacht agus Páidí Bán Ó Broin ag damhsa, fear a thugadh cuairt go minic ar an Spidéál. Is minic a chuala mé mo dheaide agus Meaití Jó ag cur síos ar fhear eile a bhíodh ag portaireacht béil freisin agus a raibh stíl dá chuid féin aige, Pádraigín Pheaitis Tommy ach faraor níl aon sampla dá chuid ceoil fanta againn. Bhíodh go leor daoine ag feadaíl freisin agus is minic a chloisfinn Steve Mhaidhc Stiofán ag feadaíl agus é ag siobáil timpeall an tí agus ba mhaith uaidh. Is bealach a bhí anseo freisin chun poirt nua ceoil a chuala tú ag oíche airneáin a choinneáil i do chloigeann nó go dtí go raibh deis agat iad a thabhairt leat go cruinn paiteanta. Bhí Meaití Jó ag insint dom freisin go raibh fear ar a bhaile féin sna hAille a bhíodh ag casadh ceoil ar a shámh, Páidín Hughie Ó Fátharta, fear a d’aistrigh síos go Cill Dara blianta ina dhiaidh sin.

Ar an Spidéál freisin a chas mé le Festie Ó Conluain, fear a raibh an ceol go smior ann agus a raibh an-nádúr aige le chuile dhuine den mhuintir se’againne mar go raibh gaol aige le m’athair. Bhíodh sé féin agus a iníon Mómó ag na hoícheantaí ceoil agus b’álainn uaidh foinn mhalla a chasadh ar an bhfeadóg agus tá cuimhne agam é a chloisteáil uair nó dhó ag casadh ar an bhfliúit freisin. Is thart ar an am seo a thug Meaití Jó iasacht fliúite dom agus bhinn ag iarraidh a bheith ag baint corr fhormán aisti. Bhíodh ceoltóirí go leor eile timpeall an Spidéil ag an am seo freisin, Stiofán Mac Suibhne, fear an bhosca ceoil agus na feadóige agus a dheartháir Mícheál a bhíodh ag casadh ar an bhfeadóg freisin, Pádraig Ó Ciardha a bhíodh ag casadh na feadóige, Pádraig Ó Féinneadha ar an mbosca ceoil, Pádraig & Lorcán Ó Coisdealbha nó Clann Johnny Bán, Antoine Pheaitín Terry Mac Donncha a thagadh aniar as Ros an Mhíl, boscadóir breá a bhí ann féin, bhíodh Máirtín Thornton ag corr oíche ag casadh ar an orgán béil agus ar an mileoidean, Eilín Ní Riordáin ar an mbosca ceoil, Bruce Du Ve ar an bpíob uilleann, Mick Cadden ar fhlíúit, Colm Ó Cadhain ar fheadóg agus Danny Smith ar an mbosca ceoil, fear a raibh stíl an-deas aige agus a bhí curtha faoi sna hAille agus Seán Ó hÉanaigh a bhíodh ag casadh ar an ngiotár.

Sna seachtóidí freisin a bhíodh na céilithe ar siúl chuile Déardaoin sa bPoitín Stíl agus airgead á bhailiú chun páirc peile a thógáil do Chumann Peile Mhicheál Breathnach agus bhíodh mé féin agus m'athair ag casadh go rialta ag na hoícheanta sin chomh maith le Meaití Jó Shéamuis agus bhíodh fear ard an Spidéil, Seán Johnny Eoinín Ó Neachtain ina fhear an tí agus ag casadh na ndrumaí, ceird go deimhin a bhíodh ar siúl aige ag na céilithe sa Spidéal na blianta roimhe sin. Bhíodh an boscadóir Máirtín O'Connor linn go rialta freisin ag na céilithe sin mar bhíodh sé ag tabhairt ranganna ceoil i gColáiste Chroí Mhuire ag an am agus is cuimhneach liom leithéidí Frankie Gavin, Pearl O'Shaughnessy agus a beirt mhac Paul agus Tom ag casadh linn freisin corr oíche. Tháinig an tOireachtas go Cois Fharraige freisin i 1974 agus 1976 agus thug sé seo fonn ar chorrduine ceol a chasadh, corr stéibh a chasadh agus is iomaí port breá a casadh do dhamhsóirí freisin.

Níos déanaí fós, sna hochtóidí bhíodh oícheanta airneáin ar siúl i nGairmscoil Cholm Cille nó Coláiste Cholmcille mar atá anois air agus bhíodh siad seo ar siúl faoi stiúir an phríomhoide ansin ag an am, Seán Ó Mainnín, go ndéana Dia grásta air agus is ansin a chonaic mé roinnt de na ceoltóirí óga eile as Cois Fharraige ag teacht chun cinn, Aisling agus Luisne Ní Neachtain ar na veidhlíní agus ar an gcláirseach agus chaith a ndeartháir Páid tamall ag plé leis an bpíob uilleann freisin. Bhíodh Antaine Ó Mainnín ag casadh an bhosca ceoil agus an bhodhráin, Joe Ó Neachtain agus Mícheál Darby Ó Fátharta ar an mbosca ceoil agus a dheartháir Dermot chomh maith. Brian Terry Mac Donnchadha, Tomás Óg Ó Neachtain agus Séamus Mac Con Aonaigh ar fheadóga móra agus Niamh Ní Eidhin ar an bhfeadóg chomh maith le Síle Denvir ar an gcláirseach, bean atá ag casadh leis an ngrúpa Líadan anois.

Is cuimhneach liom gur chuir muid Banna Ceoil ar siúl i 1987 chun páirt a ghlacadh i gcomórtas na mBannaí Ceoil ag an Oireachtas. Bhí mé féin ann chomh maith le Meaití Jó, Luisne agus Aisling Ní Neachtain, Rónán Ó hEidhin ar an bpianó, Sarah Uí Bheoláin ar na drummaí agus Johnny Phádraig Phetair ar an mbosca. Bhí an-spraoi againn ag cleachtaí faoi stiúir Mhíchíl Uí Eidhin agus ina dhiaidh sin arís thug muid cuairt ar Fhéile Idirnáisiúnta Ceilteach i Lorient i 1990 faoin teideal "Conamara '90" agus linn freisin bhí Seosamh Ó Braonáin ar an mbainseó, Tomás Ó Neachtain ag amhránaíocht agus m'fhear céile Paddy Ó Fiannachta ar an mbodhrán. Tá roinnt ceoltóirí eile tagtha chun cinn ón am sin freisin, Pádraig Ó Dubhghail ar an ngiotár, Peadar Ó Conchubhair ar an bhfidil, Joe Ó Neachtain agus Edel Ní Churraoin ar an mbosca ceoil, beirt atá ina ndamhsóirí iontacha chomh maith, Sinéad agus Aedín Ní Fhátharta ar na



Dónal Standún

feadóga, Neasa Ní Chonghaile ar an bhfliúit agus a deirfiúr Síle ar an bhfidil. Jacinta Ní Chonghaile ar an gconsairtín agus ar an bhfliúit agus a deirfiúr siúd Aisling ar an bhfeadóg. Maidhc Ó hÉanaigh ar an bhfliúit agus a dheirfiúr Caoilfhionn ar an gconsairtín.

Tá mé cinnte go bhfuil agus go raibh ceoltóirí eile i mbailte ar fud Chois Fharraige a bhíodh ag casadh corr phort sa mbaile ach a bhí róchúthail chun casadh go poiblí agus go bhfuil agus go raibh ceoltóirí eile ann nach raibh aon eolas agamsa orthu agus nach bhfuil luaite agam fiú anseo. Tá roinnt ceoltóirí eile curtha fúthu i gCois Fharraige le roinnt blianta anuas, de bharr a bheith ag obair sa cheantar agus ar ndóigh tá siad seo ar fad ag cur le saibhreas an cheoil agus is i dteannta a chéile is fearr iad. Orthu seo tá leithéidí Ronan Browne, Caoimhín Ó Sé, Traolach Ó Conghaile, Siorcha Ní Mhonacháin, Deirdre Ní Thuathail, Nóra Geraghty, Julianne Ní Chonchobair, Tom Giblin, Connie Patten, Charlie Lennon, Anna Falkneau agus bean atá ina cónaí thiar i Leitir Móir na Coille i gCamas ach go bhfuil an t-uafás déanta aice chun an ceol a chur chun cinn i gCois Fharraige leis an bhféile "Traidphicnic", Bridget Barker.

Tá an ceol ag dul ó neart go neart i gCois Fharraige, buíochas le Dia, agus na céadta ceoltóirí óga anois ann agus iad ag casadh chuile chineál uirlise. Níl sé i bhfad ó bhí mé ag oíche cheoil i Seanscoil Sailearna, áit a raibh páistí óga na scoile ag casadh boscaí, flúiteanna, veidhlíní, cláirseachaí, bodhráin, consairtíní agus uirlisí nach iad agus ba mhór an spóirt a bheith ag éisteacht agus ag breathnú orthu agus Luisne Ní Neachtain ag déanamh an-obair go deo leo agus ar ndóigh tá siad ag fáil deis iontach freisin ó a bheith ag freastal ar ranganna le leithéidí Nóirín Ní Ghrádaigh, Liz Kane, Johnny Óg Connolly, Tommy Mellett, Tommy Keane, Colm & Kelly Gannon, Noel Hill, John Blake, Éilís Lennon, Mary Bergin agus roinnt mhaith eile nach iad. Nár laga Dia iad ar fad! ○

Oíche Cheiliúrtha Johnny Connolly

Johnny Óg Ó Connolly

Is dóigh go bhfuil sé soiléir don chlann le fada an t-ómós atá ag daoine do mo Dheaide mar cheoltóir agus mar dhuine, ach ní raibh sé i gceist againn oíche cheiliúrtha a eagrú dó. Sílim go raibh níos mó fiúntais ag baint leis an oíche mar gheall nach muid fhéin a d'eagraigh é. Bhí an chéad smaoineamh ag Tom Giblin, fonnadóir agus ceoltóir giotáir as Gaillimh atá curtha faoi aige sa Spidéal. Luaigh sé lena dheartháir Ned é sa bpub oíche amháin agus rug siad ar Pháidí Ó Lionáird agus é ar a bhealach amach as an teach ósta an oíche chéanna. Bhí Páidí an-tógtha leis an smaoineamh agus bhunaigh siad coiste le beirt seanchairde liom fhéin agus le m'athair, Meaití Joe Shéamuis agus Martina Goggin. Ansin ghlaoigh siad ormsa le cinntiú go mbeadh an chlann sásta lena leithéid d'ócáid (rud go raibh) agus an mbeinnse sásta ceoltóirí, fonnadóirí agus damhsóirí a thabhairt le chéile don oíche.

Bhí roinnt cruinnithe againne Tigh Ghiblin ar an Spidéal. Shocraigh muid nach mbeadh aon bhrabús le déanamh ón oíche, praghas na dticéad a bheith íseal agus na costais a chlúdú. Phriontáil muid 250 ticéad d'Óstán na Páirce. B'éigean teorainn a chur leis an lucht éisteachta mar gheall ar

chúrsaí sábháilteachta agus spáis, ach sílim gur chuir sé seo leis an atmaisféar álainn séimh a bhí ann ar an oíche.

Mé fhéin agus Meaití Joe Shéamuis a fuair an jab a bheith ag glaoch ar cheoltóirí agus fuair muid cúnamh chomh maith ó Neansaí Ní Choisdealbha. 'Sé Ned Giblin a dhíol na ticéid



Caoimhín Ó Sé agus Johnny

agus siad Páidí Ó Lionáird agus Martina Goggin a fuair urraíocht ó Údarás na Gaeltachta (mo bhuíochas do Steve Ó Cualáin), a d'eagraigh ionad, póstaí, bia, poiblíocht ó na meáin éagsúla agus lóistín do na ceoltóirí agus go leor eile atá dearmadta agam. Rinne Páidí agus Martina obair na gcapall agus tá mé fhéin fíorbhuíoch dóibh.

Shocraigh muid ar oíche Aoine, 13 Bealtaine 2016, don cheiliúradh agus 'sé Páidí Ó Lionáird a smaoinigh ar theideal na hoíche 'In Ómós Johnny' - gearr, simplí agus cliste. Sílim gur thosaigh muid ag caint ar an togra i mí Feabhra agus bhí muid fós ag obair ar chúrsaí suas go dtí an lá deiridh.

Ba é Páidí Ó Lionáird a bhí ana Fhear an Tí ar an oíche agus níl dabht ar bith ach go ndearna sé sárjab. Ach mar ba chóir, ba é leathbhádóir mo Dheaide tríd na blianta, Meaití Joe Shéamuis, a rinne an chéad chur i láthair. Thosaigh ceol na hoíche le go leor de sheanchairde mo Dheaide, ina measc Meaití Joe, Steve Sweeney, Tom McLoughlin, Tommy Mellet agus Neansaí Ní Choisdealbha. Bhí amhráin againn ó Nan Tom Taimín, Don Stiffe, Caitríona agus Pól Ó Ceannbháin agus Tomás Ó Neachtain. Tháinig Séamus Begley an bealach ar fad as Corca Dhuibhne, rinne sé a phíosa (a bhí go hálainn, mar is gnách) agus b'éigean dó suí isteach sa gcarr láithreach agus filleadh ar an mbaile mar go raibh cúraimí air luath an lá dár gcionn. B'éigean do Mick Foster an rud céanna a dhéanamh agus bhíomar fíorbhuíoch dóibh beirt agus do Sheáinín Pheait Mhyla Mac Donncha a tháinig as Londain.

Bhí scoth na gceoltóirí ann ar an oíche agus bhí chuile cheoltóir sásta píosa gearr a dhéanamh agus géilleadh don chéad dream eile. Bhí meascán uirlisí breátha ar an oíche chomh maith, fídléirí den chéad scoth ar nós Liz agus Yvonne



Johnny agus Máirtín O'Connor

Keane, Jesse Smith, Charlie Lennon, boscadóirí ar nós Máirtín O' Connor, Seáinín Pheait Mhyla Mac Donncha, Colm Gannon, Danny Mahon agus Joe Burke. Ní raibh súil ar bith againn le Joe Burke mar gheall nach raibh sé ag aireachtáil go maith, ach tháinig sé ag an deireadh agus rinne sé dhá phíosa an-speisialta le mo Dheaide. Bhí ceoltóirí bainseó den scoth ann idir John Carty, Mary Shannon agus Angelina Carberry, píobairí mar Emmet Gill, Gay McKeown agus Caoimhín Ó Fearghaill. I measc na bhflúiteadóirí bhí Marcus Ó hIarnáin, Paddy Healey agus Neansaí Ní Choisdealbha. Ní fhéadfainn dearmad a dhéanamh ar an lucht tionlacain idir giotár agus méarchlár: John Blake, Caoimhín Ó Fearghaill, Garry Ó Briain, Charlie Lennon agus Páraic Ó Dughbhaill.

Bhí an-fhuinneamh ag m'athair ar an oíche agus is beag nár chas sé port le chuile ghrúpa. Thosaigh an ceolchoirm thar a bheith speisialta seo ag 9.15 pm agus chríochnaigh sé ag 1.45 am. Níor airigh aon duine go raibh an oíche rófhada. Bhí éagsúlacht iontach ann, píosa Baróc ón ngrúpa Dordán, ceol den scoth ó na píobairí Paraic Keana agus Jacqui McCarthy, tango ó Mháirtín O' Connor agus idir sean-nós agus amhráin nuachumtha ó na fonnadóirí. Buíochas do RnaG, tá taifead déanta den cheol uilig a rinneadh ar an oíche. Ní fhéadfaidh mé dearmad a dhéanamh ar cheann de bhuaicphointí na hoíche, Joe Steve Ó Neachtain ag léamh dán a scríobh sé do mo Dheaide in onóir na hoíche. Chuir sé ag gáire is ag caoineadh muid ag an am céanna. Rinne Steve Ó Cualáin bronnadh thar cheann Údarás na Gaeltachta do phictiúr a tharraing Brian Bourke de m'athair. Agus bhí taispeántas grianghrafanna le Bob Quinn ann freisin. Is deacair smaoinemh ar chuile rud a tharla ar an oíche, tá mé cinnte go mbeidh daoine fágtha amach agam. Ach ní féidir gan tagairt a dhéanamh don lucht éisteachta, an mothúchán álainn séimh lán le cairdeas agus tuiscint a tháinig uathu. Fiú amháin tar éis ceolchoirme a mhair ceithre uair an chloig go leith, d'fhan



Johnny Óg agus Johnny Connolly

siad thart ina dhiaidh chun lámh a chroitheadh le Johnny, nó pictiúir a thógail leis. Ar ndóigh, bhí seisiún ceoil go maidin ag na ceoltóirí i ndiaidh na ceolchoirme. Tá buíochas mór ag dul do Frank McKevilly a bhí i mbun fuaime, Paraic ó Dughbhaill i bhfeighil stáitse, Martina Goggin agus Deirdre Nic Conaonaigh a threoraigh na ceoltóirí ar stáitse ar an oíche, Bartley Fannin a thóg grianghrafanna álainne ar an oíche agus muintir Óstán na Páirce a chuir an-fháilte roimh

chách ar an oíche.

Mar is eol do chuile dhuine, bhí an Oíche in Ómós Johnny an-speisialta dúinne mar chlann, oíche nach ndéanfaidh muid dearmad go brách air agus an grá, an cairdeas, an fhlaithiúlacht agus an t-ómós a thaispeáin na daoine do m'athair, mar cheoltóir agus mar dhuine. Céard is féidir linne a rá ach ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine a bhí páirteach san oíche ceiliúrtha sin: *In Ómós Johnny*. ○

Dán Johnny Pháraic Pheter

Joe Steve Ó Neachtain

Ar iasacht a fuair muid pota,
an lá sin san Ile de Groix.
Tú múinte mánla ag scairtíl
ar nós páiste ag spraoi ar an trá.

Diúilicíní is báirne dá mbruith
agus dá róstadh mar a dhéantá
in Inis Bearachain,
san áit ar chaith tú t'óige.

I Lorient an oíche roimh ré,
ba tú an réalt os comhair an tslua.
Gártha molta in ómós duit
nuair a léirigh tú do bhua.

Ceoltóir idirnáisiúnta 'bhain draíocht
as bosca ceoil ach ba duine
'ainn fhéin i gcónaí thú;
níor athraigh cáil do mheoin.

Beidh an lá sin i naoi déag naocha
'tabhairt sonas dom go brách.
Ba tú a bhailigh cipíní
is a las tine i lár na trá.

Pota mór iasc sliogán
a réitigh tú mar lón.
Ansin chuir tú an ghrian ag damhsa
leis na Bucks of Oranmore.

Ealaíonta do mhéaracha,
ag rince ar na cnaipí.
Cion ag gaoth an Atlantaigh ort
ag slíocadh do chúl catach.

Nádúr Inis Bearachain go smior
i ndoimhin do chnámha,
áit ba dlúth agus inneach duit
baint ceol as maidí rámha.

Tá t'ainm, a Johnny Connolly,
mar sheod ar fud na hÉireann.
An láiocht a thug tú leat ón mbroinn
mar bheadh teastas scríofa ar t'éadan.

Baineann sonas le do chomhlúadar
is uaisleacht le do ghlór.
Tá muidne anocht ag ceiliúradh
gur le do linn a mhair muid beo.

Tigh Cualáin

Teach Ósta & Lóistín



Coill Rua,
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: +353 91 553609
tichualain@gmail.com
www.tighcualain.com



Mícheál Ó Droighneáin agus Éirí Amach na Cásca

Cormac Ó Comhraí

Idir 1910 agus 1912 bhí Mícheál Ó Droighneáin, fear óg as ceantar an Tuair Bhig sa Spidéal, ag múineadh i mBaile Átha Cliath. Ansin in 1912 d'fhill sé ar an Spidéal agus chaith sé bliain ag múineadh ann sula bhfuair sé post ag múineadh sna Forbacha. Thug an post sin stádas dó ina phobal féin. I mí Eanáir 1915 scríobhadh go raibh an-mheas ar an Droighneánach toisc go raibh oideachas aige agus go raibh *'Most of the people of that locality are very ignorant and semi-illiterate.'* Mhair cuimhní sa bpobal ar a laethanta teagaisc ar feadh i bhfad ina dhiaidh.

Mar a bheifeá ag súil faoi mhúinteoir a raibh sé de cháil air go raibh sé géar faoi chúrsaí smachta agus an-láidir ar son na Gaeilge sa scoil bhí roinnt acu cáinteach agus roinnt acu moltach. Bhí meas ag níos mó ná an dream a bhí ar bheagán oideachais air ar a chumas mar mhúinteoir.

Tuairiscíodh ag an am go raibh sé i measc na múinteoirí Gaeilge ab fhearr sa tír. Taobh lena mhúineadh scoile bhí dlúthbhaint aige le Coláiste Chonnacht agus an Cumann Lúthchleas Gael freisin. Bhreathnaigh go leor díobh siúd a bhí páirteach in Éirí Amach na Cásca ar Chonamara mar thobar Gaelachais agus thug go leor de cheannairí an Éirí Amach cuairt ar an gceantar sna blianta roimhe an Éirí Amach. Chruthaigh sé sin nasc agus cairdeas idir radacaigh áitiúla sa gceantar agus ceannasaíocht radacach Bhaile Átha Cliath. I gcás na Gaillimhe bhí an-tionchar ag radacaigh náisiúnacha agus poblachtánaigh ar an gCumann Lúthchleas Gael freisin agus bealach a bhí ann don Droighneánach aithne a chur ar dhaoine a raibh baint acu le radacaigh i gceantair eile. Bhí an Droighneánach ina rúnaí oinigh ar Bhord Iarthar an Chontae. Chuile sheans go mbeadh chuile phíosa dá shaol dearmadta faoin tráth seo murach gur tharla Éirí Amach na Cásca. Ach thug sé sin tábacht bhreise do shaol an Droighneánaigh.

In 1925, rinne Pádraic Ó Máille, poblachtánach mór le rá cur síos ar an Droighneánach mar *'one of the most active Volunteers in Co. Galway'* agus *'Mícheál Ó Droighneáin was also an energetic member of the IRB. I can state this as I*

frequently met him at meetings of the latter body.' Bhí go leor den cheart ag an Máilleach faoin Droighneánach, go háirithe sna blianta roimh Éirí Amach na Cásca, tréimhse ina raibh sé ar dhuine de na ceannairí radacacha ba thábhachtaí i gContae na Gaillimhe.



Mícheál Ó Droighneáin

'Séard a bhí san IRB ná eagraíocht mhíleata rúnda a bhí ag iarraidh éirí amach, poblacht a bhunú agus briseadh go hiomlán ó Impireacht na Breataine. Ghlac an Droighneánach ballraíocht san eagraíocht seo i mBaile Átha Cliath in 1910. Nuair a d'fhill sé abhaile bhunaigh sé craobhacha den eagraíocht i mBerna agus i Maigh Cuilinn. Roimh Éirí Amach na Cásca, chuir Éamonn Ceannt faoi mhóid an IRB é i dteach an Droighneánaigh sna Forbacha. Mar a rinne go leor de na radacaigh, breathnaíonn sé go raibh an Droighneánach in ann úsáid a bhaint as a ghréasán cairde agus gaoilta lena chuid polaitíochta a scaipeadh. Cinnte, sin an tuairim a

bhí ag an RIC áitiúil faoin méid a bhí ar bun aige i gceantar an Spidéil agus i Maigh Cuilinn.

Faoi 1912, bhí Rialtas Dúchais ar na bacáin. Níor chinntigh sé sin saoirse iomlán ná briseadh ón Impireacht ach bhí Rialtas na Breataine sásta cumhachtaí áirithe a fhágáil ag parlaimint nua a bhí le bunú i mBaile Átha Cliath. Bhagair Aontachtóirí Uladh éirí amach seachas géilleadh do pharlaimint Bhaile Átha Cliath. Bhunaigh siad Óglaigh Uladh le troid le críochdheighilt a chinntiú. Mar fhreagra air sin, bunaíodh Óglaigh na hÉireann le troid le Rialtas Dúchais

tríocha dó contae a chinntiú.

Tionóladh an chéad chruinniú áitiúil d'Óglaigh na hÉireann i gcathair na Gaillimhe i mí na Nollag 1913. Ag an seoladh thug na radacaigh Pádraic Mac Piarais, Ruairí Mac Easmainn, Eoin Mac Néill agus George Nicolls óráidí uathu. Bhí an Droighneánach ag an gcéad chruinniú sin ag bailiú ainmneacha daoine a bhí ag iarraidh clárú san eagraíocht nua. Cé go bhfuair an Rialtas Dúchasóirí smacht ar an eagraíocht go náisiúnta agus, go pointe áitiúil i nGaillimh, is iad na poblachtánaigh ba mhó a rinne iarracht na hÓglaigh a scaipeadh agus a thraenáil. B'é Mícheál Ó Droighneáin a bhunaigh Óglaigh an Spidéil agus rinne Pádraic Mac Piarais cleachtadh míleata leo, mar shampla.

Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda, thug an Páirtí Rialtais Dúchais tacaíocht láidir d'iarrachtaí cogaidh na Breataine agus bhí dlúthbhaint ag pearsaí áitiúla an pháirtí leis an earcaíocht. Scoilt Óglaigh na hÉireann faoin gcogadh, formhór ag glacadh leis go mba ceart tacaíocht éigin a thabhairt don Bhreatain. Choinnigh na radacaithe an t-ainm Óglaigh na hÉireann cé gur thosaigh an RIC ag glaoch na *Sinn Féin Volunteers* orthu.

De réir a chéile rinne na radacaithe atheagrú orthu féin. Thuairisc an RIC go raibh smacht nó tacaíocht ag 'Sinn Féiners' i gcomplachtaí difriúla, ina measc luadar an Spidéil. Shocraigh an IRB go mbeadh Éirí Amach acu roimh dheireadh an Chogaidh agus thosaigh siad ag eagrú, ag traenáil agus ag earcú. Bhunaigh Mícheál Ó Droighneáin complachtaí de chuid na nÓglach i mBerna agus i Maigh Cuilinn.

De réir mar a bhí Domhnach Cásca, an lá a roghnaigh an IRB don Éirí Amach, ag teannadh leo, thosaigh ceannasaíocht na nÓglach ag dearbhú pleananna agus ag cur daoine ar an eolas faoin Éirí Amach. Is i mí Lúnasa 1915 a fuair Mícheál Ó Droighneáin amach faoi. Pádraic Mac Piarais a chur ar an eolas ag Coláiste Chonnacht é. Rinne Éamon Ceannt agus Mícheál Ó Droighneáin socrú nuair a bhí an tÉirí Amach le tarlú go seolfadh Ceannt nóta chuig an Droighneánach ag rá 'An bhfuair tú amach fós an t-ainm atá ar an rud úd a chonaic muid sa gcladach ar an 25ú . . .' Comhartha a bhí sa dáta sa nóta go raibh an tÉirí Amach le tarlú trí lá roimh an dáta áirithe sin.

Bealach amháin a bhí ag an gceannasaíocht le staidéar a dhéanamh ar an eagraíocht, chomh maith leis na húdaráis a chur ar a suaimhneas faoi Óglaigh a bheith ag cruinniú le chéile ná slógaí móra a ghairm. Bhí cúpla ceann díobh seo i gContae na Gaillimhe. Lá 'le Pádraig 1916 a tionóladh an ceann deireanach. Is i gCathair na Gaillimhe a bhí an slógadh agus ghlac Óglaigh as an gcathair agus na ceantracha máguaird, ina measc an Spidéil, páirt i dtaispeántas mór. Ar fhaitíos nach mbeadh dóthain gunnaí le dáileadh, cuireadh gaibhne poblachtánacha ag réiteach pící an tseachtain roimh an Éirí Amach. Bhí éalú, ach ar éigean, ag Mick Newell sa gCaisleán Gearr sna laethanta roimh an Éirí Amach. Bhí sé ag déanamh pící nuair a tháinig an RIC le ruathar a dhéanamh ar an gceárta. Bhí Mícheál Ó Droighneáin ann ag bailiú pící d'Óglaigh an Spidéil:

Ó Droighneáin beckoned him (an Sáirsint san RIC) to approach and said to him 'do you know that you are wasting your time? You are speaking to Captain Grant from Dublin Castle. I have already inspected those premises. I will make a note of your being here and I will mention it to the District Inspector.' He (an Sáirsint) then marched his three Constables back to the Barracks; Ó Droighneáin driving off in the opposite direction.

Roghnaíodh oirthear na Gaillimhe mar lárionad don Éirí Amach i nGaillimh mar b'ann ba mhó a bhí dul chun cinn déanta ag na hÓglaigh. Seachas iad a tharraingt trí chathair na Gaillimhe socraíodh go gcuirfí óglaigh an Spidéil agus Mhaigh Cuilinn trasna loch Coirib ar bháid le tacú leis an éirí amach san Eachréidh seachas ina gceantracha féin. Ar an lámh eile scríobh Tomás Bairéad, ball de na hÓglaigh i Maigh Cuilinn go raibh Óglaigh an cheantair lena mbeairic RIC féin a ghabháil, casadh le hÓglaigh Bhearna agus an Spidéil agus aghaidh a thabhairt ar an gcathair ansin.' Cuireadh na teachtaireachtaí deireanacha chuig daoine sna laethanta díreach roimh an Éirí Amach. Cuireadh Peig Conlon, ball de Chumann na mBan i mBaile Átha Cliath, anuas le teachtaireacht chuig Mícheál Ó Droighneáin. Gaillimheach a bhí inti agus Gaeilgeoir ach níl sé soiléir an ar na cúiseanna sin a roghnaíodh í.

Ansin rinne Eoin Mac Néill, ceannaire na nÓglach ach duine a gearradh amach as an gcomhcheilg, in iarracht an tÉirí Amach a chur ar ceal. Nuair a scaip a theachtairacht baineadh na cosa den Éirí Amach. Mar sin féin shocraigh lucht na comhcheilge leanacht leis an Éirí Amach trína dteachtairacht a scaipeadh chomh maith agus a bhíodar in ann. Theip orthu aon teagmháil a dhéanamh i roinnt cásanna. Scríobh Mícheál Ó Droighneáin faoin éiginnteacht a chruthaigh na horduithe uilig:

'At 6 O'clock On Monday morning, a knock came to the door and I got up. Peter Fegan (Barna) had come on horse-back with the message back from Dublin, by John Hosty: "The rising is off, don't make any move". I told my brother the news. I stayed around the house all day, and at 4 o'clock in the afternoon George Nicholls and Liam Langley came to the house with another message - which Liam had brought from Dublin. The message read - "we have begun at noon today, carry out your orders - Pearse". Nicholls and I had a consultation about the matter and before he left we had decided that we would do nothing until we got more information.'

Le luaidreáin ar fud na tíre faoi céard go díreach a bhí ag tarlú rinne óglaigh áirithe iarracht teagmháil a dhéanamh leo siúd a bhí tar éis éirí amach. Bhí an Droighneánach tar éis dul isteach sa gcathair le fáil amach céard a tharla. Fuair sé eolas ó Óglach as an gCaisleán Gearr go raibh Éirí Amach ar an Eachréidh ach aithníodh é agus thóg an RIC go Beairic Sráid

Dominic agus ansin go dtí an bheairic ar Shráid Eglinton é. Chruinnigh Óglaigh Mhaigh Cuilinn agus Óglaigh Bhearna i rith an Éirí Amach ach, le captaen na nÓglach i Maigh Cuilinn i bpríosún i mBaile Átha Cliath agus bunaitheoir Óglaigh Bhearna, Mícheál Ó Droighneáin, faoi ghlas sa gcathair níor tharla tada.

Bhain Éirí Amach na Cásca geit uafásach as lucht tacaíochta an stáit agus an Pháirtí Rialtas Dúchais nó mar a chur Pádraic Ó Máille é: 'Bhí crith agus eagla ar Ghallaibh agus ar a lucht leanúna i gcathair na Gaillimhe.' Ba chuimhin le Mícheál Ó Droighneáin mná a raibh gaolta acu ag troid in Arm na Breataine ag caitheamh puitigh le poblachtánaigh a bhí gafa ag an RIC i gcathair na Gaillimhe. I bhfocail Uí Mháille: 'thug Gaeil le linn na laethanta úd taispeánadh don domhan ar an bhfearúlacht a bhí iontu.'

I dtús ama ní raibh a fhios ag an bpobal céard dó go raibh na reibiliúnaithe ag troid. Nuair a gabhadh an Máilleach rinne an póilín a ghabh é tagairt don Kaiser agus é ag glacadh leis gur ar mhaithe leis na Gearmánaigh (agus a gcuid airgid) a bhí na poblachtánaigh ag gníomhú. Le teann feirge stróiceadh suaitheantas na poblachta dá chóta agus chuir an póilín faoina chosa é.

Ní raibh Fórsaí na Breataine sách muiníneach astu féin le aghaidh a thabhairt ar na reibiliúnaithe san áit a raibh siad láidir agus i dtús na seachtaine dhíríodar ar an dream a bhí éasca a ghabháil a ghabháil. Choinníodar iad i mbáid de chuid an chabhlaigh a bhí ar ancaire i gcuan na Gaillimhe, an Guillemot agus an Laburnum. An bád ba thábhachtaí a úsáideadh ná an *Laburnum*. Is beag meas a bhí ag na príosúnaigh ar a lóistín. Scríobh Pádraic Ó Máille faoin mbád céanna: 'Fíor-dhrochdhiabhal a bhí sa gcaiptín. Alwright an t-ainm a bhí air.' Is beag measa a bhí ag mairnéalaigh an bháid ar an gcaiptín ach an oiread agus duine den Gharda a bhí ar na príosúnaigh ag rá leo go mb'fhearr a d'fheilfeadh All-wrong mar ainm dó. Seachas mar bhád príosúin bhí feidhm eile ag an mbád céanna. Is uaithi a scaoileadh diúracaín le reibiliúnaithe na Gaillimhe cé gurbh é an toradh a bhí leis sin ná poill agus beithigh marbha.

An cheist a bhí ann anois ná cé a ghabhfaí agus cé a dhéanfaidh príosún. Bhraith sé sin go minic ar na hÚdaráis áitiúla, an dearcadh a bhí ag an RIC agus cé dó a thug siad cluas i ndiaidh an Éirí Amach.

Cuireadh formhór na bpríosúnach ar deireadh go Frongoch. I measc na ndaoine a cuireadh go Frongoch bhí Mícheál Ó Droighneáin a bhí tar éis seacht seachtainí a chaitheamh i bpríosún Wandsworth. Fad is a bhí sé ann thug MP Chonamara, William O'Malley, cuairt air agus boic mhóra an Pháirtí Rialtas Dúchais ag iarraidh cinntiú go dtabharfaí aire do phríosúnaigh Éireannacha. Rinne an Máilleach cur síos ar an Droighneánach mar: '*a very nice, intelligent and honest fellow*.' I bhFrongoch mhúin sé rang Gaeilge ann do chainteoirí dúchais, don chuid is mó, nach raibh léamh nó scríobh na teanga acu. Ar deireadh thiar scaoileadh saor príosúnaigh Fhrongoch agus tháinig an Droighneánach abhaile lá Nollag. ○



Mo Bheirt Sheanuncailí agus 1916

Sorcha Ní Mhonacháin

Samhlaigh an t-iontas a bhí ar mo mhac Oscar níos luaithe i mbliana nuair a tháinig an t-Údar agus an staraí Cormac Ó Comhraí isteach ina rang i scoil Sailearna agus d'fhiafraigh cá raibh mac Shorcha Ní Mhonacháin. Bhí a chuid taighde déanta go maith ag Cormac mar is gnáth leis – d'úsáid sé scéalta ghaolta na ndaltaí i scoil Sailearna le léargas a thabhairt do na páistí ar imeachtaí a tharla céad bliain ó shin. D'inis sé d'Oscar agus dá chomrádaithe ranga faoin dóigh ar chuidigh sagart le mo sheanuncail, Ailbhe Ó Monacháin, éalú ón RIC i nGaillimh roimh Sheachtain na Cásca 1916.

I dtús an Aibreáin – mí roimh an Éirí Amach ghabh an RIC m'uncail Ailbhe i nGaillimh is é ar a bhealach le buaileadh le complacht de chuid na nÓglach i Má Cuilinn. Ordaíodh dó an tír a fhágáil taobh istigh de sheacht lá. Nuair a bhí an séú lá de thréimhse an ordaithe sin caite, chuaigh an tAthair Harry Feeney agus fear eile a bhí cóirithe in éadaí sagairt isteach i lóistín Ailbhe in uimhir a 1 Sráid San Proinsias i nGaillimh – síos ón áit a bhfuil Teach na Cúirte inniu. Mhalartaigh an dara fear a chuid éadaí le hAilbhe agus d'éalaigh m'uncail agus an tAth. Feeney amach fríd bhacanna na bpóilíní agus ar aghaidh as sin go Baile Átha an Rí. Bhí Ailbhe i nGaillimh le cúpla mí roimhe sin ó fuair sé ordú ó cheannasaíocht na nÓglach dhul ann mar chúntóir ag Liam

Ó Maoilíosa. Bhí sé freagrach as complachtaí Óglach a bhunú agus a thraenáil agus tuairisc sheachtainiúil a réiteach do Liam ó Maoilíosa le cur ar aghaidh go Baile Átha Cliath.

Bhí Gaeilge ag Ailbhe agus is cosúil gurbh shin ceann de na cúiseanna ar cuireadh chuig an taobh seo tíre é – san am sin bhí cuid mhaith den cheantar taobh thoir de Chathair na Gaillimhe sa Ghaeltacht. Bhí sé i gConradh na Gaeilge sular fhág sé Béal Feirste – d'ainmnigh Craobh Bhéal Feirste den Chonradh é féin agus Cathal O'Shannon mar thoscairí chuig Ardtheis an Chonartha i nGaillimh i 1913. Síltear, cé nach bhfuil sé dearbhaithe, go raibh sé i láthair nuair a glacadh an grianghraf cáiliúil ag amharclann Halla an Bhaile i Lúnasa 1913.

Nuair a fuarthas amach go raibh teipthe ar an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath, socraíodh go gcaithfí na complachtaí

An tAth. Harry Feeney; Sráid San Proinsias, Gaillimh & Uimhir a 1 Sr. San Proinsias, an áit a raibh mo sheanuncail Ailbhe Ó Monacháin ar lóistín nuair a chuidigh an tAthair Feeney leis éalú ón RIC



Mo sheanuncail, Ailbhe Ó Monacháin, Uachtarán an Oireachtais 1961. Le caoinchead chartlann Oireachtas na Gaeilge

uilig a bhí faoi Liam Ó Maoilíosa a scor. D'fhág na fir slán ag a chéile agus thug siad aghaidh ar an bhaile, ach d'fhan m'uncail Ailbhe agus Frank Hynes as Baile Átha an Rí in éineacht le Liam Ó Maoilíosa agus d'éalaigh an triúr acu trasna chnoic dheisceart na Gaillimhe go Contae an Chláir. Chaith siad cúig mhí ar a dteitheadh ag teaghlach Mhichael Moloney, cúpla míle ó thuaidh den Tulach, sular socraíodh go rachadh Liam Ó Maoilíosa go Meiriceá. D'fhill Frank Hynes ar a bhean chéile agus tugadh Ailbhe go Tiobrad Árann agus as sin go Baile Átha Cliath.

Ba bheag a shíl Ailbhe agus é ag tabhairt faoin turas cairr sin as Co. an Chláir go gcasfaí fear air a bhí i gcuideachta a dheartháir Charlie díreach sular maraíodh eisean ag deireadh Sheachtaine na Cásca. Bhí mo sheanuncail, Cathal Ó Monacháin, nó Charlie ar dhuine de na chéad daoine a fuair bás san Éirí Amach. Ar a bhealach go Cathair Saidhbhín i gContae Chiarraí oíche Aoine an Chéasta a bhí sé i gcuideachta triúr eile chun cuidiú le Roger Casement gunnaí a thabhairt i dtír ón *Aud*. Síltear go raibh siad leis an stáisiún raidió ar Oileán Dairbhre a ghabháil agus comharthaí bréige a chraoladh uaidh le háird Chabhlach na Breataine a tharraingt ar shiúl ó chósta thiar theas na tíre, áit a raibh an *Aud* ag teacht i dtír.

Ach chuaigh na fir ar strae i gCill Orglan agus d'imigh an carr a raibh siad ann de cheann na céibhe agus amach in abhainn na Leamhna i mBaile Uí Chiosáin. Bádh Charlie, chomh maith le Con Céitinn agus Domhnall Ó Síocháin. D'éirigh leis an tiománaí, Tommy McInerney, snámh go bruach. Níor thángthas ar chorp Charlie go dtí mí Dheireadh Fómhair – 37 bliain d'aois a bhí sé. Ba é an Tommy McInerney céanna a thiomáin an carr a thug m'uncail Ailbhe as Co. an Chláir cúig mhí níos deanaí...!

Is minic i mo chuid oibre le Nuacht RTÉ agus TG4 a chuirtear chuig an chúirt i nGaillimh mé. Seachtain i ndiaidh na Cásca i mbliana, fuair mé amach gurbh é an tAthair Harry Feeney sin-seanuncail an tSáirsint i dTeach na Cúirte – b'shin é an sagart a rinne tárrtháil ar mo sheanuncail Ailbhe dhá chéad slat síos an tsráid i dtús an Aibreáin 1916. ○

*Charlie - mo sheanuncail Cathal Ó Monacháin -
duine de chéad thaismigh an Éirí Amach*



Tbíos: An Leacht Chuimhneacháin do na fir a bádhadh go tragóideach i mBaile Uí Chiosáin, Aoine an Chéasta, 1916



Pádraig Ó Donnghaile

Bróna Ní Uallacháin

Rugadh Pádraig Ó Donnghaile sa Ghleann Mór, Cuailgne, in aice le Dún Dealgan in 1887. Feirmeoir agus tuódóir ab ea a athair, Tomás, agus bhí 14 clainne aige féin agus ag a bhean, Máire Ní Néill. Táilliúir ab ea Pádraig agus mar fhear óg sna 20í chuaigh sé isteach san IRB agus i 1913 sna hÓglaigh i nDún Dealgan chun bheith ullamh go míleata. Domhnach Cásca 1916, rothaigh Pádraig isteach ó Chuailgne agus in éineacht le 90 fear eile thosaigh siad ar a mbealach go Baile Átha Cliath agus an tÉirí Amach.

Ag Baile Shláine chuala siad faoin “*Countermanding Order*” agus thosaigh siad ag filleadh abhaile. Nuair a bhí siad beagnach sa bhaile tháinig an scéal go raibh an troid ag dul ar aghaidh agus thug Ó Donnghaile agus 30 fear eile aghaidh ar an ardchathair arís. Fuair siad chomh fada le Teach Bhaile an Tirialaigh i Mullach Eadrad agus chaith siad seachtain na Cásca ansin. Nuair a ghéill an Píarsach ar an Satharn, beireadh ar Ó Donnghaile agus na fir a bhí leis agus cuireadh go Frongoch iad mar phríosúnaigh. Nuair a bhí sé ansin fuair beirt dá pháistí bás le meiningíteas.

Ligeadh amach as Frongoch é roimh Nollaig 1916 agus chuaigh sé ar ais chuig a chuid oibre ar son shaoirse na hÉireann. Ghlac sé páirt i gCogadh na Saoirse agus cuireadh i bpríosún arís é i mBaile Choinnleora an Dúin. Fuair a bhean bás den bhFliú Mór i 1919 agus Pádraig ar a theitheadh. Fuair Pádraig féin bás den eitinn ag 39 bliain d’aois, rud a fuair sé i bpríosúin Ghallda agus a d’fhág a aon iníon, Marie, ina dílleachta agus gan í ach dhá bhliain déag d’aois. Bhí sí, agus a chlann uilig, millteanach bródúil as. Dia go deo leis. ○



Uaigh Phádraig Uí Dhonnghaile



Pádraig Ó Donnghaile agus a iníon, Marie



Pádraig Ó Donnghaile

POBLACHT NA hÉIREANN.

RIALTAS SEALADACH

PHOBLACHT NA hÉIREANN DO MHUINTIR NA hÉIREANN.

A FHEARA AGUS A MHNÁ NA hÉIREANN: In ainm Dé agus in ainm na nglúin a chuaigh romhainn agus óna bhfuair sí seanoideas na náisiúntachta, tá Éire, trínne, ag gairm a clainne faoina bratach agus ag bualadh buille ar son a saoirse.

Tar éis di a fir a eagrú agus a oiliúint ina heagraíocht rúnda réabhlóideach, Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, agus ina heagraíochtaí míleata poiblí, Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann, agus tar éis di a riailbhéas a thabhairt go foighneach chun foirfeachta agus feitheamh go buanseasmhach leis an bhfaill chun gnímh, tá sí ag glacadh na faille sin anois, agus, le cabhair óna clann ar deoraíocht i Meiriceá agus ó chomhghuaillithe calma san Eoraip, ach, thar gach ní, le muinín as a neart dílis féin, tá sí ag bualadh buille i ndóchas iomlán go mbéarfaidh sí bua.

Dearbhaímid gur ceart ceannasach dochloíte ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann, agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan chosc gan cheataí. Níor cuireadh an ceart sin ar ceal leis an bhforghabháil a rinne pobal eachtrannach agus a rialtas air le cian d'aimsir ná ní féidir go brách a chur ar ceal ach trí dhíothú mhuintir na hÉireann. Níl aon ghluin dá dtáinig nár dhearbhaigh pobal na hÉireann a gceart chun saoirse agus ceannas a náisiúin; sé huair le trí chéad bliain anuas dhearbhaíodar faoi airm é. Ag seasamh dúinn ar an gceart bunaidh sin agus á dhearbhu arís faoi airm os comhair an tsaoil, fógraímid leis seo Poblacht na hÉireann ina Stát Ceannasach Neamhspleách agus cuirimid ár n-anam féin agus anam ár gcomrádaithe comhraic i ngeall lena saoirse agus lena leas, agus lena mórath i measc na náisiún.

Dlíonn Poblacht na hÉireann, agus éilíonn sí leis seo, géillaine ó mhuintir uile na hÉireann, idir fhir agus mhná. Ráthaíonn an Phoblacht saoirse creidimh agus saoirse sibhialta, combhearta agus combdheiseanna, dá saoránaigh uile, agus dearbhaíonn sí gurb é a rún séan agus sonas a lorg don náisiún uile agus do gach roinn di, le combhúram do chlann uile an náisiúin, agus le neamhaird ar an easaontas a cothaíodh d'aontais eatarthu ag rialtas eachtrannach agus lena deighleadh mionlach ón tromlach san am atá imithe.

Go dtí go dtabharfaidh feidhm ár n-arm an t-ionú dúinn Buan-Rialtas Náisiúnta a bhunú ó theachtaí do phobal uile na hÉireann arna dtoghadh le vótaí a cuid fear agus ban, déanfaidh an Rialtas Sealadach, a bhunaítear leis seo, cúrsaí sibhialta agus míleata na Poblachta a riaradh thar ceann an phobail.

Cuirimid cúis Phoblacht na hÉireann faoi choimirce Dhia Mór na nUilechumbacht agus impímid a bheannacht ar ár n-airm; iarraimid gan aon duine a bheas ag fónamh sa chúis sin do tharraingt easonóir uirthi le mílaochas, le mídhaonnacht ná le slad. San uain oirbheartach seo, is é dualgas náisiún na hÉireann a chruthú, lena misneach agus lena dea-iompar agus le toil a clainne á dtoirbhirt féin ar son na maítheasa poiblí, go dtuilleann sí an réim ró-uasal is dán di.

Arna shíniú thar ceann an Rialtais Shealadaigh,

TOMÁS Ó CLÉIRIGH,

SEÁN Mac DIARMADA, TOMÁS Mac DONNCHADHA,

PÁDRAIG Mac PIRAIS, ÉAMONN CEANNT,

SÉAMAS Ó CONGHAILE, SEOSAMH PLUINCÉAD.



Scoil na gCailíní Sailearna sna 1970í

Líne cúil, ó chlé: Nóra Ní Chualáin, Teach Mór; Máirín Ní Flaithearta, An Lochán Beag; Catherine Ní Mhainnín, An Cnoc; Bobbi Ní Thuathail, Coill Rua; Máire Nic an Ríogh, Cnoc nó na hAille; Sadie Ní Choistealbha, Na hAille; Úna Ní Fhinneadha, An Lochán Beag.

Líne tosaigh, ó chlé: Bridín Ní Chualáin, Cor na Rón; Máire Ní Cheannabháin, Na hAille; Eibhlín Ní Flaithearta, An Lochán Beag agus Ellen Ní Bheoláin, Coill Rua (Seán Ó Mainnín, An Cnoc a thóg an pictiúr).

Líon Scoláirí i Scoileanna Chois Fharraige ag Tús na Scoilbhliana 2016 – 2017

Scoil	Líon Scoláirí tús 2016/17	Líon Scoláirí tús 2015/16	Athrú sa líon scoláirí ó 2015
Scoil Éinne, An Spidéal	219	219	0
Scoil Sailearna, Indreabhán	203	194	+9
SN Cholmcille, An Tulaigh	124	133	-9
Scoil Cholmcille, Ros an Mhíl	59	48	+11
Iomlán sa mBunoideachas	605	594	+11
Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal	180	179	+1
Coláiste Cholmcille, Indreabhán	190	235	-45
Iomlán san Iarbhunoideachas	370	414	-44

Tá muid buíoch do na scoileanna a thug an t-eolas seo dhúinn.

Sleachta as Léacht Uí Chadhain

Joe Steve Ó Neachtain a thug Léacht Uí Chadhain na bliana seo sa gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i dtús mhí Dheireadh Fómhair. Beidh an léacht ar fad á foilsiú níos deireannaí ach fuaireamar cead roinnt sleachta beaga spéisiúla a fhoilsiú.

Gaeilge a Chodail Amuigh

“Níl a fhios agam cén mheas a bheadh ag Máirtín Ó Cadhain ar an treo a bhfuil gluaiseacht an lae inniu ag lúbadh. Ba cheart go ndéarfá go mbeadh sé bródúil go bhfuil gluaiseacht bheo bhríomhar ag treabhadh léi go siorraí seasta cé gur mheas seisean go mbeadh an Ghaeilge i gCré na Cille ag an tráth seo. Tá scoth na Gaeilge dá labhairt ar mhórchuid cláracha sna meáin go fóill ach feictear dom de réir a chéile in ionad cúnamh agus cúrsaí a chur ar fáil do chraoltóirí a dteastódh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, go bhfuil lucht ceannais ag géilleadh agus ag glacadh le Gaeilge a chodail amuigh.”

Fearg Fearn Fearn

“Níl ins an nGaeilge ach fearg, fearg, fearg, a dúirt Máirtín Ó Cadhain fadó. Is deachar a bheith a súil lena mhalairt nuair a smaoiníonn tú ar na srutháin bheaga éagsúla atá i gcoimhlínt lena chéile ar mhaith lena leas. Cuid de na srutháin ina n-uisce faoi thalamh ag iarraidh blas an fhíoruisce a athrú. Ní scéal leis an nGaeilge amháin é seo.”

Treo Trodach Amháin

“Is iomaí bealach le cat a mharú thar é a thachtadh le him’, a deireadh an seandream ach feictear domsa gur i dtreo trodach amháin atá na heagraíochtaí atá ag tógáil freagrachta as slánú na teangan orthu féin ag gluaiseacht. Cearta na Gaeilge sa gComhphobal Eorpach nó cé mhéid gearán a rinneadh le hOifig an Choimisinéara Teanga i dtaobh Comhairlí Contae nó eagraíochtaí stáit nach bhfuil ag comhlíonadh dualgais.”

Pleanáil Teanga

“Tá aithne pearsanta agam ar chuid de na daoine atá ag obair go dílis ar na pleananna [teanga]. Daoine den scoth. Níl níos fearr le fáil in Éirinn. Daoine nach ligfeadh do na pleananna a bheith ag cruinneáil dusta faoi dheireadh thiar thall nó is cinniúint orthu é. Ach faigheann na ba bás an fhad is a bhíonns an féar ag fás.”

Is Tábhachtaí an Drámaíocht

“Is tábhachtaí liom go mór fada an bród a bhaineann le dráma a chur ar stáitse do na sluaite atá sásta hallaí a líonadh go doras ar fud na Gaeltachta nó dream óg a fháil faoi réir le saibhreas an fhocal labhartha a chur i láthair na sluaite ag

Oireachtas na Gaeilge. Diabhal mórán aird ar an modh oibre seo a choinnigh an Ghaeilge beo ó ghlúin go glúin. Go deonach a dhéantar an obair sin ar bheagán aitheantais is ar phócaí folmha. Sílim gur ceart an cineál sin oibre a bheith ar chomhchéim leis an mbealach dúshlánach, atá riachtanach, ach a chothaíonn níos mó naimhdis ná mar is fiú é corruair.”

Gan Murchadh gan Mánas

“Ní léir dom go dtagann na Gaeltachtaí faoi chúram Foras na Gaeilge. Soir atá a ndearcadh, cé gur thiar ar fhad an chósta atá 90% dá bhfuil fanta don teanga laethúil labhartha. Sa driobaillín caol a bhfuil ainm na Gaeltachta luaite anois sa meacan a raibh Roinn na Gaeltachta mar ainm uirthi tráth. D’imigh Tuairisc.ie sna cearca fraoigh is d’fhág siad seanridirí cosúil liomsa nach mbaineann aon cheart de ríomhairí gan Murchadh gan Mánas.”

Cic sa Tóin ón nGaeltacht

“Níl an Ghaeltacht marbh ar chorr ar bith go fóill ná baol uirthi. Theastaigh cic mhaith sa tóin ó chuid de mhuintir na Gaeltachta a ócáidí freisin, mé féin san áireamh.”

Tír Ghaelach

“De bhuíochas chuile dhlí agus de bhuíochas neamhaird ranna rialtais agus de mhíle buíochas na corr coise a chuireann muid féin ina chéile, mothaím go bhfuil croí na tíre seo Gaelach go fóill. Dá laghad baint dá raibh agam le Ros na Rún, níl coirnéal sa tír nach gcastar mórchuid daoine liom, daoine nach bhfuil focal Gaeilge ina bpluic; iad ag gabháil a leithscéil ach iad fíorbhródúil agus fíorbhuíoch do maireann an teanga agus an cultúr.”

Gaelscoilíocht agus an Ghaeltacht

“Ag tráth a bhfuil bratach na Nua-Ghaeilge ina rith seoil ar fud na tíre de bharr sárobair na Gaelscolaíochta, mar shampla, tá mé díomúch go bhfuil crios ceantail an tsaoil nua ar thob an teanga labhartha a thachtadh. Is féidir a chur i mo leith go bhfuil mé áitiúil agus claonta agus tá. Ach níl mé ag iarraidh an sruth a stopadh ar aon mhuileann Gaeltachta a bhfuil an ceart tuillte go maith acu. Ní theastódh uaim ach nach ndéanfaí faillí sa dearcadh nua ar an sruth a choinnigh muilte na teanga labhartha ag meilt na bhfocal sna ceantair Ghaeltachta ar feadh an tsaoil.” ○

Máirín na mBreathnaigh

Máire Ní Choinceanainn (a hiníon)

Idteach beag cheann tuí, ar an 19ú de Mheán Fómhair, 1926, rugadh an dara duine de chlann le Máire agus Seán Ó Cualáin, (Mary Bhreathnach agus Seáinín Sheáin Pheaid), iníon darbh ainm Máire Treasa. Bhí mac acu cheana, darbh ainm John Joe, a rugadh sa mbliain 1925, agus rugadh Pádraig sa mbliain 1928, ansin rugadh Siobhán sa mbliain 1930.

Ón lá sin go dtí an lá ar thug Dia aici féin í, ar an 4ú lá de mhí Feabhra, 2016, is iomaí áit sa saol a mbíodh Máire. Cé is moite de mhúinteoirí scoil Shailearna, ní thabharfaidh aon duine Máire uirthi, ach Máirín, Máirín na mBreathnaigh. Fíodóirí a bhí sna Breathnaigh, a tháinig aniar fadó ó bhealach Chill Chiaráin go dtí Baile an Lochán. Is é Máirtín Breathnach a shocraigh síos ar dtús san áit a bhfuil an teachín fós suite inniu. Bhí mac aige, Pádraig, seanathair Mháirín, é féin ina fhíodóir.

Nuair a rugadh Máirín, bhí Pádraig seo sa teach chomh



Líne cúil, ó chlé:

Baib lena neacht Juidín na mBreathnaigh, An Lochán Beag.

Líne tosaigh, ó chlé: Pádraig, John Joe agus Máirín (na mBreathnaigh) Ní Chualáin (deartháireacha agus deirfiúr Juidín).

maith lena bhean, Máire Mac Fhlannacha (Máire Liam Phádraig Shíomóin), máthair Mháire Liam, Delia Bhreathnach, ba aintín í don scríobhneoir Mhícheál Breathnach. Cuimhneach Máirín ar an tSeól a bheadh sa seomra thuas, taobh thiar don tine. Chomh maith le fíodóireacht, bhíodh sé ag plé le Bord na gCeantar Cúng agus ba Coimisinéir Síochana é. Ba fear mór é Pádraig ó thaobh léamh agus scríobh gaeilge agus béarla. Spreag sé an tréith seo ina sheisear iníon. Chuir siad féin an tréith seo ar aghaidh ansin chuig na gasúir.

Ba amhránaithe iad muintir na mBreathnaigh. Bhí cáill mhór ar Catta Bhreathnach, aintín Mháirín agus ar a máthair Mary Bhreathnach. Maidir le Máirín í féin, bhí cáill mhór uirthi mar amhránaí óna laethanta i Scoil Sailearna. Bhí sí sa gCór ansin le go leor cailíní eile áitiúla, agus ba onóir mhór di nuair a bhuaigh siad comórtas i dTuaim faoin stiúrthóir Máire, iníon Ní Chliabh (Miss Swords). D'fhág Máirín Scoil Sailearna taréis an 6ú rang. Ní raibh deis meán scoile aici ag an am ach bhí suim agus stuaim aici i dtaobh cócaireachta agus obair tí. Fuair sí post i gCluain Sceach, Baile Átha Cliath, ag déanamh an saghas oibre seo, thaithnaigh sé go mór léi agus dúirt sí go minic go raibh an clann an-deas léi. Bhí saol deas aici i mBaile Átha Cliath, ag dul thart lena cáirde ón mbaile ag hallaí damhsa agus oícheanta ceoil.

Cheap sí go gcuirfidh sí maith uirthi féin nuair a chuala sí faoi scéim bhanaltracht a bhí ar siúl i Sasana. Chuaigh sí go Buckinghamshire agus thosaigh sí ag obair in ospidéal lagintinneach. Ba obair chrua agus laethanta fada a bhí ann, agus bhí mátrún gear roimpi ansin. Nuair a fuair sí an deis, d'athraigh sí isteach go Londain, ag obair i dteach dochtúra. Ba é an dochtúr Ó Cearra as Éirinn, a bhean as An mBreatain Bheag, agus a chlann, a bhí sa teach. Chaith sí laethanta deasa leo ansin agus bheadh siad ag scríobh ag a chéile ar feadh blianta taréis dí imeacht.

Ag an am sin i Londain, bhí ganntanas ann taréis an Dara Cogadh Domhanda. Bhí cólceathar le Máirín, James Keane, as Portland, Maine, in arm Mheiriceá ag an am.

Bhuail siad le chéile agus thug James málal beatha do Mháirín, ina raibh tae, caife, seaiclaí, toitíní, agus go leor eile. Ba rud nua di chomh maith an peanut butter nó an t-im piseanna talún. Bhí muintir Uí Chearra an-bhuíoch dó as ucht a cineáltas.

Sa mbliain 1948, d'iarr deirfiúr d'athair Mháirín uirthi dul go Meiriceá. Peige Sheáin Phaid a bhí uirthi, is baintreach a bhí inti, a bhí pósta le Pádraig Mac Donnacha as Baile na h-Abhann. Bhí cónaí uirthi léi féin i Portland, Maine. Bhí tuismitheoirí Mháirín i bPortland iad féin sula phós siad, b'shin ón mbliain 1912 go dtí an bhliain 1922. Bhí athair Mháirín in arm Mheiriceá sa gCéad Chogadh Domhanda, agus mar sin, bhí Máirín ina Saorantach do na Stáit Aontaithe. Cheap siad gurbh fhiú dul sa seans agus bhuail Máire



Máirín na mBreathnaigh agus Seán Phádraig Ceanainn as Cartúr Leathan ar lá a bpósta i nDeireadh Fómhair 1954

faoi i nDeire-Fómhair 1948. D'fhág sí Roinn Eannaigh, Aerfort na Sionna, ar eitleán Pan American Airways. Cheithre huaire d'éag ina diaidh sin, shroich sí Aerfort Logan. Bhí a h-aintín Peige, agus a cólceathar roimpi ansin, agus thug siad go Portland í ar an traein. Bhí seachtar de na aintíní bailithe le chéile le fáilte a chur rompu. Bhí triúr de na Breathnaigh ann, Catta, Sarah agus Baib, agus bhí ceathrar de mhuintir an t-Sídheáin Rua ann, nó clann Sheáin Phaid's, mar a thugtaí orthu, Máire, Peige, Sarah agus Bríd.

D'fhan sí i bPortland ar feadh trí nó cheithre seachtainí, ach ní raibh mórán oibre ann agus bhí sí uaigheach. Bhí go leor cáirde aici i mBoston, agus fuair duine acu post di ag obair mar chócaire i Dedham. D'aistrigh sí anuas go Dedham agus thaithin sé léi. Bhí dhá phost ansin aici go dtí gur phós sí Seán Phádraig Ceanainn as Cartúr Leathan sa mbliain 1954. Phós siad i Norwood agus bhí beirt iníon acu. Chaith siad a gcuid laethanta saoil go sásúil go dtí gur bhásaigh Seán sa mbliain 2001 agus é 83 bliain d'aois.

Bhí croí Mháirín dubh ag an am sin, agus bhailigh a chlann agus cáirde le chéile chun misneach agus ardú croí a thabhairt di. Chuir siad tionscnaimh le chéile di lena cuid amhráin a chuir ardlúthdhiosca. Bhí an tionscnaimh seo faoi chúram Scoil Cheoil Berkley leis an t-Ollamh Stephanie Tiernan. D'iarr siad ar Mháirín dul isteach ag an Stiúideo Taifeada. Chuaigh sí isteach, shuigh sí síos agus thosaigh sí ag canadh. Choinneoidh sí uirthi ar feadh dhá uair go leith! Stop sí faoi dheirdh agus tá na téipeanna sin ag an "Massachusetts Council for the Arts". Tá sí cláraithe ansin mar mhúinteoir/ máistir de Amhráin Thradisiúnta Sean-Nóis. Thug sí Bóithrín na Smaointe mar ainm ar an

dlúthdhiosca a rinne sí mar gheall ar Mhícheál Breathnach. Rinne Máirín an dlúthdhiosca in onóir d'fhear céile Seán Phádraig Ceanainn, agus téann an saothrú airgid isteach i gciste an t-Athair Sheáin Sweeney. Is ag Cumann na Gaeilge i mBoston a thabharfaí an ciste sin chun seans a thabhairt do scoláirí as Meiriceá, freastal ar scoil samhraidh i nGaeltacht éigin in Éirinn. Is iomaí fear agus bean a chuaigh go h-Éirinn mar gheall ar an deontas seo.

Fiú amháin gur chaith Máirín ós cionn seasca bliain i Meiriceá, bhí cuid dá croí agus anam sa mbaile. Thiocfaidh sí abhaile go minic agus bheadh sí ag fanacht lena deirfiúr Judeen agus Maidhc Phádraig Thaidhg agus a clann ar an gCnoc. Thabharfaidh sí cuairt ar Chorcaigh go dtí Cól Phádraig Ceanainn agus a chomhluadar, agus cuairt ar Mhaigh Eo ag a deartháir John-Joe agus a clann.

Chomh maith le sin, bhíodh sí ag dul suas agus anuas go Portland, Maine, go minic. Bhíodh na gaolta ag teacht chuici agus bhíodh sí chomh sásta, ag réiteach béilte, ag caint ar an mbaile agus ag casadh amhráin, go mór mhór Cruacha Glas na hÉireann. Bhí go leor seanchas agus scéalta aici chomh maith, mar bhí cuimhne an t-saoil aici. Mar sin, bhíodh go leor cuairteoirí aici i gcónaí. Thaithnigh na cuairteoirí léi agus thaithnigh sise le na cuairteoirí, mar sin, bhí go leor cáirde aici, chuile aois agus náisiúntacht.

Bean bríomhar, croiúil, agus teanntásach a bhí inti. Bhí a teanga ar a comhairle féin aici.

Bhí saol deas aici ón gcéad lá ar an Lochán go dtí an tráthnóna deireannach i Norwood.

Bhí sí ina treóraí maith agus sé an rud a bhí uaithi ná go leanfaidh muid ar aghaidh. Leanfaidh muid ar aghaidh, go cinnte, ach aireoidh muid uainn í. ○

Craobh Mhionúr Peile na Gaillimhe 1976

Mártan Ó Ciardha

An stailc a bhí ar bun ag oibrithe banc na tíre le dhá mhí roimhe a bheith tagtha chun Acríche, comórtas Rós Thrá Lí a bheith buaite ag Marie Soden as Nua Eabhrac agus diúltú Pháirc an Chrócaigh d'agóid iománaithe na Gaillimhe faoin gcúl conspóideach i gCluiche Leathcheannais na hÉireann (in aghaidh Loch Garman) a bhain ceannlínte an nuachtáin Scéala Éireann amach maidin Dé Céadaoin an 1ú Meán Fómhair 1976. Ach i bParóiste an Chnoic, níor mhiste leo mura n-osclódh aon bhanc go Nollaig mar go raibh Craobh Mhionúr Peile na Gaillimhe tugtha leo ag Micheál Breathnach den chéad uair ariamh an tráthnóna roimhe sin.

Ní dhéanfaidh mé dearmad fad is mhairfidh mé ar an turas abhaile as Páirc an Phiarsaigh – an captaen, Pat Lorcáin Ó Cualáin, ina sheasamh ar an suíochán tosaigh i ngluaisteán Granada an bhainisteora, Eamon Cotter, agus a chloigeann agus an corn sáite amuigh as an díon. Ní mé an raibh aon charr eile i gConamara ag an am a raibh 'sun-roof' air! Den chéad uair riamh bhí an chraobh sin ag dul thar Dhroichead an Spidéil siar agus oíche go maidin sa bPoitín Stil. Ansiúd freisin bhí Oireachtas na Gaeilge 1976 ina cheartlár agus b'éigin ligean do cheann do na comórtais amhránaíochta ar feadh tamaillín, fad is a bhí na carrannaí ag dul siar go ceann thiar an pharóiste.

Baile an Mhuilinn a bhí in aghaidh na mBreathnach sa gcluiche ceannais sin. Ba dóibh siúd ba mhó a bhí ceapadh agus ní gan údar. Bhí triúr dá gcuid imreoirí – Pádraig Coyne, Gay McManus agus Robert Bermingham ar fhoireann na Gaillimhe a raibh Craobh Chonnacht buaite acu agus a thabharfadh Craobh Mhionúr na hÉireann leo cúpla seachtain dar gcionn.

Chaith Coyne agus McManus na blianta ag imirt d'fhoireann sinsir an chontae ina dhiaidh sin agus bhí sé ar an bpáirc i gcluiche cáiliúil an 'Dáréag Aspal' in aghaidh Bhleá Cliath in 1983.

Ag Baile an Mhuilinn freisin bhí peileadóirí a bhuaigh Craobh Sinsir na gColáistí an bhliain dar gcionn le Coláiste Naomh Colmáin, Clár Chlainne Mhuiris. Sa mullach air sin, bhí an bua faighte mórán ar a gcomhairle féin ag Baile an Mhuilinn ar Chora Fine agus ar Naomh Greallán faoi bhealach, fad agus a tháinig Micheál Breathnach as farasbarr trí chúilín a bhí ag an gCreagán orthu ag leathama sa mbabhta ceathrú ceannais agus ba bua saothraithe go leor a fuairadar ar Uachtar Ard sa gcluiche a lean sin.

A luath agus a thosaigh an cluiche ceannais, faoi dhó a chuir cúilíní a scóráil Coyne agus McManus Baile an Mhuilinn chun cinn, ach chothromaigh Máirtín Beag Ó Cualáin 'chaon uair acu. Ba é fear Chor na Rón an t-imreoir

ba lú ar an bpáirc – bhí cleachtadh mhaith aige air sin – ach mar a thuig siad siúd a raibh aithne acu air, ní raibh traochadh ar bith ar Mháirtín agus ba ag an bhfear ba lú a bhí an tionchar ba mhó ar an tráthnóna stairiúil údáí i mBóthar na Trá – théis ruathair aonair 70 slat a scóráil sé an chéad chúilín. Tar éis na gcúilíní, thug Máirtín urchar faoi chúl agus ba mhaith a rinne báireoir Bhaile an Mhuilinn, Gerry Ruane, í a shábháil, rud a rinne sé le cúpla iarracht eile de chuid na mBreathnach.

Bhuail galra na ciotaíle na Breathnaigh ansin agus nuair a fuair McManus, Bill Costello agus Coyne (faoi dhó) cúilíní do Bhaile an Mhuilinn, bhí farasbarr 4 chúilín acusan ag leathama (0-6, 0-4).

Ag tús an dara leatha chuir McManus ceann eile leis sin, ach ní raibh i ndán dóibh sa gcuid eile den imirt ach dhá chúilín eile. Máirtín Beag (cé eile!) a d'fhógair aiséirí a fhoirne – cúilín ... agus chuir an t-ionadaí, Éinde Ó Foighil, ceann eile leis. Ansin ruathar eile 70m ón gCualánach, an babhta seo ní raibh dícheall an Ruánaigh in ann an liathróid a choinneáil as an eangach agus bhí na foirne ar chomhscór.

Sa gceathrú deireanach, chuir cúilín de chuid Mháirtín Bhig na Breathnaigh chun cinn den chéad uair, ach ar ais le Baile an Mhuilinn agus tar éis an chomhscóir, ba iadsan a chuaigh ar ais chun cinn. Captaen na foirne, Pat Ó Cualáin, duine de thriúr deartháireacha a bhí ar an bhfoireann, a chuir an chéad chor eile san imirt – cúl do na Breathnaigh – agus nuair a fuair an 'Fear Beag' cúilín deireadh na himeartha, bhí an bua ag Micheál Breathnach 2-6 le 0-9.

Cé is moite d'Éinde Ó Foighil, trócaire ó Dhia air, ba iad na Cualáin a rinne an chuid eile den scóráil, ach ná ceap ar feadh nóiméid go mb'shin leis féin ba chúis leis an mbua iontach seo.

D'eagraigh Seosamh Ó hÉanaigh a chúlaithe go stuama agus níor ghéill siad aon chúl. Taobh amuigh dó, rinne Tony Tim agus Tommy Chóil Tom Ó Conghaile gardáil i lár baill, mar a rinne Máirtín Ó Coisdealbha, Tomás Ó Donnchú, Colm Ó Conghaile agus Micheál Ó Foighil ar chaon taobh

dóibh. Bhí Peadar a' Ghabha Ó Cualáin agus Eddie Ó Finneadha máistriúil i lár na páirce agus má fágadh an scórail faoi Mháirtín Beag agus faoi Phat, níorbh shin le rá nach ndearna Bertie Ó Coisdealbha, Pádraic Ó Flatharta, Micheál Ó hÉanaigh agus Larry Ó Cualáin a gcion – mar rinne.

Ní féidir, agus níor cheart, labhairt ar an ócáid chéanna sin gan trácht a dhéanamh ar an mbaint a bhí ag an mbainisteoir, Éamon Cotter, leis an ngaisce ar fad – trócaire ó Dhia airsean freisin. Dá uireasa, tá seans ann nach dtarlódh sé agus tá a fhios agam go raibh sé chomh muirneach astu agus a bheadh athair as a chlann. Ní raibh uair dá gcuirfeadh sé glooch as na Státaí orm na blianta sular bhásaigh sé, nach mbeadh sé ag cur a dtuairisce agus ghoill sé go mór air gur fhág tinneas nach raibh ar a chumas freastal ar an oíche chomórtha a bhí in Óstán na Páirce roinnt blianta ó shin.

Sea, ba lá faoi leith i stair Chumann Mhícheál Breathnach an Mháirt an 31ú Lúnasa 1976. Tá páirceanna imeartha, pinniúr liathróide láimhe, gaiscí ar pháirceanna na himeartha, peileadóirí contae agus grád na sinsear bainte amach ó shin,

ach dhá scór bliain dar gcionn tá áit lárnach ag an tráthnóna sin i stair an chumainn.

Seo í an fhoireann úd a thug an Chraobh Mionúir go Cois Fharraige dhá scór bliain ó shin:

Seosamh Ó hÉanaigh (An Lochán Beag); Máirtín Ó Coisdealbha (Cor na Rón), Tony Tim Ó Conghaile (An Cnoc), Tomás Ó Donnchú (An Teach Mór); Colm Ó Conghaile (Bánrach Bán), Tomás Ó Conghaile (An Caorán). Micheál Ó Foighil (An Cnoc); Eddie Ó Finneadha (An Tuar Beag); Pat Ó Cualáin (Cor na Rón), Peadar Ó Cualáin (Na Creagáin), Máirtín Beag Ó Cualáin (Cor na Rón), Micheál Ó hÉanaigh (An Lochán Beag); Larry Ó Cualáin (Cor na Rón), Pádraic Ó Flatharta (An Lochán Beag), Bertie Ó Coisdealbha (Na Creagáin).

Fir Ionaid : Peadar Ó Finneadha (An Lochán Beag), Éinde Ó Foighil (An Cnoc), Máirtín Ó Conaire (Cor na Rón), Pádraic Ó Conghaile (An Cnoc), Pádraic Ó Maoileoin (Cor na Rón), Seán Ó Loideáin (Sáile Chuanna). ○



Foireann Mionúir Chumann Mícheál Breathnach - Buaiteoirí Craobh na Gaillimbe 1976

Ar chúl: (ó chlé). Éinde Ó Foighil (An Cnoc), Tony Tim Ó Conghaile (An Cnoc), Tomás Ó Donnchú (An Teach Mór), Eddie Ó Finneadha (An Tuar Beag), Máirtín Ó Coisdealbha (Cor na Rón), Seosamh Ó hÉanaigh (An Lochán Beag), Pádraic Ó Flatharta (An Lochán Beag), Colm Ó Conghaile (Bánrach Bán), Peadar Ó Cualáin (Na Creagáin), Pádraic Ó Conghaile (An Cnoc), Éamon Mac Oitir (Bainisteoir)

Chun tosaigh: (ó chlé) : Máirtín Ó Conaire (Cor na Rón), Micheál Ó Foighil (An Cnoc), Tomás Ó Conghaile (An Caorán), Máirtín Beag Ó Cualáin (Cor na Rón), Pat Ó Cualáin (Cor na Rón) capt., Bertie Ó Coisdealbha (Na Creagáin), Micheál Ó hÉanaigh (An Lochán Beag), Larry Ó Cualáin (Cor na Rón), Pete Ó Finneadha (An Lochán Beag).

Maureen ‘Little Mo’ Connolly

Serena Williams a linne

Máirtín Ó Ciardha

Le teacht na gcomórtas i Wimbledon chuile shamhradh cuimhním ar scéal a bhíodh ag M’athair, go ndéana Dia trócaire air, go mba de bhunadh mhuintir Chonghaile Chois Fharraige í Maureen Connolly, nó ‘Little Mo’ mar a baisteadh uirthi – duine de na himreoirí leadóige ab fhearr a bhí riamh ann.

Níl mé in ann a rá anois cé chomh domhain agus a bhí seisean in ann a dhul sa scéal, ach go mbíodh sé ag rá go raibh gaolta léi sna hAille, an baile inar tógadh mé. Ón mbeagán tochailte atá déanta agam féin, tá ag cinn’t orm aon deimhniú ceart a fháil. Tar éis di Craobh na hÉireann a bhuachan i 1952, dúirt Connolly go raibh an-phráinn aici as mianach na tíre a bheith inti, ach ní dheachaigh sí níos faide leis an scéal.

I San Diego, California a saolaíodh Maureen Connolly ar an 17 Deireadh Fómhair 1934. Oifigeach i gCabhlach Mheiriceá ab ea a hathair, Martin Connolly, agus ba as Montana dá máthair Jessamine. Scaradar siúd lena chéile nuair nach raibh an leanbh ach ceithre bliana d’aois. Agus í ag éirí aníos is éard a deirtí léi nuair a chuireadh sí tuairisc a hathar gurbh amhlaidh a maraíodh i dtimpiste é. Ní nach ionadh, chreid Maureen sin go dtáinig an lá gur thug sé cuairt uirthi in ospidéal agus cóir leighis ag dul ar ghortú a d’fhág go mb’éigean di éirí as an imirt agus gan í ach scór bliain d’aois. Ach fiú faoin tráth sin, bhí oiread déanta ag Maureen Connolly go mairfidh a cáil go deo i saol an spóirt sna Stáit Aontaithe agus i mbéil lucht leadóige ar fud an domhain.

Agus í ag freastal ar an scoil bheag bhí Maureen an-tógtha leis an leadóg, ach ba i dtreo an cheoil a mhol a máthair di a dhul – ba cheoltóir gairmiúil an dara fear a phós sise. Bhí sé fánach aici – bhí siad beirt cráite ag an gcailín beag agus í ag impí orthu raicéad leadóige a cheannach di. Bhí sí deich mbliana d’aois nuair a fuair sí a mian. \$1.50 a tugadh air agus murar baineadh úsáid as – Maureen ag cleachtadh trí agus ceithre huaire an chloig in aghaidh an lae. Bhí an t-ádh freisin uirthi gur bhuail scoth an chóitseálaí léi – Eleanor ‘Teach’ Tennant.

Lasmuigh den chúirt leadóige, cailín óg séimh, mánla ab ea Maureen Catherine Connolly. Ina cuid imeartha bhí sí fíochmhar agus fuil an bhua thar a bheith láidir ina cuisilí. I 1947, agus gan í ach 13 bliana d’aois, d’imir sí i gcomórtas measctha dúbailte le Ted Schroeder a raibh craobhacha Wimbledon agus na Státaí buaite aige. I ndiaidh na himeartha dúirt seisean, *‘There’s only one way to describe her – as an assassin... She was one of the nicest people you’d ever meet, but on the court, boy she went at it.’*

Ag an aois sin agus gan í i mbun imeartha ach le trí bliana, bhí Connolly ar an imreoir ban ab fhearr i California. An



Maureen ‘Little Mo’ Connolly

bhliain dár gcionn bhí sí ar an mbean ab óige (14 bliana) a bhuaigh Craobh Náisiúnta na Stát Aontaithe riamh agus, 50 bliain sular chualathas trácht ar Martina Hingis, muintir Williams ná ar Caroline Wozniacki, bhí an bóthar céanna siúlta ag Maureen Connolly rompu.

Ní mba siocair í a bheith beag a baisteadh ‘Little Mo’ uirthi. Is amhlaidh go mba ‘Big Mo’ an t-ainm a bhí ar an long chogaidh ba mhó a bhí ag Meiriceá ag an am agus mheas scríbhneoir spóirt éicint i San Diego go raibh beagnach an oiread céanna luais leis na liathróidí a bhuaileadh an Chonghaileach agus a bhí leis na buamaí a thagadh ón long!


Ní raibh ‘Little Mo’ 17 bliana d’aois féin nuair a bhuaigh

sí Craobh Náisiúnta na mBan sna Stáit Aontaithe i 1951, rud a rinne sí arís an bhliain dár gcionn agus arís i 1953. Ba í Seaimpín na mBan i Wimbledon i 1952 agus i 1954 í (tháinig sí go hÉirinn i ndiaidh na gcomórtas sin an dá bhliain chéanna gur bhuaigh sí Craobh na hÉireann).

Sa bhliain 1953 rinne Connolly éacht nach raibh déanta ag aon imreoir leadóige ban riamh roimhe sin nuair a bhuaigh sí an Churadhmhír nó an *Grand Slam* – craobhacha na hAstráile agus na Fraince aici chomh maith le cinn Wimbledon agus na Státaí, in imeacht aon bhliain amháin. Ó shin, d'éirigh le Margaret Court (1970) agus le Steffi Graf (1988) an gaisce céanna a dhéanamh, ach b'óige Connolly ná ceachtar acu. Bhronn an *Associated Press* an gradam 'Lúthchleasaí Mná na Bliana' uirthi i 1951, 1952 agus 1953 agus ba í a bhí ar bharr Ord Fiúntais na mBan sa Leadóg i 1952, 1953 agus 1954.

Ní raibh Connolly na scór bliain féin nuair a bhain gortú di a d'fhág go raibh deireadh lena cuid imeartha. Ar dhroim capaill a bhí sí nuair a scanraíodh an t-ainmhí agus chaith sé an marcach isteach faoi leoraí. Déanadh praiseach dá cos agus cé go raibh súil ag Maureen féin agus ag na dochtúirí a bhí ag tabhairt aire di go mbeadh ar a cumas filleadh ar an imirt, ar an 22 Feabhra 1955 d'fhógair 'Little Mo' go raibh deireadh lena cuid imeartha – gan í 21 bliain d'aois féin.

Ní taobh leis an tragóid sin amháin a bhí sí. Agus í féin agus a fear céile ag cur fúthu i Dallas, bhuaile ails Maureen Connolly agus bhásaigh sí ansiúd ar an 21 Meitheamh 1969 in aois a 34 bliain. ○



Ar an gcúirt leadóige

Ar thosú don Chomórtas Mór Leadóige i Wimbledon cúpla bliain ó shin a scríobh Mártan Ó Ciardha an t-alt seo do www.tuairisc.ie. Ó shin, tá sé ag dul rite leis cur leis an méid eolais a bhí aige ag an am sin. Bheadh míle fáilte roimh eolas breise a bheadh ag aon duine dár gcuid léitheoirí.

Fáil Réidh Chun Páirce sna hOchtóidí

Líne cúil, ó chlé:

?

Ruairc Ó Tuairisc,

An Lochán Beag;

Iarfhlaithe Ó Maoláin,

Na hAille;

Colm Mhaidhc Ó Conghaile,

An Cnoc agus

David Flannery,

Cor na Rón.

Líne tosaigh, ó chlé:

Ciarán Ó Puirséal,

Na hAille;

Jimí Lorcáin Ó Cualáin,

Cor na Rón agus

Aodán Mac Cárthaigh,

Coill Rua

(Seán Ó Mainnín,

An Cnoc a thóg an pictiúr)



Dúnmharuithe Mhám Trasna agus Paróiste an Chnoic

Seán Ó Cuirreáin

Nuair a tháinig mise chun cónaithe i gceantar Chois Fharraige i dtús na n-ochtóidí ba é an tAthair Micheál Mac Aoidh a bhí ina shagairt paróiste ar an gCnoc. Ní raibh mórán aithne agam air ach sílim nach bhfuil dul amú orm má deirim go bhfacthas é mar shagart den seandéanamh – fear a sheas le traidisiúin agus nósmaireachtaí seanfhaiseanta na heaglaise.

Ag an tráth sin, bhí meas ag méadú ar na sagairt óga – na *Father Trendys* mar a tugadh orthu – a bhí ag tarraingt aird orthu féin sna meáin le seanmóireacht ghlic, le ceol agus le cleasaíocht nua-aimseartha lena raibh súil acu an pobal óg a mhealladh chun na heaglaise. Is ar a leithéide siúd a bunaíodh an carachtar Fr Ted Crilly sa tsraith *Craggy Island* a bhain cáil amach don aisteoir grinn Dermot Morgan.

Níorbh aon Father Trendy é an tAthair Mac Aoidh ach duine de sheanstoc Ard-deoise Thuama a cuireadh anuas óna chontae dúchais, Maigh Eo, le freastal ar phobal Chois Fharraige. Le gairid a fuair mé amach go raibh traidisiún na sagartachta ina theaghlach – bhí a uncail den ainm céanna, An tAth. Micheál Mac Aoidh, ina shagart roimhe - agus chaith seisean tréimhsí i bparóistí éagsúla i gConamara agus i nDúiche Sheoighe.

Bhí baint lárnach ag an seansagart sin, uncail shagart paróiste an Chnoic, le cas cáiliúil dhúnmharuithe Mhám Trasna in 1882. Ina shéiplíneach óg a bhí sé an uair sin agus é curtha i mbun dualgaís ar an bhFhairche, sé mhíle trasna an chnoic ó Mhám Trasna.

Tá bunfhírí an scéil faoi chás Mhám Trasna ar eolas ag mórán faoin dtráth seo – teaghlach de chúigear de mhuintir Seoighe a dúnmharaíodh i ndorchadas na hoíche. Tháinig triúr finnétithe áitiúla chun cinn a mhionnaigh sa chúirt go bhfaca siad an buíon a bhí i mbun an áir – col ceathracha leo féin san áireamh. Gabhadh deichniúir fear ón gceantar; d'iompaigh beirt acusan ina mbrathadóirí lena mbeatha féin a shabhaill.

Sa chúirt ar Shráid na Faiche, Baile Átha Cliath, a cuireadh an t-ochtar ar a dtrial. Ciontaíodh an chéad triúr agus ghearr an breitheamh pionós an bháis orthu. Ní fada a chaith na giúiréithe i mbun machnaimh ar na cásanna agus ba léir don dlíodóir – Protastúnach óg as Tuaim, Henry Concanon – a bhí ag cosaint na bhfear gurbh í an chinniúint chéanna a bheadh i ndán don chúigear eile. Dá leanfadh siad ag pléadáil go raibh siad neamhchiontach, mar a rinne an triúr a chuaigh rompu, ba é an bás le rópa an chrochadóir a bhí sa chinniúint dóibh.

Ag an bpointe sin, ar an Luan an 20 Samhain 1882, a sheol an dlíodóir teileagram ó Bhaile Átha Cliath chuig an Athair Micheál Mac Aoidh ar an bhFhairche ag impí air a theacht go Baile Átha Cliath ar an traein a thúsce agus a d'fhéadfadh sé



Seán Ó Cuirreáin

le hiarracht a dhéanamh dul i bhfeidhm ar na fir.

Bhain an tAthair Micheál Mac Aoidh foirgneamh na cúirte amach go moch ar maidin Dé Máirt agus chas sé leis an gcúigear príosúnaigh le chéile. Ní raibh aon fhonn géilleadh ar cheathair acu – triúr Seoigheach agus Seánín Beag Ó Cathasaigh. Dúradar leis an Athair Mac Aoidh go raibh siad neamhchiontach agus nach bhféadfaidís glacadh leis go mbeidís áirithe mar dhúnmharfóirí. Bhí an cúigiú duine, Micheál Ó Cathasaigh, sásta a admháil go raibh sé ciontach agus go raibh sé ar láthair an áir in aghaidh a thola nuair a tharla na dúnmharuithe ach nár mharaigh sé féin aon duine.

Bhí an sagart i gcruachás – ní raibh sé lánchinnte faoin bhfírinne ach bhí sé ar aon intinn leis an ndlíodóir gurbh é an crochadóir a bhí i ndán don chúigear acu mura n-athróidís port. Thriail sé á chur ina luí ar na fir go dtiocfadh sé chun solais luath nó mall má bhí siad neamhchiontach agus go saorfaí ó phríosún iad; ní bheadh aon dul siar air, áfach, dá gcrochfaí iad. Ní raibh de leigheas air, dar leis an Athair Mac Aoidh, ach pléadáil go raibh siad ciontach le go mbeadh deis ann a chruthú lá níos faide anonn go raibh siad neamhchiontach.

Ar deireadh, i seomra ciúin i bhfoirgneamh na cúirte ar Shráid na Faiche, agus iad i gcomhlúadar an tsagairt, ghéill na fir: phléadálfadh an cúigear acu go raibh siad ciontach sna dúnmharuithe agus in uafás Mhám Trasna. Bréaga a bhí san

admháil sin do cheathair acu mar go raibh siad aineolach ar an uafás a tharla agus iomlán neamhchiontach san áir. An fhirinne a bhí sa phléadáil ag an cúigiú duine ach mhaigh sé nach raibh aon rogha aige ach a bheith i láthair de bharr na mbagairtí a bhí déanta air.

Bhí comhairle an tsagairt ar na fir bunaithe ar an bprionsabal go dtiocfadh an fhirinne amach lá ní ba fhaide anonn.

'I argued if these men are guilty, their pleas of guilty will do them no harm and will save their lives; if they were innocent, I felt the truth would leak out, as from my knowledge of the locality and the people, I believed that such a huge wrong could not continue,' a dúirt sé níba deireanaí.

Mar a tharla, tháinig an fhirinne chun solais luath go leor ina dhiaidh sin ach ní ghéillfeadh na húdaráis go raibh botún déanta acu. Fágadh an cúigear fear i bpríosún ar feadh na mblianta fada.

Rinne an tAthair Mac Aoidh iarracht amháin ar a laghad, le saoirse na bpríosúnach a fháil nuair a bhí téarma 12 bhliain curtha isteach acu, sa mbliain 1894. Ba cosúil go raibh sé ag cur as dó gur chomhairle sé dóibh i dteach na cúirte i mBaile Átha Cliath gurbh fhearr dóibh dá bpléadálaidís go raibh siad ciontach leis an gcrochadóir a sheachaint agus go dtiocfadh fianaise chun cinn, luath nó mall, a chabhródh leo saoirse a fháil.

Ina shagart pobail i gCarna, Conamara a bhí an tAthair Mac Aoidh faoin tráth seo in 1894 agus ba cosúil gur casadh Fear Ionad na Banríona air le linn dósan a bheith ar cuairt ar an gCaiseal, Conamara. Níor tharraing an sagart cás na bpríosúnach anuas leis an Tiarna Leifteanant nuair a bhuail siad le chéile mar gur thuig sé gur ar saoire a bhí an cuairteoir ach scríobh sé chuige go luath ina dhiaidh sin le hachainí a dhéanamh go saorfaí na fir:

'Your Excellency will understand the interest I take in the case when I say that I was curate in the district at the time of the murder, and was instrumental in inducing the men now undergoing penal servitude to plead guilty.'


An chluas bhodhar a tugadh don iarratas sin, mar a tugadh d'iliomad iarratas eile roimhe sin agus ina dhiaidh.

Bhí saol crua anróiteach ag an gcúigear fear ar shábháil comhairle an Athar Mhic Aoidh ón gcrochadóir iad. Scríobhadh litreacha truamhéalacha

thar a gceann abhaile chuig a muintir i gceantar Mhám Trasna ó am go chéile ach ba bheag duine de na teaghlaigh ar éirigh leo cuairt a thabhairt orthu in imeacht na mblianta sin i bpríosúin Mhuinseo, Phort Laoise nó Dhún Phádraig, cheal acmhainní nó córas taistil.

Bhásaigh beirt den chúigear sin sa phríosún – duine acu tar éis 13 bliana, an duine eile tráth a raibh 18 bliana príosúin déanta aige. Níor scaoileadh saor an triúir eile go raibh iomlán an téarma de 20 bliain caite istigh acu. Cuireadh iadsan abhaile ar thraein go Maigh Eo agus nuair a bhain siad stáisiúin Bhaile an Róba amach ní raibh de rogha acu ach an chuid dheireanach den aistear a dhéanamh de shiúl na gcós, 18 míle trasna an tsléibhe sa dorchadas agus sa mbáisteach, abhaile go Mám Trasna tar éis 20 bliain príosúin as coir nach raibh baint na páirt acu leis. ○

Tá cuntas iomlán le fáil ar chás Mhám Trasna sa leabhair "Éagóir, Maolra Seoighe agus dúnmharuithe Mhám Trasna" le Seán Ó Cuirreáin, foilsithe ag Cois Life, ar chostas €15. Féach thíos.



Sa Bhearna Bhaoil

Léirmheas le Seosamh Ó Cuaig

Is fada ó fuair mé an oiread sásaimh as leabhar is a fuair mé as leabhar nua Cormac Uí Chomhraí “Sa Bhearna Bhaoil”. Is mór an pléisiúr í a léamh. Cuntas mion atá inti ar an réabhlóid a tharla i gContae na Gaillimhe idir 1913 agus 1923.

Fear óg é Cormac Ó Comhraí ach tá grinneas agus breithiúnas ann nach mbeadh i riadaire a bheadh i bhfad níos sine ná é. Maidir lena chumas taighde ná bí ag caint. Chuirfeadh sé an scríbhneoir óg Gaeilge eile, Aindrias Ó Cathasaigh, i do cheann. Duine ar bith a rinne beagán taighde ariamh chuirfeadh an cartadh atá déanta ag Cormac anseo scáth agus iontas air.

Chaithfeadh sé gur bean fhoighdeach atá pósta aige, mar is léir gur chaith sé uaireanta agus laethanta fada i leabharlanna in Éirinn agus i Sasana agus é ag ransú cáipéisí stáit agus foinsí eile eolais. Ní bheadh manach i gCluain Mhic Nóis fadó leath chomh dúthrachtach leis.

Cúlra Poblachtach atá ag Cormac Ó Comhraí ach is maith a thuigeann sé go mbíonn dhá inseacht ar gach scéal. D’aithneofa air go bhfuil sé bródúil as laochra na saoirse ach níl sé dall ar a gcuid duáilcí. Tugann sé creidiúint do dhaoine ar an taobh eile i gcás ar bith a raibh sé sin tuillte acu. Go

deimhin thiomnaigh sé an leabhar dá chlann, dá mhuintir agus “do dhaoine maithe cuma cén taobh lena mbaineann siad.”

Is maith an chomhairle a chuir sé ar a bheirt mhac óga agus é ag súil go léifidh siad an leabhar amach anseo. “Tá ceacht amháin le foghlaim as an leabhar seo, a bhuachaillí,” ar seisean, “sé sin nach bhfuil daoine dubh ná ban. Tá siad riabhach. Bígí san airdeall má chloiseann sibh aon duine riamh ag tabhairt freagra simplí ar rud atá casta.”

An té a bheadh ag iarraidh léargas doimhin a fháil ar an réabhlóid i gcontae na Gaillimhe níl beart ab fhearr a d’fhéadfadh sé a dhéanamh ná trí leabhar a léamh as cos i dtaca—an leabhar seo, “Mise” le Colm Ó Gaora agus “*Land and Revolution: Nationalist Politics in the West of Ireland*” le Fergus Campbell.

Is maith a thuigeann Cormac nach féidir an t-ábhar atá faoi chaibidil aige a scaradh óna cathanna talún a troideadh



Ag seoladh an leabhair Sa Bhearna Bhaoil bhí, ó chlé, an t-údar, Cormac Ó Comhraí, Pádraig Mac Donncha as Cladhnach, an Cheathrú Rua agus Seosamh Ó Cuaig as Aill na Brún

sa gcontae an uair sin, agus roimhe sin, ón aicmeachas, ón traidisiún agus ón mbochtaineacht. Thug sé faoi deara go soiléir go raibh gaol ag go leor de na réabhlóidithe le chéile. B'amhlaidh an cas sna Sé Chontae lenár linn féin. Léigh mé in áit éicínt cheana gur 300 clann a bhí sna Sealadaigh.

An Eaglais

Tugann sé léargas maith ar dhearcadh na heaglaise idir 1913 agus 1923. Go deimhin shíl mé luath go leor gur fear a bhí in Cormac a bhí ag smaoineamh ar a dhul le sagartóireacht é féin, bhí an oiread sin tagairtí aige do shagairt a rinne a gcion ar son na saoirse. Bhí beagán amhrais air gur faitíos a bhí ar chuid acu go gcaillfeadh an eaglais smacht ar an bpobal ach ní cosúil gurbh shin é a spreag an chuid ab fhearr acu. Ar ndóigh ba iad na sagairt óga ba mhó a bhí i gceist tríd is tríd. Maidir leis na heaspaig, bhí a bhformhór mar a bhí siad ariamh i stair na hÉireann.

Dúirt Máirtín Ó Cadhain uair amháin gur dhóichí gur cogaí cathartha ar fad a bhí againn in Éirinn ó thús aimsire. Bhí cuid againn ar son Naomh Pádraig agus cuid againn ina aghaidh. Bhí muid ar an dá thaobh aimsir na Lochlannach, aimsir na Normannach, le linn Éirí Amach 1798 agus ar ndóigh i rith na haimsire atá i gceist anseo. An uair na mheasa ar fad muid ná le linn Chogadh na gCarad, mar a tugadh go fánach air.

Ar an RIC is mó a bhí gráin an chuid is mó den tréimhse atá i gceist sa leabhar, cé go raibh corrdhuine fiúntach ina measc freisin a chuaigh go mór i gcontúirt ag cabhrú leis na hÓglaigh. Ná déanadh muid dearmad ach an oiread go ndeachaigh os cionn seachtó iarsaighdiúir as arm na Breataine a rugadh i nGaillimh isteach san RIC idir 1919 agus 1920.

Ní bhíonn Cormac taobh leis na cáipéisí oifigiúla uair ar bith, cé gur ar na cáipéisí is cóir leabhar maith staire a bhunú. Chonaic sé ón tús go bhfuil tábhacht thar na bearta le béaloideas agus le cuimhne na ndaoine. Sinne a bhfuil aithne againn ar Chormac tá a fhios againn nach bhfuil fear níos fearr ná é le dhul i measc an phobail ag cur feola ar chnámha an scéil.

Fear séimh, mín, macánta é. Bíonn sé buíoch i gcónaí as an mblúire eolais is lú a roinntear leis. Ach an oiread le daoine cumasacha chuile lá ariamh, tá umhlaíocht sa bhfear.

Tá scéalta barúla anseo is ansiúd tríd an leabhar, bíodh is nach mórán grinn a bhí i gcuid acu nuair a tharla siad. Caithfidh mé a rá gurbh éigean dom féin gáire a dhéanamh faoin lá ar thóg na Dúchrónaigh múinteoir Gaeilge agus ar chaith siad i loch é. Chuile uair dá sroichfeadh sé an bruach

Sa Bhearna Bhaoil

Gaillimh 1913–1923



Cormac Ó Comhraí

Clúdach an leabhair

shádh na *Tans* amach le maide aríst é.

“Say tá sé now,” a deiridís.

Inniu féin, tá daoine i ngluaiseacht na Gaeilge a mbeadh an-fhonn ort folcadh maith a thabhairt i loch dóibh.

Cuntas Géar

Níl cor ná car dár chuir Óglaigh na hÉireann díobh sa gcontae nach bhfuil cuntas orthu sa leabhar seo. Tá inseacht na n-óglaigh ar chuile luíochán ar fáil anois ach is mór an tátal atá le baint i gcónaí freisin as na cuntais a scríobh giollaí na hImpireachta.

Duine ar bith a rinne gníomh fóna i gCogadh na Saoirse i gContae na Gaillimhe tá aitheantas faighte aige nó aici anseo. Is mór an trua ar bhealach nach bhfuil ainmneacha na ndaoine céanna in innéacs, sin agus na bailte agus na sráidbhailte atá luaite. B'fhéidir gur ceapadh go raibh an leabhar toirtiuil go maith mar bhí sí. Tá freisin. Maidir le slacht, cruth agus pictiúir, tá gnáthchaighdeán Chló Iar-Chonnacht le feiceáil aríst. Is leor sin. ○

Poitín Mhicil

Turas fiontraí ag athbheochan cheird an phoitín

Pádraic Ó Griallais

Briseann an dúchas trí shúile an chait agus is amhlaidh an scéal liomsa é. D’fhás mé féin Baníos ag éisteacht le seanchas agus scéalta an phoitín agus ina theannta sin d’éirigh liom an tseancheird a fhoghlaim ó mo sheanathair, Jimmí Chearra. Is beag iontais é mar sin go bhfuil mo chroí agus a m’anam sa cheird seo. In ómós do Mhicil Mac Chearra, mo shin-sin-seanathair a baisteadh an táirge seo – an poitín céanna a bhí á dhéanamh ag mo mhuintir i gcaitheamh an ama sin. Tá caint go dtí an lá atá inniu ann ar eachtraí Mhicil i mbéaloidas na háite, Cearra na gCaorach, agus tá roinnt samplaí ag mo sheanathair ina leabhar, *Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharraige*.

Amach ó cholún thiar Chathair na Gaillimhe a d’aistrigh Micil nuair a chuir sé faoi i gClochar an Láraigh i lár an naoú céad déag. Tá ríméad orm go bhfuil mé féin in ann an cheird a thabhairt ar aghaidh glúin eile. Tá an t-ádh orm go bhfuil mé in ann dul i mbun na ceirde go dleathach mar is le blianta beaga anuas a hathraíodh an dlí maidir le déantús an phoitín. Is féidir poitín a dhéanamh anois ón mbliain 1997 ach ceadúnas a bheith faighte agat - faraor ní cheadaíonn an dlí é a dhéanamh sa bhaile gan ceadúnas.

Lá amháin agus mé ag léamh ailt faoin mbranda *Tequila Patrón* san irisleabhar *Entrepreneur* is ea a fuair mé an smaoineamh poitín a thabhairt ar an margadh. Thug an scéal úd inspreathadh dom mar d’éirigh leo branda idirnáisiúnta a dhéanamh den Patrón agus ina theannta sin, a chur ina luí ar dhaoine nach táirge garbh do-ólta é an Tequila. Bhí a fhios agam go raibh na dúshláin chéanna ag baint leis an bpoitín mar nár chatagóir aitheanta é agus ina theannta sin bhí droch-cháil ag daoine air ar chuimse bealaí, cé is móide den dream a chleachtaigh togha an bhraoin. Is é an fis a bhí agamsa ón am

sin i leith ná catagóir idirnáisiúnta a dhéanamh den phoitín agus go mbeadh *Micil* mar sméar mullaigh ar an gcatagóir sin. Ar ndóigh níl orainn ach breathnú ar an méid fostaíochta atá in Albain in earnáil an fhuisce lena thuiscint na féidearthachtaí atá ann don tionscal in Éirinn, i dteannta gur againne a bhí an cheird an chéad lá riamh, ach sin scéal eile.

Cé go raibh fis agam don táirge agus don chatagóir, is é an uair a

thosaigh mé ag tochailt agus ag taighde maidir leis an ngnó a bhunú a thuig mé na dúshláin a bheadh le sárú agam. Bheadh ceadúnais le fáil, chomh maith le foirgneamh agus trealamh, i measc go leor eile, agus is é sin an chuid éasca den scéal, má tá aon chuid éasca ag baint leis. Is iad na dúshláin is mó a bheadh romham ná bealach a fháil chun margadh a aimsiú agus margaíocht agus díol a dhéanamh ar an táirge. Bíonn daoine den tuairim má tá táirge maith agat go ndíolfaidh sé uaidh féin. Faraor ní mar sin atá mar tá pacáistiú táirge agus an mhargaíocht chomh tábhachtach céanna leis an táirge féin.

In 2011, d’fhreastail mé ar chúrsa sa stiléireacht san Siebel Institute i Chicago mar ní raibh a leithéid ar fáil in aon áit eile. Ina theannta sin, is i Meiriceá is mó atá borradh faoi mhion-drioglanna agus rogha leathan agus éagsúil biotáille á dhéanamh acu le hais mar a bhí ag na drioglanna móra. Tá borradh mór faoi bhiotáille ar fud na cruinne - is é fuisce na hÉireann an catagóir is mó a bhfuil borradh faoi ar fud na cruinne faoi láthair. Ní haon iontas é mar sin go bhfuil borradh ag teacht faoin earnáil sin in Éirinn anois – a bhuíochas sin do bhranda Jameson.

Ag dheireadh 2014 a bhí mé faoi réir leis an bhfis a chur i bhfeidhm. Chas mé le mo pháirtí gnó – Liam Ryan – atá mar stiúrthóir ar an gcomhlacht *Richmond Marketing*. Déanann siad dáileadh agus margaíocht ar tháirgí tomhaltóra go háirithe deochanna meisciúla – leithéidí Hendrick’s Gin,



Padraic Ó Griallais, stiléara an phoitín Micil



Buidéal den phoitín nuatháirgthe

Peroni Beer agus Red Bull. Idir an dá linn, bhí ceadúnais, airgead, foirgneamh agus ar aile le cur i dtoll a chéile. I mí Feabhra na bliana seo a d'éirigh liom léas a shíniú ar an áit a mbíodh Grúdlann an Galway Bay i dteach ósta an Oslo, i mBóthar na Trá.


Lá stairiúil é an 29 Marta 2016 mar tosaíodh ar an gcéad iarraidh de phoitín dleathach i nGaillimh le os cionn céad bliain. Chuaigh *Micil* ar an margadh i dtús mhí na Bealtaine agus tá borradh mór faoi ón lá sin i leith. Tá *Micil* i riar maith de na beáranna is cáiliúla sa tír, i nGaillimh, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Béal Feirste, Cill Chainnigh agus i mbeagnach chuile chontae.

Tá dearcadh dhaoine, go háirithe iad siúd a bhí drogallach faoin bpoitín, ag athrú diaidh ar ndiaidh. Is iad na heachtrannaigh is éasca ar fad a mhealladh mar gheall nach bhfuil aon chur amach acu ar an deoch – nuair a insítear an scéal dóibh ní bhíonn aon drogall orthu an táirge a bhlaiseadh. Is deoch an-traidisiúnta é poitín agus is é scoth an dí é ach é a bheith déanta ceart. Tá an-mheas agam féin ar

an traidisiún ach caithfear imeacht de réir an tsaoil. Mar sin, ní ar a aghaidh is mó a ólann daoine *Micil* ach i dteannta dí eile, cé go molfainn go hard ar aghaidh é.

Molaim é a ól le liomanáid d'ardchaighdeán (*Fevertree*) nó i manglam ar nós '*sour*' nó '*old fashioned*'. Go deimhin tá lucht na mbeáranna ag éirí thar a bheith cruthaíoch leis an táirge – is breá leo go bhfuil traidisiún ag baint leis agus scéal agus go bhfuil blas maith air. Tá liosta áiteanna a bhfuil *Micil* ar fáil, oideas manglam agus eachtraí a bhaineann leis ar na suímh Facebook agus Instagram @micilpoitin. Ba bhreá liom sibh a bheith liom ar an aistear seo – níl ann ach '*like*' a thabhairt do na leathanaigh úd thuas. Má bhíonn sibh ag baint taitnimh as *Micil* sa bhaile nó amuigh, ba bhreá liom dá roinneadh sibh bhuir scéal liom ar na suíomhanna céanna.

In ómós do Mhicil agus don dream a tháinig ina dhiaidh ach nach bhfuil linn ar an saol seo feasta, ba mhaith liom go gcuirfí beannacht lena n-anam má bhíonn sibh ag ól *Micil* go gairid. Go mbeire muid beo ar an am seo aríst. Sláinte! ○



Foireann 1927 as Meiriceá

Líne cúil, ó chlé: Collins, Donahue, McDonagh, Johnny Cotter (Tigh Chotter ar an Lochan Beag), Walsh agus Costello. Sa lár, ó chlé: O'Toole, Ryan, Burke, McDonagh agus Sheehan. Chun tosaigh, ó chlé: Walsh, Cook, Connolly agus Foley.

Buíochas do Pat Caulfield as Coill Rua ó dhúchas ach a bhfuil cónaí air anois i Norwood, Meiriceá, a thug an pictiúr do Joe Francis ar an Spidéal agus chuir seisean ar fáil é le chur i mBiseach.

Yanks le Gaeilge

Máire Ní Choinceanainn

Níl sé i bhfad ó shin nuair a bhí mé fhéin agus mo mháthair sa mbaile ar saoire, chuaigh muid ar cuairt ag bean aitheantais. Ní raibh sí istigh ag an am ach bhí na gasúir ann. Níor fhág muid aon teachtaireacht leo ach nuair a tháinig bean an tí abhaile bhí “scéal cailleadh an uafáis” ag an gclann go raibh beirt bhan théis a bheith ar cuairt acu. Ach cé iad fhéin a d’iarr an mháthair de na cailíní? Ní raibh ’fhios acu cén t-ainm a bhí orainn ach dúirt siad “Yanks a bhí iontu, Yanks le Gaeilge”! Rinne siad an oiread iontais!

Ach leis an fhírinne a rá tá roinnt mhaith Yanks le Gaeilge - agus bhí i gcónaí - agus de réir cosúlachta, beidh an uimhir sin ag méadú le cúnaimh Dé. Féach, fiú amháin, an grúpa atá i láthair inniu. Cuid acu seo bíonn siad ag freastal ar ranganna sa gCultúrlann i gCanton. Gach Dé Céadaoin bíonn suas le caoga duine ag tógáil ranganna ann. Bíonn trí leibhéal ar siúl - bun, meán agus ard. Fear as Loch Garman, cailín as Gaillimh agus mé fhéin, an “Narrow Back” as Norwood a bhíonn dhá mhúineadh. Taispeánann sé sin nach as ceantar Gaeltachta amháin, ná nach aon aois amháin iad na múinteoirí. Maidir leis na scoláirí iad fhéin, tagann siad as i bhfad agus i gcéin leis an teanga a fhoghlaim.

Ach meas tú cén fáth? Nádúr? Uaigneas i ndiaidh an sean-tír? Saibhriú acadúil??

Is deacair cúis amháin a thabhairt. Ach rud suimiúil faoin ábhar seo ná an méadú atá le feiceáil ar an líon daoine a tógadh sa nGalltacht i nÉirinn a thagann amach go Meiriceá agus atá ag déanamh iarracht Gaeilge a labhairt. Mar shampla, tá rang ag an Irish Immigration Center i mBoston. Is cosúil go bhfuil an Ghaeilge *trendy* nó galánta faoi láthair le go leor daoine. Ár ndóigh fadó, fadó, ní raibh na cainteoirí dúchais in ann Gaeilge ná Béarla a léamh ná a scríobh! Ach buíochas le Dia, d’imigh sé sin leis an sean-am agus tá an ré nua linn anois.

Tá Norwood suite timpeall is 15 míle as Boston. Ní baile an-sean é - cuireadh tús oifigiúil leis sa mbliain 1892. Feirmeoirí a bhí ann nuair a tháinig an bóthar iarann isteach agus d’oscail na monarchain. Bhíodh na monarchain seo ag plé le leathar, éadach agus páipéar. An chéad saoránach a tháinig as tír eile go Norwood ba fear as Éirinn é darb ainm Forde. Níl fhios agam cé mba as é in Éirinn. De réir a chéile thosaigh na hÉireannaigh ag leanacht a chéile go Norwood, ag leanacht an obair. Tháinig go leor leor isteach idir 1900 agus 1965. Breathnóidh muid ar an scéal seo ar feadh cúpla nóiméad.

Ag an bpointe seo sa stair in Éirinn bhí Dubhghlas de hÍde agus a chomrádaithe ag iarraidh athbheochan a dhéanamh ar an nGaeilge mar chuid den tSaoránacht. Ag an am sin i mBoston bhí an chathair ag méadú agus ag leathnú leis an méid imircigh a bhí ag teacht ó na tíortha uilig sa Mór Roinn. Roimhe sin, tháinig 100,000 duine go Boston as Éirinn mar gheall ar an nGorta Mór. Bhí suas le 2,000 anam caillte ar an

mbealach trasna na farraige sna blianta brónach sin. Fiú amháin bhí bád a d’fhág Leitir Mealláin, an *Brig St. John* agus chuaigh sí go tóin poill i lár stoirme gar do bhaile Cohasset, ó dheas go Boston.

Ní raibh fáilte na dídean curtha ar fáil do na himircigh seo ar chor ar bith sna blianta sin. Tá sé sin tábhachtach ó thaobh cúrsaí teangan de. Bhí na hÉireannaigh ag iarraidh meascadh isteach leis na Meiriceánaigh ag súil go mbeadh poist, árasáin agus baile acu i mBoston. Bhí an Bhéarla ag teastáil uathu le sin a dhéanamh. Ní bheadh aon mhaith leis an nGaeilge! Labhraídis Gaeilge eatarthu fhéin nó faoi rún ach ní raibh am ná suim ag cuid mhaith an teanga a mhúineadh dá gclann ná seans ag daoine eile í a fhoghlaim. Ach mar a dúirt mé cheana bhí ceangal i gcónaí idir an teanga agus saoirse in Éirinn “Tír gan Teanga, Tír gan Anam”. Agus tháinig an meoin seo anall thar sáile leis na hÉireannaigh. Ba iad an dream ceanna i mBoston a bhí ag coinneáil cois leo anseo is a bhí sa mbaile le blianta fada - na Poncánaigh, na Protastúnaigh - muintir Shasana - “*No Irish need Apply*”. Nuair a bhí mise óg, cheap mé gur focal amháin é an abairt “Na Sasanaigh na diabhair” mar bhí na focla le chéile i gcónaí - Sasanaigh bhreátha nó na Sasanaigh na Diabhair!

Thosaigh an *Philo-Celtic Society* i Nua Eabhrach agus bhí craobh i mBoston i 1899. Bhí ranganna ar siúl ar Shráid Tremont gach trathnóna Dé Domhnaigh. Ag an am ceanna bhí an pleanáil ar siúl in Éirinn do saoirse na tíre a fháil. Amuigh i Norwood ag an am sin thosaigh ceathair nó cúigear fear an *Gaelic Club*. Ní raibh ranganna ar fáil - cúrsaí sóisialta agus spóirt a bhí ar siúl acu. Chomh maith le sin, bhí craobh ag an AOH i Norwood agus tá cloch mór tógtha acu i Reilig Norwood. Obair ghrá diaiúil agus saoirseacht ó Shasana a bhí ar intinn acu siúd.

Ní raibh siad ag múineadh na Gaeilge sna blianta ceanna sin i Norwood agus iad ag labhairt an teanga timpeall an bhaile. Is mór an trua nach raibh ballaí ar an *Town Yard*, na *Holliston Mills*, *Tannery* nó an *Plimpton Press* in ann labhairt! Is iomaí scéal barúil agus brónach a bheadh le n-inseacht acu.

Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda togadh go leor de na fir san arm. Fuair siad Saoránacht as sin - rud maith - chuaigh a gcuid clainne ag scoil Saint Catherine agus tháinig feabhas ar saol na hÉireannaigh i Norwood. Nuair a

tháinig an Dara Cogadh Domhanda chuaigh an chlann seo isteach “sa service” mar a deireadh siad. Nuair a tháinig siadsan abhaile fuair siad an GI Bill le scoláireachtaí – d’ardaigh sé sin suas céim eile iad sa saol.

Más caint ar an Dara Cogadh Domhanda é – ina dhiaidh sin bhí an Mhór-Roinn dóite, briste, loisce – ní raibh tada fágtha ann. D’imigh na milliúin ar imirce go Meiriceá. Ó 1945- 1965 tháinig na céadta go Norwood. Lean siad a chéile agus cuid mhaith acu bhí gaolta nó cairde acu ansin cheana fhéin. Bhí ort “sponsor” a bheith agat an t-am sin le tú a thabhairt amach. Tháinig gang mhór go Norwood sna blianta sin as Conamara – go mór mór as Cois Fharraige. Chuaigh na mná ag obair sna tithe móra i Dedham, mar chócairí, *2nd maid* nó *nanny*. Fuair siad lóistín agus páigh ins na cineáil poist seo. Na fir, bhíodh siad ag “boardáil” le gaolta nó le mná lóistín. Gheobhadh siad jabanna sna monarchana mar “factory workers”.

Bhí nós acu ag an am sin nuair a thagadh an “Green Horn” amach chuireadh cairde suas “time” dhóibh i dteach éicint. Tae, cáca baile Éireannach, carthanas, ceol agus “Envelope”, \$10 nó \$20 le cabhrú leo socrú síos nó luach an ticéid taistil a íoc ar ais leo. Bhíodh an rud ceanna ann ag am pósadh – shower agus bainis. Bhí siad isteach is amach ag a chéile an t-am ar fad. Choinnigh siad suas nósanna ón mbaile agus is í an Ghaeilge a bhíodh á labhairt acu.

Nuair a phós mo thuismitheoirí chuaigh siad chun cónaí i bpáirt go Norwood darb ainm Bleá Cliath. An taobh thuas nó ó thuaidh de Phríomhshráid Washington a bhí i B.A.C. An taobh thíos nó ó dheas thugtaí Corcaigh air! Bhí siadsan ar Shráid Ó Casaigh agus bhí 22 nó 23 teach ar an tsráid sin. Éist leis na sloinnta a bhí sna tithe sin: Cearra, Cúláin, Ó Conghaile, Ó Ceallaigh, Droighneáin, Ó Máille, Bairéad, Mogan, Neachtain, Ó Flatharta, Coistealbha agus Concannon. Tháinig siad as an mBánrainn, an Teach Mór, na Forbacha, Ros Muc, Cor na Rón, Baile an tSagairt. Muintir Chois Fharraige is mó; nach ann a bhí an Ghaeilge bhlasta! Clann na ndaoine seo, bhí Gaeilge an bhaile acu agus choinnigh siad greim air. Abairtí beaga tríd na mblianta: Lá breá, Ó muise muise, Go Sábhála Dia sin, Anois céard a deir tú le Gaillimh!

Sna 60í thosaigh grúpa as Éirinn club sóisialta – an *Norwood Irish Music Club* – agus té sé fós ag imeacht. Ba é Máirtín Mór Mac Donnacha as Bun Eoin an chéad uachtarán. Níos deireanaí bhí Peadar Mhaidhc Mháirtín Mhicil nó Peadar Rua ina uachtarán. Sin é an t-ainm, seachas Coistealbha, a bhí air sa mbaile. Bhíodh siosca Gaeilge gach oíche sa halla chomh maith le ceol agus amhránaíocht i nGaeilge.

Bhí teach ósta beag ar an

gcúlráid – poll sa mballa – ach cáil mhór air thall agus abhus – sin é an *Irish Heaven*. Ba le Conghaileach é agus ansin cheannaigh Tommy Concannon é. Bhí scéalta agus bréaga agus neart Gaeilge le cloisteáil ann. D’oscail Tommy Halla Mór chomh maith agus is iomaí oíche cheoil agus damhsa a bhí ann. Tháinig go leor drámaí agus ceoltóirí as Éirinn go dtí an halla sin.

Timpeall 1969 nó 1970 bhunaigh an tAthair Seán Mac Suibhne agus an Dr. Rosenheim Cumann na Gaeilge i mBoston. Thosaigh siad le ranganna Gaeilge do daoine fásta faoi chúram an Stáit. De réir a chéile bhí uimhir na ranganna ag méadú. Mhúin mé fhéin ranganna i Norwood, Dedham, Dorchester, South Boston agus go leor áiteanna eile ar feadh na mblianta. Bhíodh Aifreann i nGaeilge gach mí, cruinniú agus siamsa ina dhiaidh ag Coláiste Emmanuel. Chomh maith le sin bhíodh Aifreann mór Lá ’le Pádraig ann gach bliain i bparóiste difriúil ar fud na deoise.

An chéad Luain gach mí bhíodh dinnéar Ghaelach san *Village Coach House* i Brookline. Thiocfadh Comhaltas Ceoltóirí isteach le seisiún ceoil a sheinm. Ní thuigeann go leor an méid oibre a rinne Cumann na Gaeilge sna 70í agus sna 80í. Seo cuid den toradh:

1. Na daoine anseo atá i láthair inniu ag an gcomhdháil seo.
2. An Seisiún ceol gach Dé Luain ag an *Green Brier* agus Dé hAoine ag an I.C.C.
3. An ceiliúradh oifigiúil i mBéarla agus i nGaeilge gach Lá ’le Pádraig ag an Cathedral i mBoston.
4. Na Irish Studies Programs ag Boston College/Stonehill/Northeastern agus RL.
5. An rang Gaeilge ag Catholic Memorial an áit a m’bím ag obair go lánaimseartha.

Ag an bpointe seo tá sé chomh maith dhom stopadh! Sé ’n trua nach mbeadh deis staidéar grinn/oifigiúil a dhéanamh ar Ghaeilgeoirí Norwood agus bailte eile nach é a bhfuil “Yanks le Gaeilge” ina gcónaí iontu! ○



Boylston Street, Boston ag tús an Chéid seo caite

Pádraic Aniar agus Nótaí Eile

Roinnt píosaí seanchais a taifeadadh ón scéalai Jimmí Chearra le gairid anuas

Ag éirí suas i mo ghasúr dhom ba mhór i gceist Pádraic Aniar i gcomhrá chois teallaigh. Chloisinn mo mháthair agus Pádraic Mhicil Uí Fhátharta as Clochar na gCon ag caint air agus iad ag gairí eatarthub fhéin. Bhídís ag rá go raibh sé ag bogadh dhá cheann déag go chliabháin ar aon uain. Ar ndóigh ba ag plúchadh an scéil a bhídís orainne agus muid ina ngasúir. Níl fhios agam cén tráth gon tsaol a mhair sé ná cén áit thiar ab as é. Ar aon chaoi, ba mhór i gceist thart anseo é agus bhí aithne mhór air. Más bua nó artha nó lena bhreáthacht é, bhí na mná uilig splancaithe ina dhiaidh. M'anam go bhfuil mé a cheapadh go mb'fhearr dhóib fhéin nach mbeadh!

An lá seo ar aon chaoi bhí cruinniú maith daoine ag ceann bhóthar an Locháin, an bóthar sin taobh thoir gon Phoitín Stil atá a' goil síos ag an gcladach. Ba gnás mór a bhí ansin tráth gon tsaol go mbailíodh daoine ag ceann na mbóithriní trathnónaíocháí Domhnaigh agus laethanta saoire. An t-ard atá taobh thoir do bhéal an bhóithrin, Ard na Tulaí Rua a thugtaí air san áit a bhfuil muintir Bheartla Tom anois. Bhí amharc maith uaidh sin siar go Ard Chleansa ar an Teach Mór. Is gearr go bhfaca siad an fear acu aniar agus gearradh siúil faoi, é éadrom ar a chois, ní fhágfadh sé lorg a bhróige sa sneachta.

'Meas tú cé hé an fear sin aniar?', a dúirt duine ach ba ghearr gur aithin duine acub é.

'Seobh é aniar Pádraic Aniar', a dúirt duine eile.

Bhí stolladh deas gaoithe anoir ann agus d'airigh seisean iad agus a ainm á thabhairt amach. Labhair sé breá suáilceach leob agus sheas sé istigh ina lár agus seobh í an chaint a chaith sé.

'Is mise Pádraic Aniar atá ag teacht aniar agus más mé fhéin, tá Pádraiceachaí thiar i bhfad níb mheasa ná mé.'

Agus fuair sé an freagra ar ais, 'má tá fág an diabhal uilig acub sin.'

Diabhal múisiam a chuir sé sin ar Phádraic ach meangadh gháirí a chur air fhéin agus aghaidh a thabhairt soir agus gearradh siúil faoi. Sin é an scéal ar aon chaoi. Níl mé réidh baileach fós, bhí sé níos barrúla ná sin nuair a bhí sé imí soir agus iad ag caint eatarthub fhéin. Bhí trí nó ceathair go lánúineachaí ar an mbaile ar aon chaoi agus ní raibh muirín ar bith orthub agus iad amach sna blianta. Is gearr go ndúirt fear barrúil éicinteach, 'is é an peaca nach bhfuair Pádraic deis áirneán a dhéanamh ar an mbaile seo!'. Sin é an scéal anois.

Micilín a' Bhriathartaigh

Nuair a bhínn ag éirí suas in mo ghasúr is minic a chloisfeá go

raibh cleithín tití' ar dhaoine héibrí cén fáth é. Is é an chaoi a dtitfeadh na heasnaíocháí isteach agus bhídís ag brú isteach ar an gliabhrach. Mura leigheasfaí é chaillfí daoine leis. Bhíodh corr dhuine stuama ann a bhí in ann an cléithín a

thógáil agus an duine a leigheas. An té a bhí in ann an cleithín a thógáil thagadh sé roinnt geabhannaí go mbíodh na heasnaíocháí dírithe amach aige. Ní raibh aon duine sa taobh seo tíre a bhí in ann cléithín a thógáil. Thagadh fear as Leitir Caladh aniar anseo agus b'aic é a' tógáil cléithín. B'iomaí sin duine a buíoch dhó. Is é mo ghéarchuimhne é fheiceáil ag deireadh na *thirties* nó fiorthús na gceathaireachadaí.

Fear Mhaigh Eo

Théis a bheith ar laethanta saoire a bhí mé agus mé ar mo bhealach ar ais go Sasana agus mé ar an traein idir Gaillimh agus Bleá Cliath. Bhí an fear seo ina shuí in aice liom agus chuir muid caradh cainte ar a chéile. An-Ghaeilgeoir a bhí ann. A maise, cainteoir breá agus ba mhór an seanchas agus na scéalta a chuir muid trína chéile. Bhí

sé i bhfad ní ba shine ná mise agus bhí hata mór bréidín air. Ní fhaca mé ariamh ina dhiaidh é. Mícheál Ó Rodaigh a bhí air agus ní dhéanfaidh mé dearmad go brách air. Seo seanráite amháin a bhí aige ar aon chaoi.

'An rud atá ar an leabhar agus nach bhfuil i do mheabhair,
Má chailleann tú an leabhar tá tú in do bhaileabhair.'

Paidreacha

Nach aisteach an rud é, is le fíor ghairid a tháinig na dhá phaidir bheaga seo isteach i mo cheann ach gur cuimhin liom gurbh í mo mháthair a mhúin dhom iad agus mé i mo ghasúirín óg.

Is maith an sagart é Mac Dé



Pádraic Ó Cearra

Is maith an baisteadh a rinne Sé
Bhaist sé Eoin agus bhaist Eoin

An té a dhéarfais an phaidir naoi n-uaire, go dtógfaidh sé naoi
n-anam as Purgadóir agus a anam fhéin slán agus nach baol
dhó peaca marfach ná damnú síoraí Ifrinn.

An Paidrín Páirteach a bhí ariamh in Éirinn
Ag moladh na mná a bhí gan locht.
A Aon mhac Mhuire agus a Dhia na nGrást'
Nár lige tú fán ar m'anam bocht.

Tomhais

Nuair a bhíodh mise a' goil ag an scoil seo thíos fadó ba
mhinic a bhíodh lá scéalta agus seanchais a'inn go háithrid ag
Máistir Carey. Bhí Tom Lydon nó Tom Stiofáin Tom
Dhónaill in aon rang liom agus ba mhaith an scoláire é agus
mura raibh seanchas aige agus níl fhios ar bailíodh aon cheo
uaidh ach bhí sé aige siúráilte. Seobh tomhais a chuir Tom lá:

'Dól mé uisce d'uireasa uisce agus dá mbeadh mo dhóthain
uisce agam d'ólfainn fuisce.'

Sé'n freagra a thug Tom air, ná is é an áit a raibh an
stillhouse ag an bhfear seo ná ar oileán farraige agus is ann a
bhí an fuisce aige. Bhí a bhád sa gcaladh agus bhí sé i ndiaidh
trá agus ní raibh sé in ann corraí cheal go dtagadh taoille

isteach. An t-uisce a d'ól sé ná fíoruisce.

Bean an tSiopa agus an Snaoisín

Bhí bean siopa anseo thíos agus ba an-bhean a bhí inti ar
chuile bhealach ach dá n-ólfadh sí aon deoir d'fhágfadh sé ar
bheagán céille í. Bhí sí an lá seo ar aon chaoi agus ní raibh aon
tart uirthi. Tháinig cailín beag as an mbaile isteach ag iarraidh
luach pingine snaoisín dá máthair. M'anam nuair a chuaigh sí
á líonadh nach raibh peaca na tomhaise uirthi agus chuir sí i
bhfad ní ba mhó ná a ceart ann. Nuair a tháinig an cailín beag
abhaile ar aon chaoi, bhí 'fhios ag a máthair go maith go raibh
níos mó ná luach na pingine ann agus dúirt sí lena fear,
'm'anam go bhfuil a tóin seo thíos osclaí'. Níor lig sí aon cheo
eile uirthi fhéin ach thug sí pingin eile gon chailín beag agus
dúirt sí léi luach pingin eile snaoisín a cheannacht. Rinne an
cailín beag mar a hiarradh uirthi agus d'iarr sí luach pingine
snaoisín.

'Nár shíl mé gur gearr ó thug mé snaoisín
dhuitse,' a dúirt bean an tsiopa.

'Dúirt mo Mhama go raibh do thóin osclaí,' a
dúirt an cailín beag.

Diabhal blas a rinne bean an tsiopa ach oiread
na fríde go ghráinne a chur i bpáipéar di.

'Seo anois,' a dúirt sí, 'tabhair é seo ag do Mhama
agus abair léi gur dhúin mé ó shin í.' ○



Nóra, Juidín, Colm agus Nan, muintir Sheán Phaid (athair Juidín na mBreathnaigh) as an Sídheán Rua, An Spidéal.

Mallacht na Baintrí

Pádraig Ó Héalaí

De ghnáth ní bhíonn i bhfocail dúinn ach lipéid áisiúla ag tagairt d'fheiniméan éigin - uirlisí a chuireann ar ár gcumas an saol inár dtimpeall a thuairisciú. Ach ag an am céanna tuigimid gur féidir cumhacht a bheith i bhfocail nuair a bhíonn siad lochtaithe le mothúchán agus brí. Mothaímid a gcumhacht i bpíosa ealaíonta cainte nó i ndrúacht sciliúil liteartha mar go n-imríonn siad orainn agus go spreagann siad freagairt inmheánach ionainn.

Tuiscint eile ar fhocail, áfach, agus ar a gcumhacht atá i gceist le focail mhallachta, mar go dtuigtear nach é amháin gur féidir leo imirt ar an duine go himmheánach, ach go bhfuil sé de bhua acu freisin dul i bhfeidhm orainn go fisiciúil. Tá cumhacht neamhsaolta nó draíochtúil á lua le focail sa chás seo agus is sampla amháin den chineál seo úsáid teanga atá i gceist le mallacht baintrí - an drochghuí ar creideadh ina taobh go bhféadfadh sí aimhleas a dhéanamh.

Tá cuntas an-bhreá ag Jimmí Chearra ina leabhar *Seanchas Chois Fharraige*) ar an ngéilleadh a tugadh don mhallacht seo agus mar a chaitheadh an bhaintreach í. Seo cuid dá chuntas:

Chaitheadh sí síos ar a dhá glúin í féin agus scaoileadh sí a cuid gruaige aniar os cionn a mullaigh agus síos le fána, agus a cloigeann síos fúithi. D'osclódh sí amach a brollach agus tharraingíodh sí amach a dhá cíoch i láthair a raibh ann, agus an uair sin bhí tús á chur leis an mallacht agus é idir a bheith ina chaoineadh agus ina gholghártha. Ní raibh aon stop uirthi an uair sin nó go raibh sí tuirseach, chuile chineál mí-ádh agus anachain tarraingte anuas sa mullach ar an té a raibh sí tuillte aige, agus a shliocht ina dhiaidh.

Ba shlí é ag bean a brollach a nochtadh le géarú nó treisiú leis an bhfriotal a bhí á chur aici ar a mothúcháin, mar is léir ón amhrán, 'Donncha Bán', ina ndeireann deirfiúr Dhonncha linn go raibh a brollach oscailte agus a gruaig scaoilte léi síos nuair a tháinig sí á chaoineadh. Bhí an éifeacht chéanna le scaoileadh na gruaige agus, ar ndóigh, ba ghnách le mná caointe a gcuid gruaige a scaoileadh nuair a bhí siad ag caoineadh. Ba fhógra é an nochtadh agus an scaoileadh gruaige go rabhthas ag dul lasmuigh de na gnáthchoinbhinsiúin shóisialta. Chuir siad in iúl go raibh cibé srian a smachtaíonn iompar agus léiriú mothúchán caite i leataoibh agus ba mhóide éifeacht na mallachta dá bharr sin.

Is léir ó chuntais béaloidis gur éagóir éigin a dhéantar uirthi a tharraingíonn a mallacht de ghnáth - í bheith curtha as seilbh, mar shampla, nó maoin dá cuid a bheith sciobtha uaithi nó mac léi a bheith crochta. Aithnítear dhá shlí ina ndíríonn an mhallacht ar dhochar a dhéanamh don té atá mar sprioc léi:

- dochar pearsanta coirp nó anama; agus
- dochar dá chuid maoin, dá áit chónaithe go mór mór agus dá shliocht ina dhiaidh.

Ba mhinic ráite é go leanfadh éifeacht na mallachta ar feadh

seacht nglúin agus dúradh go bhfanadh cuid den mhallacht ar an láthair inar cuireadh í agus go dtitfeadh an mhallacht ar an té a chuir í dá mba rud é nach raibh sí tuillte ag an té ar a raibh sí dírithe.

Thuigfí ón tslí ina dtráchtar ar fheidhmiú mallachta sna cuntais seo - í ag titim ar an sprioc ar a bhfuil sí dírithe, nó í ag titim ar an té a chaith í, nó ar an áit a gcaitear í, gur geall le splanc fuinnimh í an mhallacht nach féidir a shrianadh nó a smachtú nuair a scaoiltear í. Amhail is gur rud corpartha í, tugtar le fios go gcaithfidh sí imeacht léi in áit éigin.

Ní hé ar chor ar bith atá á chur in iúl sna cuntais seo gur drochdhuine í an bhaintreach de bharr a bua mallachta. A mhalairt ar fad atá i gceist. Sa traidisiún Giúdach-Críostaí, is bean í an bhaintreach go bhfuil stádas faoi leith aici. I dtéacsanna éagsúla sa Seantiomna deirtear go gcumhdaíonn an Tiarna í agus go dtugann sé tacaíocht di. Go deimhin tá léiriú soiléir ar an traidisiúin faoi mhallacht na baintrí sa Bhíobla féin i dtéacsanna a fhógraíonn go n-éistíonn Dia lena hachainí agus go mbainfidh Dia díoltas don té a chiapann í (m.sh., Eax 22:21-3; Deot 27:19; Ps 146:9). Ghlac Luath-Chríostaithe orthu féin mar cheann dá bpríomhdhualgais, cúram a dhéanamh do bhaintreacha agus léiríonn na soiscéil bá Chríost le baintreacha nuair a d'athbheoigh sé mac na baintrí as Náin (Lc 7:11) agus arís nuair a mhol sé ofráil na baintrí boichte (Mc. 12).

Gné eile den ghéilleadh a tugadh do mhallacht na baintrí is ea gur oibrigh sé chun maithéasa sa phobal sa mhéid gur chuidigh sé le ceart a sheasamh do dhuine ar mhinic géarghá aici le cúnamh. Toisc nach raibh aon chóras tacaíochta stáit ar fáil don bhaintreach sa seansaol, agus gur mhinic beo bocht í féin is a muirear, ba í an mhallacht an t-aon uirlis a bhí aici chun í féin a chosaint agus sásamh éigin a bhaint don té a dhéanadh éagóir uirthi. De ghnáth, níorbh acmhainn di ó thaobh nirt, buille a bhualadh, agus níorbh acmhainn di ó thaobh maoin, dul chun dlí. Is féidir a rá, dá bhrí sin, gur thug an tuiscint go leanfadh dochar mallacht baintrí, ábhar éigin cumhachta di sa sochaí. Ba shás é an tuiscint sin a thug cothromaíocht áirithe isteach ina déileáil le daoine a bhí níos cumhachtaí ná í féin, agus chabhraigh an eagla a bhí roimh a mallacht, le srian a chur ar bhligeardaíocht uirthi.

Mar is fíor go minic i gcás seantuisicintí agus nósanna, b'eilimint dhearfach sa chultúr é an traidisiún i dtaobh mhallacht na baintrí. ○

Ranganna Scoileanna



Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal (Rang na hArdteiste)

Ar chúil ó chlé: Ruán Ó Curraoin, Cuan Mac Dubhghaill, Niall Cox, Cian Mac Lochlainn, Colm Ó Neachtain, Pádraig Ó Ceallaigh, Evan Ó Cadhain, Aodán Comerford, Dylan Ó Ceallacháin

Sa lár, ó chlé: Patrick Ó Curraoin, Daniel Ó Fátharta, Aaron Ó hAinnín, Lorcán Ó Críodáin, Fergal Feirtéar, Stiofán Ó Nia, Eoghain Breathnach, Adam Mac an tSagairt, Liam Ó Gráinne

Chun tosaigh ó chlé: Ryan Ó Cuinneagáin, Megan Ní Cheallaigh, Maeabh Nic Dhonnacha, Clíona Ní Fhlannaire, Sorcha Ní Fhrighil, Sarah Casburn, May Ní Choistealbha, Liam Ó Sé

As láthair: Dara Mac Dubhghaill, Brigit Marie Hurl



Scoil Sailearna, Rang a 6

Ar chúil ó chlé: Jamie Ó Lionndáin, Alan Mac Liam, Tommy Lee Ó Fátharta, Éanna Ó Conchúir, Keith Ó Dúgáin, Cainnear Nic Réamoinn, Ailbhe Ní Chualáin, Deirbhle Ní Mhárta, Jayne Ní Ghionndáin

Chun tosaigh ó chlé: Cormac de Bhailís, Oisín Ó Coisdealbha, Yann Ó Máille Breathnach, Caoimhe Ní Chualáin, Katelynn Ní Fhlatharta, Skylyn Ní Mháille Bhreathnach, Éadaoin Nic Dhonncha



Scoil na bhForbacha, Rang a 6 (2016):

*Ar chúl ó chlé: Máistir Seán Breathnach, Annie Ní Mhurchú, Molly Conole, Éabha Ní Chonghaile,
Darach Ó Móráin, Múinteoir Niamh Nic Cárthaigh*

*Chun tosaigh ó chlé: Andrea Ní Laighléis, Azure Company Deacy, Sarah Ní Bhrolcháin, Hannah Ní Choigligh,
Tess Nic Riallais, Fáinse Ní Shíoda, Niall Mac Donncha, Cian Ó Dufaigh, Ciarán Ó Ráinne, Eoghan Mac Éil,
Piaras Ó Nualláin, Elliot Branaile, Fiachra Ó Mainín*



Scoil na Tuláí – Rang a 6

*Ar chúl ó chlé: Amy Brock, Méadbhbh Ní Dhíreáin, Avril Ní Ghríofa Nic Tháibhais, Molly Ní Dhiollúin, Shane Knox,
Cormac Ó Scanláin, Kevin de Búrca, Stephen Ó Gríofa, Deirdre Ní Churraoin, Múinteoir Seán Denvir*

*Chun tosaigh ó chlé: Seán Ó Cualáin, Conor Mac Eochagáin, Seamus Mac Gabhann, Pádraig Mac Donnacha, Lithgen Ó Fathaigh,
Finnian Mac a' Choiligh, Cathal P. Mac Donnacha, Stiofán Seoighe, Cathal Mac Donnacha, Gearóid Mac Donnacha
As láthair: Ciarán Ó Flatharta, Keith Ó Scanláin, Rebecca Nic Dhonnacha, Gina Giles*



Coláiste Cholmcille (Rang na hArdeiste)

Chun tosaigh, ó chlé: Luisne Ní Dhuibhir, Jennifer Ní Anrúcháin, Aoife Ní Ghiobúin, Caoimhe Ní Choistealbha, Sarah Ní Chualáin, Emma Ní Choistealbha, Muireann Ní Lorcáin, Ena Nic Dhonnacha, Sophia Ní Loideáin, Órnaith Nic Leoid, Siobhán Ní Chonghaile.

An dara líne, ó chlé: Dara de Búrca, Mairéad Ní Chonghaile, Laura Ní Fhátarta, Bláthnaid Ní Ghabhláin, Rebecca Nic Dhonnacha, Sorcha Ní Bhraonáin, Martina Ní Chonghaile, Aoife Nic Ghiolla Choinnigh, Jenny Ní Chonceanainn, Sinéad Ní Mhaoláin, Sharon Ní Bheoláin, Aoife Ní Chadhain, Órlaith Ní Chonghaile.

An tríú líne, ó chlé: Seán Ó Cualáin, Shane Mac Donnacha, Cathal Ó Curraoin, Ciara Ní Ráighne, Oisín Ó Tuathail, Jason Ó Briain, Séamus Ó Céidigh, Patrick Ferguson, Úna Ní Chonghaile, Rachel Nic an Ultaigh, Ryan Ó Cualáin, Ciaran Ó Féinneadh, Éamonn Ó Ceallaigh, Pádraig Mac Cathmhaoil.

An líne cúil, ó chlé: Colm Ó Donnacha, Joe Mac Donnacha, Páraic Seoighe, Aodán Ó Beoláin, Tomás Ó Tuathail, Micheál Ó Ceallaigh, Dónal Ó Brádaigh, Dara Mac Gearailt, Ruaidhrí Óg Ó Béarra, Cóil Ó Coistealbha, Rónán Ó Maoláin, Finian Ó Laoi, Máirtín Ó Cualáin, Ryan Ó Droighneáin, Ryan Ó Máille, Dinny Ó hÉallaithe.




Scoil Éinne an Spidéil, Rang a 6

Ar chúil ó chlé: Joe Ó Muirí, Holly Nic Uidhir, Cillian Ó Curraoin, Malachy Ó Briain, Kate Ní Dhomhnaill, Fiach Ó Coistealbha, Eilidh Ní Dhomhnaill

Sa lár, ó chlé: Eoghan Ó Fatharta, Joshua Ó Droighneán, Grace Nic Craith, Pierce Ó Muiris, Pádraic Ó Conghaile, Daragh Ó Flanaire, Órlaith Ní Churraoin, Andrew Mac Aodhgáin

Chun tosaigh ó chlé: Tomás Ó Cualáin, Liam Ó Conghaile, Diarmuid Ó Duinn, Sadhbh Ní Fhlaithearta, Leah Ní Iarnáin, Oisín Ó Muiris, Leo Castagna, Peppe Castagna **Múinteoir Ranga: Máistir Ó Tuairisg.**

Roinnt Póstaí Áitiúla



Diarmaid Ó Fátharta as an gCnoc agus a bhean Uma Subramanian a phós i Florida, Deireadh Fómhair 2015



Aisling Bairéad as Fuirnis, Leitir Mealláin agus Colm Óg Ó Cualáin as Coill Rua a phós i mbliana




Caoimhe Bhreathnach as an gCeathrú Rua agus Gearóid Willie Ó Fátharta as na hAille a phós faoi Nollaig 2015



Tadhg Ó Fátharta as na hAille agus a bhean Dina Longo a phós sa Samhradh i New Jersey, Meiriceá

Imithe Uainn ... an tAth. Pádraic



Seo pictiúr den Ath. Pádraic Ó Fátharta, Pádraicín Deáirbe mar ab fhearr aithne air go háitiúil, agus é ina shagart óg i dtús a théarma. Sna hAille in Indreabhán a rugadh agus a tógadh

Pádraic, i Scoil Sailearna a fuair sé a chuid bunoidreachais agus i gColáiste Éinne i nGaillimh a fuair sé a chuid oidreachais dara leibhéil. I gCill Téagáin i gCo Chill Mhantáin a cuireadh oiliúint air le bheith ina shagart le Cumann Misiúin Naomh Pádraig.

Aimsir na Cásca i 1968 a léigh sé a chéad aifreann ar an gCnoc tar éis dhó a bheith ornaithe agus go hAlbain a cuireadh i mbun dualgas ar dtús é ag coláiste a bhí ag Misiúin Naomh Pádraic ansin le oiliúint a chur ar fhir óga. Chaith sé trí bliana ansin agus go Corcaigh a chuaigh sé ina dhiaidh sin, áit a raibh coláiste eile ag na Misiúin i mBaile an Róiste, áit ar chaith sé ocht mbliana. Ach is ar na misiúin san Afraic ba mhó a chaith Pádraic a shaol mar shagart, sa tSaimbia ar dtús, i 1979, ag paróiste mór Panche, áit a raibh na daoine beo bocht agus teanga na háite le foghlaim aige, rud a rinne sé gan mórán stró.

Chaith an tAth. Pádraic cheithre bliana déag san Aifric gur fhill sé ar Chonamara i 1993, tráth ar tháinig sé go Ros an Mhíl is ansin a d'fhan sé gur éirigh sé as a chuid dualgas éis trí bliana déag. Le linn a chuid ama ansin rinne sé obair mhór le aistriúchán a dhéanamh ar léachtaí na heaglaise, ionas go mbeidís ar fáil i nGaeilge na háite.

Tar éis só éirí as a chuid dualgas mar shagart i Ros an Mhíl d'aistrigh sé ar ais abhaile go dtí na hAille in Indreabhán agus cé nach raibh aon dualgais oifigiúla air léadh sé an tAifreann ag séipéil éagsúla ar fud an cheantair ó am go ham ina dhiaidh sin.

Faraor, bhásaigh an tAth. Pádraic i dtús Dheireadh Fómhair na bliana seo, go ndéana Dia grásta air. Fear stuama a bhí ann, fear cineálta, óráidí den scoth, amhránaí, ceoltóir agus, thar aon ní eile, corp an duine uasail. Aireoidh muid uainn é go cinnte. ○

Imithe Uainn ... Máire Ní Thuathail

Seod as Tuar Mhic Éadaigh

Joe Steve Ó Neachtain a chum

Ní le deora
atá muid ag cású
an bháis le chéile,
ach le bród,
gur mhair muid
le do linn.

Ceannródaí,
a raibh fis feasa
ag preabadh
le luas lasrach
thrí do chroí.

Ní ón ngaoth
a thug tú brí
agus éirim.
Mianach na dTuathail
i do loinnir súl,
mianach nár
roghain leo
an chéim ar gcúl.

Gach maidhm dár bhris
ar bhruach Loch Measc'
ag rá E.O.
go síoraí seasta.

Tá ceart ag mórchuid
ealaíontóirí
a bheith buíoch
do threoir fadbhreathnaitheach
ag múnlu saibhreas saoil,
tú ag scaipeadh
blas na meala
ar íseal is uasal
dá ngríosadh
mar is dual do bhanríon
i gceannas Cuasnóg.

Tá scamail dhubh
ar Loch Bhoth Loiscthe
ag tuar tús Geimhridh;
do mhada ag giúnaíl
le caitheamh i ndiaidh
an láimh a shlíoc í,
an nádúr
a dtug tú grá dó
do do thórramh,
cé nach dual don tor
'bheith aibí
i Meán an Fhómhair.

Ach ní dhrannann
an bás
le cáil an duine ar
fónamh.

Tá sluaite
ar fud Chrích' Fodhla
ag tréaslú
Ros na Rún leat,
ag tráth 'bhfuil Éire
ag ceiliúradh Éirí Amach.
Mar onóir
don saol Gaelach,
d'fhág Máire Ní Thuathail
a marc. ○



Máire Ní Thuathail as Seanadh Gharráin a bhásaigh le gairid. B'as Tuar Mhic Éadaigh do Mbáire ó dhúchas.

Roinnt Saothar ó Choláiste Cholmcille

Bhí riar eile aistí agus sleachta filíochta leis an mbailiúchán seo ach cheal spáis ní rabhthas bin ann iad a chur san eagrán clóite seo de Bhiseach. Tá siad ar fáil ar líne, áfach, ar shuíomh Chumann Forbartha Chois Fharraige ag www.coisfharraige.ie.

Cairde Uair den tSaol

Ní raibh mórán suime aige sa troid ná i gcogadh. B'fhearr leis an tsíocháin is daoine ag fáil ar aghaidh le chéile nó ar a laghad iad a bheith sibhialta lena chéile. Chónaigh sé leis féin in árasán beag in aice na Life. Bhí a shaol ar fad caite aige san áit seo ach anois bhí sé as féin ann. Bhog a thuismitheoirí amach go himeall na cathrach mar gur bhuail tinneas athair Liam. Ní raibh a mháthair compordach ach oiread leis an teannas a bhí le braith sa chathair le gairid. Bhí buíon ag lorg neamhspleáchais ó na Gaill a bhí i gceannas na tíre is bhí daoine míshocair, airdeallach.

Ba leaid láidir cliste macánta croíúil é Liam. Ní raibh sé ach scór bliain d'aois. Bhí gruaig dhonn air is súile glasa. An mhaidin sin, bhí sé ar intinn aige dul isteach sa chathair le roinnt beatha úr a cheannach agus ansin cuairt a thabhairt ar a thuismitheoirí le haghaidh dinnéir. Chaith sé air a chóta agus shiúil sé amach as an teach.

Díreach tar éis dó siopa an bháicéara a fhágáil is arán úr faoina ascaill, chuala sé torann gunnaí. Thosaigh sé ag siúl níos sciobtha agus é beagán imníoch faoin am seo. Ní raibh sé ach fiche cúig nóiméad siúil ón teach. Níorbh achar fhada é ach bhí air dul síos Sráid Uí Chonaill fós. Chonaic sé duine ag rith ina threo ag éalú ó thorann na gunnaí.

Bhí Liam idir dhá chomhairle dul síos Sráid Uí Chonaill nó fanacht i bhfolach go dtí go dtitfeadh an ciúnas athair. Bhí eagla air anois agus bhí an t-allas amach tríd. Choinnigh sé air ag siúl. D'fhan sé chomh gar de na foirgnimh mhóra is a d'fhéad sé ionas nach mbeadh sé amuigh gan foscadh is piléir á gcaitheamh.

Go tobann sheas fear amach ó ursain dorais agus d'fhéach sé suas síos ar Liam. D'airigh Liam míchompordach ar an bpointe. Bhí fhios aige go mbeadh trioblóid aige leis an bhfear seo.

"An tusa a bhí ann?" a deir mo dhuine le Liam.

Ní raibh fhios ag Liam céard faoi a bhí sé ag caint.

"An tusa a bhí ann?" a dúirt an glór garbh arís. "Tá duine dár bhfir féin ag cabhrú leis na Sasanaigh, ag tabhairt ainmneacha dóibh. An tusa a bhí ann, a Liam?"

Bhí ionadh ar Liam go raibh aithne ag an bhfear seo air go dtí gur fhéach sé arís air. Cara leis a bhí ann agus iad ag dul ar scoil uair. Colm Ó Flaithearta. Buachaill ciúin a bhí ann an uair sin ach ní raibh a chosúlacht air go raibh sé ciúin a thuilleadh.

"Ní mise atá uait, a Choilm, níl mise ag iarraidh aon pháirt

a bheith agam san Éirí Amach seo."

Chuir Colm a lámh isteach ina chóta agus tharraing sé amach gunna.

Thuig Liam anois gur chreid Colm san Éirí Amach seo chomh mór gur athraigh sé a phearsantacht. Bhí an t-achrann timpeall ar a mbeirt seo ar an tsráid ag éirí níos measa.

"Caithfidh mé imeacht anois sula bhfaighidh mé sáinnithe san áit seo agus na gunnaí sin á scaoileadh," a deir Liam agus thosaigh sé ag siúl síos an tsráid faoi fhoscadh na ndoirse athair.

"Tá brón orm, a Liam, níl in ann seans a thógáil," arsa Colm agus scaoil sé le hurchar a bhí treoraithe i dtreo Liam.

*Orlaith Ní Shé, Bl. 4 Coláiste Cholmcille, Indreabhán.
Buaiteoir i gcomórtas Údarás na Gaeltachta ar théama 1916*

Na Reibiliúnaithe

Tá saighdiúir Sasanach i gcaolsráid dhorcha agus reibiliúnach ceangailte aige. Tá an saighdiúir ag fáil réidh leis an reibiliúnach a chaitheamh agus an reibiliúnach ag béiceach.

"Dún do chlab, a reibiliúnaigh lofa!"

"Níl baint agaibh leis an tír seo. Bailigh leat ar ais go Sasana," an freagra borb a fhaigheann sé.

"An bhfuil tú ag ceapadh go bhfuil mé chun fágáil chomh heasca sin? Cuimhnigh arís!"

"Ó an mar sin é anois?"

Tagann tuilleadh reibiliúnaithe timpeall an dá choirnéal, raidhfilí treoraithe i dtreo an tsaighdiúra.

"Scaoil saor é óna rópaí sin agus lean muid."

Scaoileann an saighdiúir saor an reibiliúnach, a tharraingíonn a ghunna uaidh agus a shánn roimhe é isteach i sean teach dorcha.

"Ná déan é seo. Le do thoil, ná déan!" a screadann an saighdiúir.

"Tá brón orm ach ní áit é seo d'arm Shasana."

"Fan! Fan! Cén t-ainm atá ort?"

Ag an nóiméad sin caitheann an reibiliúnach an saighdiúir. "Is mise Pádraig Mac Piarais," a d'fhreagair sé os cionn an choirp.

D'fhág siad an saighdiúir marbh sa sean teach agus d'imigh

siad amach.

Ag Ard-Oifig an Phoist tá an grúpa reibiliúnaithe tar éis teacht isteach. Tá piléir ag imeacht i ngach áit agus neart reibiliúnaithe marbh mórthimpeall. Cloiseann siad béic ó shaighdiúir Sasanach agus tagann pléasc ollmhór ó thíos staighre.

“Tá na Sasanaigh tar éis na doirse a phléascadh. Go tapa! Éirígí! Éirígí!

Éiríonn na reibiliúnaithe agus tógann siad a gcuid áiteanna. Tá meaisín ghunnaí na Sasanach ag scriosadh na háite. Tá Séamus Ó Conghaile leath mharbh ar an talamh is an áit réidh le titim. Tagann pléasc eile.

Bhí sé in am géilleadh.

*Tomás Mac Diarmada, Bl. 4, Coláiste Cholmcille,
Indreabhán.*

Buaiteoir i gcomórtas Údarás na Gaeltachta ar théama 1916.

Máirtín

Bhí Máirtín i gcroílár na troda. Bhí sé ar dhuine den bhuíon fear seo a bhí ag troid ar son shaoirse na hÉireann an Cháisc úd i 1916. Teanntaithe istigh sa bhfoirgneamh bhí piléir Sasanacha ag eitilt thar a cheann. Bhí torann millteanach óna buamaí a bhí ag pléascadh timpeall air agus bhí síon síoraí ina chluasa. Is ar éigin a bhí sé in ann a lámh a fheiceáil roimhe de bharr an méid deataigh a bhí bailithe sa halla. Bhí solas ag teacht isteach tríd na fuinneoga ach ní dheachaigh sé níos faide ná sin mar phlúch an deatach é. Bhí cosa Mháirtín ag greamú den urlár leis an bhfuil a bhí doirte air. Marach pléascadh na Sasanach bheadh cloisteáil ag Máirtín ar screadach na bhfir a bhí gortaithe. Nuair a bhuaileadh na buamaí lasfadh an spéir le lasracha móra buí, ag lasadh suas an fhoirgnimh ag an am céanna. Bhí na coirp le feiceáil aige leagtha amach ag cúl an halla.

Ag tógáil babhtaí ag gardáil na ndoirse a bhí na fir agus tháinig an uair go raibh ar Mháirtín an post a thógáil ar féin ar feadh cúpla uair a' chloig. Shín saighdiúir éigin gunna chuige, é te bruite de bharr an méid urchar a bhí caite as.

Amach le Máirtín chuig an doras agus chrom síos taobh thiar de bhord a bhí iompaithe ar a thaobh mar chosaint. D'ardaigh sé a ghunna agus thosaigh cith piléir ag teacht uaidh. An mbeadh sé fós beo an t-am seo amárach an smaoineamh a bhí ag dul trína intinn? An bhfeicfeadh sé a ghrá geal arís choíche? An mbeadh an t-ádh orthu? An mbeadh saoirse ag an tír de bharr a n-iarrachta? Nó an gcuirfeadh ceann de na piléir seo a bhí ag scinneadh thairis faoi láthair deireadh leis?

Ag Dia féin a bhí an freagra.

Oisín Ó Fátharta, Bl. 4 Coláiste Cholmcille, Indreabhán

Comhrá

Buachaill: “Cén fáth nach bhfuil tú amuigh ansin leis na saighdiúirí eile, a dheaid?”

Deaid: “Nach bhfuil tú ag iarraidh go mbeidh mé beo nuair atá tú níos sine agus do chlann féin agat?”

Buachaill: “Tá cinnte ...ach tá deaide Eoin agus Jack amuigh ag troid ar son shaoirse na tíre. Nach bhfuil tusa ag iarraidh an rud céanna?”

Deaid: “Tá fhios agat cheana féin go bhfuil mé ag iarraidh neamhspleáchais ó na Sasanaigh ach nuair a bheidh an troid thart agus na saighdiúirí básaithe teastóidh daoine fós beo le haire a thabhairt dár tír nua. An dtuigeann tú, a mhac?”

(Tagann deora le súile an bhuachalla)

Deaid: “Bhfuil rud éigin fós mícheart?”

Buachaill: “Tá mé ag iarraidh a bheith bródúil asat, ní ag rá le mo chairde go bhfuil tú sa mbaile ag déanamh tada.”

(Briseann an doras síos. Tagann Sasanaigh le gunnaí isteach. Tógann siad an deaide amach)

Buachaill: A dheaide! A dheaide! Tá mé bródúil asat. Is tusa mo dheaide! Ná tógaigí uaim é!

(Cloiseann an buachaill torann an ghunna agus feiceann sé fuil ag teacht isteach faoin doras. Fuil a dheaide atá ann.)

*Sadhbh Howlin, Bl. 4 Coláiste Cholmcille, Indreabhán.
Buaiteoir i gcomórtas Údarás na Gaeltachta ar théama 1916*

Ceist

Feiceann muid an tragóid
Feiceann muid an bás,
Ach níl fhios againn an fhadhb
Atá ina luí faoin gcás.

Pictiúir sa pháipéir,
Scéalta sa nuacht
An gceapann muid dáiríre
Nach bhfuil gach duine ar aon luach?

An bhfuil muid ar an domhan seo
Chun cogai a thosú?
Nó an bhfuil muid ann
Chun grá a leathadh?

*Becky Ní Éallaithe, Bl. 4 Coláiste Cholmcille, Indreabhán.
Buaiteoir i gcomórtas náisiúnta SNAG, 2016 ○*



Painéal Sinsir Chumann Micheál Breathnach a chaill in aghaidh Seamróga Chartúin i gcluiche Ceathrú Ceanais an Chontae i Staid an Phiarsaigh ar an 11 Meán Fómhair 2016

Ar chúl ó chlé: Cian Griallais, Coilin Ó Fátharta, Dara Mac Gearailt, Rónán Mac Donnacha, Diarmaid Ó Finnneadha, Máirtín Ó Cualáin, Gearóid Ó Finnneadha, Rónán Ó Beoláin, Seán Comerford, Keith Ó Donnachú, Séamus Ó Maoileoin, Micheál Breathnach, Ciarán Ó Cadhain, Eamonn Mac Mánaís.

Tosaigh ó chlé: Peadar Ó Cionnaith, Gearóid Ó Fátharta, Fiach Ó Béarra, Jack Mac Giolla Bhride, Brian Ó Maoileoin, Barry Bán Ó Conghaile, Cian Ó Gríofa, Joe Ó Conaire, Caoimhín Ó Maoileoin, Pádraig Ó Conghaile, Dinny Ó hEallaithe, Peadar Ó Gríofa.



Foireann Camógaí Sóisear 2016 Chois Farraige a chuaigh chomh fada le Cluiche Leath Ceannais an Chontae

Ar chúl ó chlé: Máirín Ní Chonghaile, Niamh Ní Mhaoileoin, Aisling Ní Chonchúir, Sadhbh Ní Cheallaigh, Sorcha Ní Fhrighil, Caitríona Ní Churraoin, Anna Ní Odhráin Ní Mhurchú, Ciana Ní Churraoin, Meala Ní Choistealbha, Laoise Breathnach. Tosaigh ó chlé: Tiffány Ní Choistealbha, Áine Ní Dhubhghaill, Léan Breathnach, Teresa Ní Chadhain, Sorcha Ní Bhraonáin, Becky Ní Éallaithe, Dearbhail Ní Chaoimh, Philomena Ní Fhlatharta, Laura Ní Eimhrín, Fionnuala Gronnell.



Iománaithe Chumann Micheál Breathnach agus lucht Camanachd na hAlban ag dul chun páirce dá gcluiche bliantúil ar Pháirc an Cnoic i dtús an fhómhair



*Foireann Sóisear Iomána Chumann Micheál Breathnach a bhuaíl Saigheán i gCluiche Ceannais an Chontae
ar an Sathrín, 15 Deireadh Fómhair 2016, a inníodh ar Pháirc Kenny, Baile Átha an Rí*

Ar chúl ó chlé: Éinne Ó Conghaile, Séamus Ó Fátharta, Gearóid Ó Conghaile, Máirtín Ó Neachtáin, Marc Ó Duibhir,

Pádraic Mac Giolla Bhride, Breandán Ó Conghaile, Jack Mac Giolla Bhride, Cian Mac Giolla Bhride,

Kevin Óg Ó Conghaile, Oisín Ó Ceallaigh, Rónán Ó Maoláin, Ruadhán Ó Béarra.

Chun tosaigh ó chlé: Dinny Ó hÉallaithe, Macdara Ó Béarra, Ruairí Óg Ó Béarra, Cárthach Breathnach,

Fionntán Ó Tuathail, Maidhc Ó Conghaile, Seán Chóil Ó Féinneadha, Cian Gríallais, Antaine Ó Féinneadha,

Fiach Ó Béarra, Adrian Ó Tuathail (Capt).



Foireann Peile Ban Chumann Miceál Breatnach 2016, buaiteoirí Sciath Sóisear an Chontae i mbliana

Ar chúl ó chlé: Steve Mannion (Bainisteoir), Christine Nic Ghiolla Choinnigh, Orla Ní Dhioráin, Ciana Ní Churraoin, Cairtróna Ní Churraoin, Sinéad Ní Mhaoláin, Meala Ní Choistealbha, Aoife Nic Ghiolla Choinnigh, Eimear Ní Bhíadhá, Eileanóir Ní Fhéimeadha, Niamh Ní Chonaill, Saoirse Howlin.

Tosaigh ó chlé: Caoimhe Ní Choistealbha, Léan Breatnach, Áine Ní Mhaoláin, Sadhbh Ní Cheallaigh, Bernadette Ní Fhéimeadha, Mary Ní Fhéimeadha, Éimear Nic Dhonncha, Becky Ní Éallaithe, Sadhbh Howlin, Majella Nic Dhonnacha.

Boscaí na Gaeltachta san Olltoghchán 2016

	Charity, James (Nspl)	Connolly, Cathrin (Nspl)	Connolly, John (FF)	Cubbard, Mike (Nspl)	Cuiv, Eamon Ó (FF)	Daveron, Niamh (Renua)	Fecney, (Nspl)	Grealish, Noel (Nspl)	Healy-Eames, (Napl)	Hoade, Mary (FF)	Holahan, Tommy (AAA/PBP)	Kyne, Seán (FG)	Naughton, Hildegard (FG)	Nolan, Derek (LO)	Ó Clocharaigh, Trevor (SF)	O'Mahony, John (FG)	Ó Néill, Ruairí (DDI)	Ó Tuathail, Niall (SD)	Roddy, Tommy (Nspl)	Sheridan, (Glas)	Iomlán a Cainteacdh
Cill Rónáin	1	18	3	1	83		0	2	1	1	0	14	1	0	28	2	0	5	0	3	163
Fearann an Choirce	0	21	0	0	86	1	0	0	2	0	0	8	0	2	15	1	0	0	0	0	136
Inis Oírr	0	8	0	0	99	0	0	10	0	1	1	4	0	8	11	0	0	5	0	1	148
Inis Meáin	0	4	0	0	65	0	0	0	0	0	0	6	1	1	16	1	0	0	0	0	94
An Fhairche	1	3	3	0	186	3	0	4	2	16	1	21	2	2	18	44	0	8	3	5	322
Corr na Móna	2	7	1	0	183	1	0	7	3	4	2	37	1	2	24	9	0	4	0	1	288
Cloch Bhreac	0	0	0	0	93	0	0	4	1	5	0	2	0	0	9	11	0	2	1	1	129
An Caiseal	1	2	3	0	99	1	0	9	3	1	0	26	2	1	16	5	0	2	0	2	173
An Aird Thiar	— Níl Aon Cuntas —																				0
Carna	1	8	1	0	131	2	0	3	1	2	0	31	0	1	55	3	5	0	1	2	247
An Aird Mhóir	3	16	3	0	155	0	0	0	1	0	2	19	2	3	102	1	0	7	1	0	315
Loch Con Aortha	2	3	1	0	66	0	0	1	0	1	0	5	0	0	39	0	1	5	1	0	125
Ros Muc	0	11	1	0	121	1	0	4	0	0	0	12	0	0	72	1	2	1	2	0	228
Camas	0	17	1	0	108	0	0	1	0	1	0	14	2	1	59	0	0	1	1	5	211
Tír an Fhia 2	1	24	5	0	148	0	1	2	0	0	0	20	0	2	89	1	0	0	1	0	294
Tír an Fhia 1	1	11	3	0	129	2	0	1	0	0	1	40	0	1	77	1	0	4	0	0	271
Leitir Mealláin	0	12	4	0	71	6	0	2	1	0	1	33	0	0	31	0	0	0	0	0	161
Leitir Mór	0	25	7	0	130	1	0	3	0	1	1	41	2	5	120	4	0	6	0	0	346
An Tuairín	0	7	2	7	103	0	0	1	0	0	0	22	3	0	85	2	0	3	0	3	238
An Cheathrú Rua 3	0	13	7	2	110	0	0	3	2	0	1	12	1	1	191	0	0	2	0	2	347
An Cheathrú Rua 2	0	24	12	1	96	4	0	0	3	1	3	26	1	3	172	2	0	5	1	3	357
An Cheathrú Rua 1	2	37	21	0	116	1	0	2	0	2	3	41	0	3	209	6	1	8	1	3	456
Ros an Mhíl	0	22	13	1	154	1	0	3	5	0	0	27	0	0	93	2	1	5	0	2	329
An Tulaigh	0	38	12	3	193	5	0	5	0	5	2	27	2	0	97	6	0	13	1	3	412
Sailearna 2	0	45	0	0	124	1	0	7	4	1	7	26	7	18	80	6	1	19	1	21	368
Sailearna 1	0	57	8	1	111	3	0	8	3	0	5	33	2	5	86	3	0	15	0	10	350
An Spidéal 3	0	30	15	1	135	2	0	9	3	3	7	62	10	8	70	7	0	18	0	7	387
An Spidéal 2	0	46	32	0	128	0	0	12	0	0	0	48	7	6	87	9	0	2	0	4	381
An Spidéal 1	1	49	14	1	110	2	1	13	2	4	5	55	12	15	77	14	0	24	2	19	420
Na Forbacha 2	2	30	36	2	40	6	0	9	1	0	6	29	6	9	26	9	5	14	3	14	247
Na Forbacha 1	1	41	23	5	55	5	0	16	2	1	8	57	12	13	21	13	1	13	6	18	311
Bearna 3	4	32	69	2	33	11	0	23	2	0	6	44	30	24	21	17	0	22	1	14	355
Baile Nua	2	17	24	5	88	8	0	27	4	0	7	101	3	8	21	2	1	13	0	5	336
Maigh Cuilinn 5	0	4	3	3	33	1	0	10	2	0	3	45	1	4	10	0	0	0	0	1	120
Maigh Cuilinn 4	1	11	28	4	58	4	0	13	10	4	5	168	8	15	14	1	2	40	2	9	397
Maigh Cuilinn 3	1	13	10	2	34	3	0	15	6	4	9	69	0	16	3	5	0	8	0	5	203
Maigh Cuilinn 2	2	25	19	2	60	5	1	16	5	3	8	220	17	16	18	1	0	16	3	12	449
Maigh Cuilinn 1	4	29	12	7	43	3	0	13	12	0	3	211	12	13	27	7	1	35	0	18	450
Bearna 2	6	36	76	5	33	6	0	31	2	4	3	49	43	22	15	22	1	32	0	14	400
Bearna 1	4	29	74	2	40	5	0	22	2	2	1	69	32	20	18	23	0	25	6	17	391